Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Eanáir 2025**
**(OR. en)**

**11949/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0465(NLE)**

**ATO 52**
**ENV 760**
**IND 350**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena bhformheastar rialachán ón gCoimisiún (Euratom) maidir le coimircí Euratom a chur i bhfeidhm |

**CINNEADH (Euratom) …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena bhformheastar rialachán ón gCoimisiún maidir le coimircí Euratom a chur i bhfeidhm**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 79 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Tá sé tábhachtach na ceanglais a fhorchuirtear le Rialachán (Euratom) Uimh. 302/2005 ón gCoimisiún[1] a choimeád i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair agus le forbairtí i réimsí na teicneolaíochta núicléiche agus faisnéise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

1 Rialachán (Euratom) Uimh. 302/2005 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2005 maidir lecoimircí Euratom a chur i bhfeidhm (IO L 54, 28.2.2005, lch. 1)..

*Airteagal Aonair*

Formheastar leis seo an dréachtrialachán ón gCoimisiún maidir le coimircí Euratom a chur i bhfeidhm.

Tá téacs an dréachtrialacháin i gceangal leis an gCinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**IARSCRÍBHINN**

(dréacht)

**RIALACHÁN (Euratom) XXXX/YY ÓN gCOIMISIÚN**

**an […]**

maidir le coimircí Euratom a chur i bhfeidhm

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagail 77, 78, 79 agus 81 de,

Ag féachaint don fhormheas ón gComhairle[1][+],

---

[1] Cinneadh ón gComhairle (Euratom) …/…(IO L ...)

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta, teideal agus tagairt IO an Chinnidh atá i ndoiciméid ST 11949/24 san fhonóta.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (Euratom) Uimh. 302/2005 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2005[2], sainítear cineál agus scóip na gceanglas dá dtagraítear in Airteagail 78 agus 79 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (dá ngairtear 'an Conradh' anseo feasta).

(2) I bhfianaise cainníochtaí na n-ábhar núicléach a tháirgtear, a úsáidtear, a iompraítear, a athchúrsáiltear agus a ainmnítear lena ndiúscairt sa Chomhphobal a bheith ag dul i méid, agus i bhfianaise fhorbairt thrádáil na n-ábhar sin, tá sé fíor-riachtanach éifeachtacht agus éifeachtúlacht na gcoimircí a áirithiú. Ba cheart, dá bhrí sin, cineál agus scóip na gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 79 den Chonradh agus a leagtar amach i Rialachán (Euratom) Uimh. 302/2005 a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí, i réimse na teicneolaíochta núicléiche agus i réimse theicneolaíocht na faisnéise go háirithe.

[2] Rialachán (Euratom) Uimh. 302/2005 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2005 maidir coimircí Euratom a chur i bhfeidhm (IO L 54, 28.2.2005, lch. 1).

(3) Tá an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn agus an Comhphobal ina bpáirtithe i gComhaontú 78/164/Euratom[3] in éineacht leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach chun Airteagal III(1) agus (4) den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach a chur chun feidhme. Tháinig Comhaontú 78/164/Euratom i bhfeidhm an 21 Feabhra 1977. Cuireadh forlíonadh leis ina dhiaidh sin Prótacal Breise 1999/188/Euratom[4], a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2004.

(4) Tá gealltanas áirithe i gComhaontú 78/164/Euratom arna dhéanamh ag an gComhphobal maidir le feidhmiú coimircí i leith bunábhar agus ábhair ineamhnaithe speisialta i gcríocha Stáit nach bhfuil airm núicléacha dá gcuid féin acu agus ar páirtithe iad sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach.

(5) Is toradh iad na nósanna imeachta a shonraítear i gComhaontú 78/164/Euratom ar chaibidlíocht fhorleathan idirnáisiúnta leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach maidir le hAirteagal III(1) agus (4) den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach a chur i bhfeidhm. Rinne Bord Gobharnóirí na Gníomhaireachta sin na nósanna imeachta sin a fhormheas.

---

[3] Comhaontú 78/164/Euratom idir Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Éire, Poblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do fhuinneamh Adamhach chun Airteagal III (1) agus (4) den Chonradh in aghaidh iomadú núicléach a chur i bhfeidhm (IO L 51, 22.2.1978, lch. 1).

[4] Prótacal Breise 1999/188/Euratom a ghabhann leis an gComhaontú idir Poblacht na hOstaire, Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht na Fionlainne, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Phoblacht Heilléanach, Éire, Poblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hIsiltíre, Poblacht na Portaingéile, Ríocht na Spáinne, Ríocht na Sualainne, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach d'fhonn Airteagal III (1) agus (4) den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach a Chur chun Feidhme* (IO L 67, 13.3.1999, lch. 1).

(6) Is páirtithe iad an Comhphobal, an Fhrainc agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach i gComhaontú maidir le coimircí a chur i bhfeidhm sa Fhrainc[5]. Tháinig an Comhaontú sin i bhfeidhm an 12 Meán Fómhair 1981. Forlíonadh é le Prótacal Breise[6], a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2004.

(7) I gcríoch na Fraince tá suiteálacha nó codanna de shuiteálacha chomh maith le hábhair ar leith a d'fhéadfadh a bheith in úsáid sa timthriall táirgthe chun críche cosanta. Níor mhiste nósanna imeachta speisialta coimirce a chur i bhfeidhm dá réir sin chun na cúinsí sin a chur san áireamh.

(8) Is é is Comhaontuithe um Chomhar Núicléach ann comhaontuithe um chomhar maidir le húsáid shíochánta fuinnimh núicléach arna ndéanamh idir an Comhphobal agus tríú tíortha. Is é is aidhm dóibh éascú a dhéanamh ar thrádáil núicléach, taighde agus forbairt, nó gníomhaíochtaí comhoibritheacha eile atá ina n-ábhar leasa fhrithpháirtigh ag na páirtithe i ndáil le húsáid shíochánta fuinnimh núicléach, agus gealltanais agus beartais an Chomhphobail á gcomhlíonadh. Faoi Airteagal 77(b) den Chonradh, ba cheart don Choimisiún a dheimhniú dó féin go gcomhlíontar, ar chríocha na mBallstát, na forálacha a bhaineann le soláthar agus aon oibleagáid áirithe i ndáil le coimircí a ghlac an Comhphobal air féin faoi chomhaontú den sórt sin. Tugtar aghaidh sa Rialachán seo ar ghnéithe sonracha a bhaineann le tuairisciú ábhar núicléach mar a shonraítear i gComhaontuithe áirithe um Chomhar Núicléach, ach ní chumhdaítear leis aon ábhar seachas ábhar núicléach.

---

5 Comhaontú idir an Fhrainc, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach maidir le coimircí a chur i bhfeidhm san Fhrainc , (Ciorclán faisnéise INFCIRC/290 ón Nollaig 1981).

6 Prótacal Breise ar Chomhaontú idir an Fhrainc, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach maidir le coimircí a chur i bhfeidhm san Fhrainc (Ciorclán faisnéise INFCIRC/290/Add.1 an 24 Feabhra 2005).

(9) Chun éifeachtacht coimircí a áirithiú, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfar gné na gcoimircí a ionchorprú go luath sna próisis phleanála agus deartha le haghaidh suiteálacha nua agus le haghaidh mór-mhodhnuithe agus díchoimisiúnú ar shuiteálacha atá ann cheana.

(10) Chun éifeachtúlacht coimircí a áirithiú, le cineál agus méid na gceanglas maidir le hábhar núicléach a thuairisciú agus airíonna bunúsacha teicniúla suiteálacha a dhearbhú, ba cheart oiriúnacht an ábhair núicléach agus na suiteála atá le húsáid chun críoch nach bhfuil síochánta a chur san áireamh, gan dochar d'aon oibleagáid coimirce áirithe a ghlac an Comhphobal air féin faoi chomhaontú arna dhéanamh le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta.

(11) Leis an Teachtaireacht chuig an gCoimisiún an 30 Meitheamh 2022, 'Straitéis Dhigiteach an Choimisiúin Eorpaigh - Coimisiún Digiteach den chéad ghlúin eile[7] leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé rochtain ar shonraí agus malartú sonraí idir an Coimisiún agus na Ballstáit a struchtúrú. Mar chuid den straitéis sin, féachann an Coimisiún leis an idirghníomhaíocht dhigiteach trasteorann, an idir-inoibritheacht agus nuachóiriú digiteach riarachán poiblí a chumasú. Ina fhianaise sin agus chun éifeachtúlacht na gcoimircí a fheabhsú, ba cheart tuarascálacha agus dearbhuithe a chur isteach go leictreonach.

(12) Ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le cur chuige níos grádaithe agus, dá bhrí sin, maidir leis an ualach a laghdú d'oibreoirí. I gcás inarb ábhartha, áirítear forálacha éagsúla ar fud an Rialacháin seo, i gcomhréir le luach straitéiseach na n-ábhar núicléach agus suiteálacha agus gníomhaíochtaí gaolmhara.

---

[7] C(2022)4388 final,.

(13) Na forálacha maidir le rialacha slándála a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún[8] agus i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún[9], ba cheart feidhm a bheith acu maidir le faisnéis a fhaightear faoin Rialachán seo gan dochar do Rialachán (Euratom) Uimh. 3 an 31 Iúil 1958[10].

(14) Ba cheart don Choimisiún gach iarracht a dhéanamh rúin tráchtála, theicneolaíocha agus thionsclaíocha chomh maith le faisnéis rúnda eile a fhaigheann sé amach agus an Rialachán seo á chur chur i bhfeidhm a chosaint.

(15) Ba cheart na cigireachtaí agus na gníomhaíochtaí eile a bhaineann le coimircí a dhéanann cigirí an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagail 81 agus 82 den Chonradh a theorannú do bhaint amach na gcuspóirí faoi Chaibidil VII den Chonradh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa dara fomhír dena Airteagal .

(16) Ba cheart don Choimisiún aiseolas tráthúil ábhartha a sholáthar maidir leis an bhfaisnéis arna soláthar ag oibreoirí, amhail, an liosta suiteáil-shonrach de threalamh fíor-riachtanach agus de struchtúir iarmharacha. Ós rud é nach ar an gCoimisiún amháin a bhraitheann sé sin i mórán cásanna, ba cheart don Choimisiún a dhícheall a dhéanamh an t-aiseolas is gá a fháil ó thríú páirtithe, de réir mar is infheidhme, agus é a roinnt leis na hoibreoirí agus leis an mBallstát lena mbaineann.

---

8 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

9 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

10 Rialachán (Euratom) ón gComhairle an 31 Iúil 1958 lena ndéantar Airteagal 24 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a chur chun feidhme (IO 17, 6.10.1958, lch. 406).

(17) Tá sé tábhachtach go mbeadh forálacha coimirce áirithe agus cothrom le dáta ag suiteálacha ábhartha chun coimircí a chur chun feidhme. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart don Choimisiún leanúint d'fhorálacha coimirce áirithe a ghlacadh tar éis dlúthchomhairle a dhéanamh leis na hoibreoirí agus leis na Ballstáit lena mbaineann, agus aird ar leith á tabhairt aige le háirithiú go bhfuil siad cothrom le dáta. A mhéid is féidir, ba cheart don Choimisiún a dhícheall a dhéanamh forálacha coimirce áirithe a ghlacadh sula gcuirtear tús lena oibríochtaí.

(18) Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo laistigh de 10 mbliana tar éis a theacht i bhfeidhm i bhfianaise an dul chun cinn theicneolaíoch sa tionscal núicléach agus forbairtí i dteicneolaíochtaí faisnéise. Faoi imthosca speisialta, áfach, b'fhéidir gur ghá an Rialachán seo a athbhreithniú roimh an meastóireacht sin, ionas go gcomhlíonfar, mar shampla, aon oibleagáid coimirce áirithe a ghlac an Comhphobal air féin faoi chomhaontú arna dhéanamh le tríú Stát nó le heagraíocht idirnáisiúnta.

(19) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán (Euratom) Uimh. 302/2005 ón gCoimisiún a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I
# Raon Feidhme agus Sainmhínithe

*Airteagal 1*
*Raon Feidhme*

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haon duine nó le haon ghnóthas a dhéanfaidh suiteáil a bhunú nó a oibriú chun ábhar núicléach a tháirgeadh, a dheighilt, a athphróiseáil, a stóráil, a dhiúscairt nó a úsáid ar bhealach eile.

Ní bheidh feidhm aige maidir le sealbhóirí táirgí deiridh, mar shampla cóimhiotail nó ceirmigh, a úsáidtear chun críoch neamhnúicléach agus ina bhfuil ábhair núicléacha atá do-aisghabhála go praiticiúil, ná maidir le sealbhóirí ábhar mianrach, seachas mianta, agus substaintí próiseáilte gaolmhara, a úsáidtear chun críoch neamhnúicléach agus nach n-úsáidtear chun bunábhar a fháil.

*Airteagal 2*
*Sainmhínithe*

Chun críche an Rialacháin seo:

(1) ciallaíonn 'Ballstáit nach bhfuil airm núicléacha acu' an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn;

(2) ciallaíonn 'Ballstát a bhfuil airm núicléacha aige' an Fhrainc;

(3) ciallaíonn ‘tríú tír’ aon Stát nach comhalta é den Chomhphobal;

(4) ciallaíonn ‘ábhar núicléach’ mianta, bunábhair nó ábhair ineamhnaithe speisialta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 197 den Chonradh;

(5). ciallaíonn ‘mianta’ mianta mar a shainmhínítear in Airteagal 197, pointe 4, den Chonradh agus mar a shonraítear i Rialachán Uimh. 9 ó Chomhairle CEFA[11] iad;

(6) is é is ‘catagóirí’ (d’ábhar núicléach) ann úráiniam nádúrtha, úráiniam ídithe, úráiniam arna shaibhriú níos lú ná 20 % in úráiniam-235 nó úráiniam-233, úráiniam arna shaibhriú 20 % nó os a chionn in úráiniam 235 nó úráiniam-233, tóiriam, plútóiniam agus aon ábhar eile a shonraíonn an Chomhairle i gcomhréir le forálacha Airteagal 197 den Chonradh;

(7) ciallaíonn ‘dramhaíl’ ábhar núicléach i dtiúchan nó i bhfoirmeacha a fhágann nach féidir an t-ábhar núicléach a aisghabháil ar chúiseanna praiticiúla nó eacnamaíocha, nach mbeartaítear tuilleadh úsáide a bhaint as agus a fhéadfar a dhiúscairt;

(8) ciallaíonn ‘dramhaíl choinnithe’ dramhaíl a ghintear ó phróiseáil nó ó thimpiste oibriúcháin, is é sin arna tomhas nó arna meas ar bhonn tomhas, a aistríodh chuig suíomh sonrach sa limistéar maischothromaíochta agus a stóráiltear ann óna bhféadfar í a aisfháil, agus a mheastar a bheith do-aisghabhála faoi láthair;

(9) ciallaíonn ‘dramhaíl chóirithe’ dramhaíl ina ndearnadh ábhar núicléach, arna thomhas nó arna mheas ar bhonn tomhas, a chóiriú ar bhealach (i ngloine, i stroighin, i gcoincréit nó i mbiotúman, mar shampla) a fhágann nach n-oireann sé a thuilleadh don úsáid núicléach;

---

[11] Rialachán Uimh. 9 ó Chomhairle CEFA lena sainmhínítear na comhchruinnithe i mianta mar a fhoráiltear in Airteagal 197 (4) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO 12, 22.2.1960, lch. 482).

(10) ciallaíonn 'dramhaíl aischurtha sa chomhshaol' ábhar núicléach, arna thomhas nó arna mheas ar bhonn tomhas, a aischuireadh sa chomhshaol go neamh-inchúlghairthe trína sceitheadh pleanáilte agus ar bhealach a fhágann nach bhfuil sé oiriúnach tuilleadh úsáide a bhaint as;

(11) ciallaíonn 'diúscairt' dramhaíl, breosla spíonta nó aon ábhar núicléach eile a ionláithriú i suiteáil gan é a bheith beartaithe í nó é a athfháil;

(12) ciallaíonn 'breosla spíonta' breosla núicléach a rinneadh ionradú air i gcroí imoibreora agus a baineadh amach as go buan; féadfar breosla spíonta a mheas mar acmhainn inúsáidte is féidir a athphróiseáil nó a fhéadfar a dhiúscairt mura mbeartaítear tuilleadh úsáide a bhaint as;

(13). ciallaíonn 'earra' aonad inaitheanta ar nós cóimeáil bhreosla nó pionna breosla;

(14) ciallaíonn 'baisc' cion d'ábhar núicléach a láimhseáiltear mar aonad chun críocha cuntasaíochta ag príomhphointe tomhais agus a shainítear le haon tacar amháin sonraíochtaí nó tomhas maidir le comhdhéanamh agus cainníocht de. Féadfaidh an t-ábhar núicléach a bheith i mbuilc nó a bheith mar chuid de roinnt earraí ar leith;

(15) ciallaíonn 'sonraí baisce' meáchan iomlán gach catagóire d'ábhar núicléach agus, i gcás plútóiniam agus úráiniam, an comhdhéanamh iseatópach más iomchuí. Déanfar meáchain earraí aonair sa bhaisc a shuimiú le chéile chun críche tuairiscithe, agus an tsuim a shlánú go dtí an t-aonad is gaire;

(16) is aonad speisialta é an 'cileagram éifeachtach' a úsáidtear i gcomhthéacs ábhar núicléach a chosaint, agus is mar seo a leanas a bhunaítear é:

(a) i gcás plútóiniam, a mheáchan i gcileagraim;

(b) i gcás úráiniam le saibhriú 0.01 (1 %) agus os a chionn, a mheáchan i gcileagraim méadaithe faoi chearnóg an tsaibhrithe;

(c) i gcás úráiniam le saibhriú faoi bhun 0.01 (1 %) agus os cionn 0.005 (0.5 %), a mheáchan i gcileagraim méadaithe faoi 0.0001;

agus

(d) i gcás le húráiniam ídithe le saibhriú 0.005 (0.5 %) nó níos lú, agus i gcás tóiriam, a mheáchan i gcileagraim méadaithe faoi 0.00005;

(17) ciallaíonn 'limistéar maischothromaíochta' limistéar ina bhfuil an méid seo a leanas i gceist, ar mhaithe leis an maischothromaíocht a bhunú:

(a) go bhféadfar an chainníocht d'ábhar núicléach i ngach aistriú isteach i ngach limistéar maischothromaíochta nó amach as a chinneadh;

agus

(b) go bhféadfar an fardal fisiceach d'ábhar núicléach i ngach limistéar maischothromaíochta a chinneadh nuair is gá i gcomhréir le nósanna imeachta sonraithe;

(18) ciallaíonn 'príomhphointe tomhais' suíomh ar a bhfuil an t-ábhar núicléach i riocht ina bhféadfar é a thomhas chun sreabhadh ábhair a chinneadh nó fardal a bhunú, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do, na háiteanna a dtagann ábhar núicléach isteach i limistéir mhaischothromaíochta, na háiteanna a n-imíonn sé amach astu nó na háiteanna i limistéir mhaischothromaíochta ina stóráiltear é;

(19) ciallaíonn 'fardal de réir na leabhar' limistéir maischothromaíochta, suim ailgéabrach an fhardail fhisicigh is déanaí de cuid an limistéir maischothromaíochta sin, agus na n-athruithe ar fhardail ar fad a tharla ó rinneadh an fardal fisiceach sin;

(20) ciallaíonn 'fardal fisiceach' suim na gcainníochtaí baisce ar fad arna dtomhas, nó meastacháin a rinneadh ar chainníochtaí baisce den ábhar núicléach ar láimh ag am áirithe i limistéar maischothromaíochta, suim a fuarthas i gcomhréir le nósanna imeachta sonraithe;

(21) ciallaíonn 'ábhar gan tásc' an difríocht idir an fardal fisiceach agus an fardal de réir na leabhar;

(22) ciallaíonn 'difríocht seoltóra/faighteora' an difríocht idir an chainníocht d'ábhar núicléach i mbaisc arna tomhas sa limistéar maischothromaíochta is faighteoir agus an chainníocht atá luaite ag an limistéar maischothromaíochta is seoltóir;

(23) ciallaíonn 'sonraí foinseacha' na sonraí sin, a taifeadadh le linn tomhais nó calabrúcháin nó a úsáideadh chun coibhnis eimpíreacha a dhíorthú, ar sonraí iad a shainaithníonn ábhar núicléach agus a sholáthraíonn sonraí baisce, lena n-áirítear: meáchan na gcomhdhúl; comhéifeachtaí tiontúcháin chun meáchan dúile a bhunú; sainmheáchan; tiúchan dúile; cóimheasa iseatópacha; an gaol idir toirt agus léamha manaiméadair; agus an coibhneas idir an plútóiniam a táirgeadh agus an chumhacht a gineadh;

(24) ciallaíonn 'suíomh' limistéar arna threoir-mharcáil ag an gComhphobal agus ag an mBallstát nach bhfuil airm núicléacha aige, ina bhfuil suiteáil amháin nó níos mó, lena n-áirítear suiteálacha dúnta, mar a shainítear ina gcuid airíonna bunúsacha teicniúla ábhartha, lena mbaineann an méid seo a leanas:

(a) i gcás suiteáil dhúnta mar a mbíodh bunábhar nó ábhar ineamhnaithe speisialta in úsáid i gcainníochtaí níos lú ná aon chileagram éifeachtach, go dteorannaítear brí 'suíomh' do shuíomhanna a mbíodh teo-chealla iontu nó ina mbíodh gníomhaíochtaí ar siúl a bhain le tiontúchán, saibhriú, monarú breosla nó athphróiseáil;

(b) go bhfolaítear le 'suíomh' freisin na gléasraí ar fad ar aon láthair leis na suiteálacha a chuireann seirbhísí riachtanacha ar fáil nó a úsáideann iad, lena n-áirítear teo-chealla chun ábhair ionradaithe nach bhfuil ábhar núicléach iontu a phróiseáil; gléasraí chun dramhaíl a chóireáil, a stóráil agus a dhiúscairt; agus foirgnimh a mbaineann gníomhaíochtaí leo a shonraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Prótacal Breise 1999/188/Euratom agus iad arna sainaithint ag an Stát lena mbaineann;

(c) i gcás Suíomh náisiúnta Lasmuigh de Shaoráid, féadfar na sealbhóirí uile a bhfuil méideanna beaga ábhair núicléach acu a áireamh le chéile mar aon suíomh amháin;

(25) ciallaíonn 'teo-cheall' ceall nó cealla idirnasctha ag a bhfuil toirt 6 $m^3$ ar a laghad, a bhfuil a sciathadh cothrom le méid atá coibhéiseach le 0,5 m de choincréit nó níos mó, ag a bhfuil dlús 3,2g/$cm^3$ nó níos mó, agus atá feistithe le trealamh le haghaidh cianoibríochtaí;

(26) ciallaíonn 'ionadaí suímh' aon duine, aon ghnóthas nó aon eintiteas arna ainmniú ag an mBallstát nach bhfuil airm núicléacha aige chun bheith freagrach as na dearbhuithe dá dtagraítear in Airteagal 6(1);

(27) ciallaíonn 'suiteáil', ón gcéim phleanála go dtí go ndearbhaítear é nó í a bheith díchoimisiúnaithe:

(a) imoibreoir, suiteáil chriticiúil, gléasra tiontúcháin, gléasra monarúcháin, gléasra athphróiseála, gléasra um dheighilt iseatóp, suiteáil stórála ar leithligh, gléasra imchochlúcháin, stór geolaíoch, suiteáil cóireála dramhaíola, stórála dramhaíola nó diúscartha dramhaíola nó aon suíomh eile ina ndéantar bunábhar nó ábhar ineamhnaithe speisialta a choinneáil nó a úsáid de ghnáth i méideanna is mó ná aon chileagram éifeachtach;

(b) aon Suíomh Lasmuigh de Shaoráidí;

(c) aon suíomh i ndéantar mianta a eastóscadh, a choinneáil nó a phróiseáil, chun bunábhair a fháil;

(28) ciallaíonn 'Suíomh lasmuigh de Shaoráidí' suíomh nach gcumhdaítear faoin sainmhíniú a leagtar amach i bpointe 27(a) agus ina ndéantar bunábhar nó ábhar ineamhnaithe speisialta a choinneáil nó a úsáid de ghnáth i méideanna d'aon chileagram éifeachtach amháin nó níos lú;

(29) ciallaíonn 'Suíomh náisiúnta Lasmuigh de Shaoráidí' Suíomh Lasmuigh de Shaoráidí ar leith, arb é atá ann sealbhóirí de mhéideanna beaga ábhair núicléach i gcomhréir le critéir a chomhaontaíonn na Ballstáit ina gcoinnítear ábhar agus an Coimisiún;

(30) ciallaíonn 'Limistéar Maischothromaíochta Uileghabhálach' Suíomh Lasmuigh de Shaoráidí ar leith, arb é atá ann méideanna beaga ábhair núicléach de réir critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I-N;(31) ciallaíonn 'dúnta', i gcás ina mbeidh tagairt á déanamh do shuiteáil, gur fíoraíodh gur cuireadh deireadh lena hoibríochtaí agus gur baineadh di an t-ábhar núicléach uile atá faoi réir choimircí Euratom;

(32) ciallaíonn 'á díchoimisiúnú', i gcás ina mbeidh tagairt á déanamh do shuiteáil, go mbíonn gníomhaíochtaí díchóimeála, nó gníomhaíochtaí aisghabhála agus bainte ábhair núicléach nó gníomhaíochtaí bainte trealaimh fhíor-riachtanaigh nó gníomhaíochtaí chun an trealamh sin a chur as feidhm ar siúl agus é d'aidhm acu an tsuiteáil a dhíchoimisiúnú;

(33) ciallaíonn ‘díchoimisiúnaithe’, i gcás ina mbeidh tagairt á déanamh do shuiteáil, gur fíoraíodh gur baineadh di an t-ábhar núicléach uile atá faoi réir choimircí Euratom agus gur baineadh nó gur cuireadh as feidhm struchtúir iarmharacha agus trealamh atá fíor-riachtanach chun an tsuiteáil a úsáid chun críoch seachas críocha diúscartha ábhair núicléach nach bhfuil faoi réir choimircí Euratom a thuilleadh sa chaoi nach féidir ábhar núicléach a phróiseáil ná a úsáid inti a thuilleadh;

34) ciallaíonn ‘oibreoir’ aon duine nó aon ghnóthas lena n-áirítear aon eagraíocht, a bhfuil sé beartaithe aige suiteáil a chur ar bun nó a oibriú nó atá freagrach go dlíthiúil as an tsuiteáil sin a chur ar bun nó a oibriú.

(35) ciallaíonn ‘prionsabal an chomhionannais’ go bhféadfar oibleagáid coimirce áirithe a bhfuil feidhm aici maidir le cainníocht d’ábhar núicléach a aistriú chuig cainníocht eile d’ábhar núicléach, faoi réir critéir chomhionannais;

(36) ciallaíonn ‘critéir chomhionannais’ critéir shonracha maidir le cainníocht, catagóir, comhdhéanamh iseatópach, foirm fhisiceach, foirm cheimiceach agus staid an ábhair núicléach atá le comhlíonadh chun prionsabal an chomhionannais a chur i bhfeidhm;

(37) ciallaíonn ‘prionsabal na comhréireachta’, i gcás ina ndéanfar ábhar núicléach atá faoi réir oibleagáid coimirce áirithe a mheascadh nó a chlaochlú i gcion ar leith le hábhar núicléach nach bhfuil faoina réir, go mbeidh an táirge, an seachtháirge, an dramhaíl nó na caillteanais a ghintear ón bpróiseáil faoi réir na hoibleagáide coimirce áirithe sa chion céanna;

(38) ciallaíonn ‘cuntasaíocht pool’ modh sonrach cuntasaíochta ina n-úsáidtear cód oibleagáide uathúil (cód pool) chun fardail de réir na leabhar agus liostaithe fardal fisiceach a dhearbhú don Choimisiún de bhun Airteagail 14 agus 15, cé go bhféadfaidh an t-ábhar núicléach a bheith faoi réir oibleagáidí coimirce áirithe éagsúla;

(39) ciallaíonn 'pool cuntasaíochta' an raon feidhme ar laistigh de a údaraíodh cur i bhfeidhm na cuntasaíochta pool i limistéar maischothromaíochta amháin nó i roinnt limistéar maischothromaíochta.

## Caibidil II

## Airíonna bunúsacha teicniúla agus forálacha coimirce áirithe

*Airteagal 3*

*Dearbhú maidir leis na hairíonna bunúsacha teicniúla*

1. Ba cheart d'oibreoirí airíonna bunúsacha teicniúla a shuiteálacha a dhearbhú don Choimisiún.

   I gcás suiteálacha dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (27)(c), tá feidhm ag forálacha Airteagail 27 agus 28.

   I gcás suiteálacha dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (29), tá feidhm ag forálacha Airteagal 37.

   I gcás suiteálacha nua dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (27)(a), cuirfear réamhdhearbhú faoi bhráid an Choimisiúin agus don Bhallstát lena mbaineann a luaithe a shaineofar na príomhroghanna dearaidh chun gur féidir gné na gcoimircí a áireamh go luath i gcéim phleanála na suiteála.

2. Aon uair a dhearbhaítear airíonna bunúsacha teicniúla don chéad uair ('dearbhú tosaigh maidir leis na hairíonna bunúsacha teicniúla') nó aon uair a thugtar cothrom le dáta iad, úsáidfear an ceistneoir ábhartha in Iarscríbhinn I chun an fhaisnéis ábhartha is infheidhme maidir leis an tsuiteáil a líonadh isteach.

3. Cuirfear an dearbhú maidir leis na hairíonna bunúsacha teicniúla isteach go leictreonach.

4. Tarchuirfidh cigirí an Choimisiúin na barúlacha tosaigh, lena n-áirítear barúlacha maidir le trealamh fíor-riachtanach, i gcás inarb infheidhme, nó iarrfaidh siad faisnéis bhreise tosaigh laistigh de 6 mhí tar éis dhearbhú an oibreora maidir leis na hairíonna bunúsacha teicniúla. Arna iarraidh sin, soláthrófar don Choimisiún laistigh de 30 lá, nó laistigh de thráthchlár comhaontaithe eile tuilleadh mínithe i ndáil leis an bhfaisnéis a chuirtear isteach sa dearbhú maidir leis na hairíonna bunúsacha teicniúla.

*Airteagal 4*

*Teorainneacha ama leis an dearbhú tosaigh maidir leis na hairíonna bunúsacha teicniúla*

1. Cuirfear an dearbhú iomlán maidir le hairíonna bunúsacha teicniúla suiteálacha nua faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 3(1), 200 lá ar a laghad sula mbeidh an chéad choinsíneacht d'ábhar núicléach ag teacht.

2. I gcás suiteálacha nua dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (27)(a), déanfar an fhaisnéis go léir atá ar fáil agus a bhaineann leis an úinéir, an oibreoir, an suíomh, cuspóir agus cineál na suiteála, an toilleadh, chomh maith leis an bhfaisnéis réamhoibríochta, a chur in iúl don Choimisiún a luaithe a bheidh an fhaisnéis ar fáil nó laistigh de thréimhse ama éagsúil arna comhaontú ag an oibreoir, ag an mBallstát agus ag an gCoimisiún bunaithe ar an réamhdhearbhú maidir leis na hairíonna bunúsacha teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1) an ceathrú fomhír, ar tréimhse í nach déanaí ná an chéad uair a chuirfear an t-iarratas faoi bhráid cheadúnas foirgníochta.

   Le gur fusa gné na gcoimircí a chur san áireamh go luath sa phróiseas deartha suiteálacha, féadfar cineál agus foirm an ábhair núicléach agus an tréchur measta agus na fardail mheasta, chomh maith le líníochtaí lena léirítear na sreabha measta agus stóráil ábhar núicléach a sholáthar don Choimisiún mar chuid den fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

3. Aon oibreoir suiteála a bheartaíonn úsáid a bhaint as teicnící chun próiseáil cheimiceach a dhéanamh ar ábhair ionradaithe, soláthróidh siad ag an am céanna leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2, aon fhaisnéis is gá chun é a chur ar a chumas don Choimisiún na teicnící sin a fhormheas, mar a cheanglaítear le hAirteagal 78 den Chonradh.

4. Déanfar faisnéis a cheanglaítear faoi mhíreanna 2 agus 3 a sholáthar i réimsí tiomnaithe an cheistneora ábhartha in Iarscríbhinn I.

5. Déanfaidh aon oibreoir suiteála ar chríoch na Stát a aontaíonn don Aontas Eorpach airíonna bunúsacha teicniúla na suiteála sin a dhearbhú don Choimisiún laistigh de 30 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo sa Stát sin, nó laistigh de thráthchlár comhaontaithe eile.

*Airteagal 5*

*Dearbhú maidir le hathruithe ar na hairíonna bunúsacha teicniúla*

1. Déanfar athruithe suntasacha ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus 4(3) a a dhearbhú don Choimisiún agus don Bhallstát ábhartha in aon chás ina modhnófar dearadh na suiteála ar tugadh fógra ina leith, nó laistigh de thráthchlár comhaontaithe eile.

2. Athruithe suntasacha ar na hairíonna bunúsacha teicniúla maidir le cuspóir, cineál nó leagan amach na suiteála agus go háirithe athruithe a dhéanann difear do na bealaí rochtana chuig limistéir ina n-úsáidtear nó ina stóráiltear ábhair núicléacha, dearbhófar iad a luaithe a dhéanfar an cinneadh maidir lena gcur chun feidhme, agus tráth nach déanaí ná 20 lá sula mbeidh an obair ar an modhnú le tosú. Ceanglais bhreise maidir le hathruithe ar na hairíonna bunúsacha teicniúla atá le dearbhú roimh ré, féadfar iad a shonrú sna forálacha coimirce áirithe dá dtagraítear in Airteagal 8.

3. Athruithe ar na hairíonna bunúsacha teicniúla nach gceanglaítear réamh dhearbhú a thabhairt fúthu faoi mhír 2, dearbhófar iad laistigh de 30 lá tar éis an modhnú a bheith tugtha i gcrích.

   Déanfar pleananna díchoimisiúnúcháin agus tráthchláir lena gcur chun feidhme a dhearbhú agus úsáid á baint as réimsí tiomnaithe an cheistneora ábhartha in Iarscríbhinn I nuair a ghlacfar nó nuair a chinnfear iad, faoi seach. Dearbhófar aon nuashonrú aon uair a thiocfaidh athrú ar an bhfaisnéis a sholáthraítear sa cheistneoir.

4. I gcás ina n-athraíonn an fhaisnéis sa cheistneoir ábhartha in Iarscríbhinn I i gcaitheamh na míosa, ach sa chás sin amháin a dhearbhófar ar bhonn míosúil, faoi dheireadh na míosa dár gcionn, athruithe a thagann ar na hairíonna bunúsacha teicniúla de thoradh gníomhaíochtaí díchoimisiúnaithe.

*Airteagal 6*

*Dearbhú maidir le tuairisc ghinearálta ar an suíomh*

1. Maidir le gach Ballstát ar páirtí é i bPrótacal Breise 1999/188/Euratom, ainmneoidh sé ionadaí suímh le haghaidh gach suímh ina chríoch, ionadaí a chuirfidh dearbhú faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh tuairisc ghinearálta ar an suíomh, i gcomhréir le hIarscríbhinn II den Rialachán seo.

   Tíolacfar an dearbhú maidir le tuairisc ghinearálta ar an suíomh laistigh de 120 lá ó dháta theacht i bhfeidhm Phrótacal Breise 1999/188/Euratom sa Bhallstát a bheidh i gceistagus cuirfear nuashonrú isteach faoin 1 Aibreán gach bliain. Cuirfear an dearbhú maidir le tuairisc ghinearálta ar an suíomh agus a nuashaonruithe air isteach go leictreonach.

   Comhlíonfaidh an dearbhú maidir le tuairisc ghinearálta ar an suíomh ceanglais Airteagal 2, pointe (a), (iii) de Phrótacal Breise 1999/188/Euratom agus beidh sé ina dhearbhú ar leithligh ón dearbhú maidir leis na hairíonna bunúsacha teicniúla.

2. Cé gurb é an t-ionadaí suímh a bheidh freagrach as an bhfaisnéis ábhartha a bhailiú go tráthúil agus as dearbhú maidir tuairisc ghinearálta ar an suíomh a chur faoi bhráid an Choimisiúin, is iad na daoine nó na gnóthais a bhunaigh an tsuiteáil nó a oibríonn í a bheidh freagrach as cruinneas agus sláine na ndearbhuithe, agus is é an Ballstát a bheidh i gceist a bheidh freagrach as foirgnimh ar shuíomh nach bhfuil baint acu le hábhar núicléach.

3. Arna iarraidh sin, déanfar tuilleadh mionsonraí nó mínithe i ndáil leis an bhfaisnéis a chuirtear isteach sa dearbhú maidir le tuairisc ghinearálta ar an suíomh a sholáthar don Choimisiún laistigh de 15 lá.

*Airteagal 7*

*Clár na ngníomhaíochtaí*

1. Chun é a chur ar a chumas don Choimisiún a ghníomhaíochtaí i ndáil le coimircí a phleanáil, cuirfidh oibreoirí an fhaisnéis seo a leanas in iúl don Choimisiún go leictreonach:

(a) clár imlíneach gníomhaíochtaí ar bhonn Iarscríbhinn XI, ina léireofar, go háirithe, dátaí sealadacha chun fardal fisiceach a dhéanamh;

(b) 40 lá ar a laghad sula ndéantar fardal fisiceach, an clársceideal don obair sin.

I gcás suiteálacha dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (27)(b), soláthrófar, ar a laghad, na dátaí sealadacha ar a ndéanfar fardal fisiceach ina leith.

Déanfar athruithe a dhéanfadh difear do chlár imlíneach na ngníomhaíochtaí, agus d'fhardail fhisiceacha a dhéanamh, go háirithe, a chur in iúl don Choimisiún gan mhoill.

2. Mura sonraítear a mhalairt sna forálacha coimirce áirithe dá dtagraítear in Airteagal 8, cuirfear clár na ngníomhaíochtaí in iúl go bliantúil, tráth nach déanaí ná an 15 Samhain an bhliain roimhe sin.

*Airteagal 8*

*Forálacha coimirce áirithe*

1. Ag gníomhú dó ar bhonn dearbhú maidir leis na hairíonna bunúsacha teicniúla airíonna bunúsacha teicniúla , glacann an Coimisiún forálacha coimirce áirithe a bhaineann leis na hábhair a leagtar amach i mír 2 a ghlacadh.

Féadfar na forálacha coimirce áirithe sin a athbhreithniú arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann.

I gcás suiteálacha dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (27)(a), is trí bhíthin cinneadh ón gCoimisiún, atá dírithe ar an oibreoir lena mbaineann, a dhéantar na forálacha coimirce áirithe a tharraingt suas, agus srianta oibríochtúla agus teicniúla á gcur san áireamh agus tar éis dul i ndlúthchomhairle leis an oibreoir lena mbaineann agus leis an mBallstát ábhartha.

I gcás suiteálacha dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (27)(b), féadfar cinneadh aonair ón gCoimisiún a tharraingt suas a bheidh dírithe ar roinnt oibreoirí lena mbaineann nó orthu uile, lena leagfar amach na forálacha coimirce áirithe. Leagfar amach na forálacha coimirce áirithe sin tar éis dul i ndlúthchomhairle leis na hoibreoirí lena mbaineann agus leis an mBallstát ábhartha.

Tabharfar fógra faoi sin don oibreoir ar a mbeidh cinneadh ón gCoimisiún dírithe, agus tarchuirfear cóip den fhógra sin chuig an mBallstát ábhartha.

2. I gcás suiteálacha dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (27)(a), áireofar an méid seo a leanas sna forálacha coimirce áirithe:

(a) na limistéir mhaischothromaíochta agus na príomhphointí tomhais a roghnaítear chun sreabhadh na n-ábhar núicléach agus na stoic d'ábhair núicléacha a dheimhniú;

(b) na hathruithe ar airíonna bunúsacha teicniúla a gceanglaítear réamhfhógra a thabhairt maidir leo;

(c) na nósanna imeachta maidir le taifid ar ábhair núicléacha a choinneáil maidir le gach limistéar maischothromaíochta ar leith agus maidir le tuarascálacha a tharraingt suas;

(d) minicíocht na bhfardal fisiceach, agus na nósanna imeachta maidir le fardal fisiceach a dhéanamh, chun críocha cuntasaíochta mar chuid de na bearta coimircí;

(e)_ na bearta coimeádta agus faireachais, i gcomhréir leis na socruithe a chomhaontaítear leis an oibreoir lena mbaineann;

(f) na socruithe le haghaidh na samplála arna déanamh ag an oibreoir chun críocha coimircí, agus chun na gcríoch sin amháin;

(g) liosta an trealaimh riachtanaigh le haghaidh na suiteála.

I gcás suiteálacha dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (27)(b), féadfaidh na forálacha coimirce áirithe a bheith teoranta do phointí (a), (c) agus (d) den chéad fhomhír den mhír seo a áirithiú.

3. Féadfar an méid seo a leanas a shonrú leis na forálacha coimirce áirithe freisin:

(a) ábhar na cumarsáide ina dhiaidh sin a cheanglaítear le hAirteagal 7 nó 16;

(b) na coinníollacha faoina bhfuil feidhm ag forálacha an Rialacháin seo, go háirithe na coinníollacha faoina gceanglaítear réamhfhógra a thabhairt faoi loingsithe agus fáltais ábhair núicléach;

(c) bearta coimirce comhaontaithe eile a mheastar a bheith riachtanach chun a áirithiú nach ndéanfar ábhair núicléacha a atreorú ó na húsáidí atá beartaithe dóibh, i gcomhréir leis na socruithe leis an oibreoir lena mbaineann.

4. Maidir le costas na seirbhísí speisialta dá bhforáiltear sna forálacha coimirce áirithe nó a sholáthraítear ar iarraidh speisialta ón gCoimisiún nó óna chigirí, déanfaidh an Coimisiún é a aisíoc leis an oibreoir lena mbaineann, bunaithe go heisiach ar chomhaontú lena sainítear na costais sin agus coinníollacha a n-aisíocaíochta. Oibreacha a dhéanann an t-oibreoir sula sínítear an comhaontú, ní bheidh siad in-aisíoctha. Beidh an aisíocaíocht teoranta don mhéid is gá chun na costais a thabhaigh an t-oibreoir as na seirbhísí speisialta a dhéanamh a chomhardú dó agus ní aireofar aon bhrabús inti. Tabharfar tuairisc sna Treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 42 ar an nós imeachta atá le leanúint chun go n-éileoidh an t-oibreoir aisíocaíocht an chostais a bhaineann leis na cigireachtaí.

# Caibidil III

# Cuntasaíocht ábhair núicléach

*Airteagal 9*

*Córas cuntasaíochta*

1. Ón nóiméad a bheidh ábhar núicléach ina seilbh ag oibreoirí, coinneoidh oibreoirí córas cuntasaíochta agus rialaithe ar ábhair núicléacha ar bun, a bheidh éifeachtach chun neamhrialtachtaí, a d'fhágfadh nach gcoinneofaí cuntas mar is ceart ar ábhar núicléach, a chosc, a bhrath agus a dheisiú go tráthúil. Áireofar sa chóras sin taifid chuntasaíochta agus oibriúcháin agus, go háirithe, faisnéis maidir le cainníochtaí, catagóir, foirm agus comhdhéanamh na n-ábhar núicléacha dá bhforáiltear in Airteagal 21, an suíomh iarbhír ina bhfuil siad agus an oibleagáid coimirce áirithe dá bhforáiltear in Airteagal 19, mar aon le sonraí an fhaighteora nó an tseoltóra tráth a dhéantar ábhair núicléacha a aistriú.

2. Maidir leis an gcóras tomhas ar a mbunófar na taifid, comhlíonfaidh sé na caighdeáin idirnáisiúnta is déanaí nó beidh sé ar cháilíocht a bheidh comhionann leis na caighdeáin sin. Ar bhonn na dtaifead sin, ní mór a bheith in ann na dearbhuithe cuntasaíochta uile a dhéantar don Choimisiún a tharraingt suas agus bunús a thabhairt leo. Déanfar gach taifead a bhaineann le hábhair núicléacha a choinneáil fad a bheidh na hábhair núicléacha i láthair sa tsuiteáil, agus ar feadh 5 bliana ar a laghad tar éis do na hábhair núicléacha a bheith imithe ón tsuiteáil, mura gcomhaontaítear a mhalairt. Féadfar sonraí breise a shonrú sna forálacha coimirce áirithe dá dtagraítear in Airteagal 8 maidir le gach suiteáil ar leith.

3. Cuirfear taifid chuntasaíochta agus oibriúcháin ar fáil i bhfoirm leictreonach, más san fhoirm sin a bheidh siad á gcoinneáil ag an tsuiteáil. I gcás suiteálacha dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (27)(a), ar iarraidh réasúnaithe cuirfear liosta cothrom le dáta na n-earraí fardail ar fáil do chigirí an Choimisiúin i bhfoirm leictreonach, agus úsáid á baint as an bhfaisnéis atá ar fáil i gcomhréir leis an bhformáid táscaí a leagtar amach in Iarscríbhinn X.

*Airteagal 10*

*Taifid oibriúcháin*

4. Áireofar an méid seo a leanas sna taifid oibriúcháin maidir le gach limistéar maischothromaíochta suiteála ar leith, i gcás inarb iomchuí:

(a) na sonraí oibriúcháin a úsáidtear chun athruithe ar chainníochtaí agus comhdhéanamh ábhair núicléach atá i láthair sa tsuiteáil a chinneadh, lena n-áirítear doiciméid loingsithe le haghaidh baisceanna d’ábhar núicléach a fhaightear agus a loingsítear araon;

(b) liosta na n-earraí fardail agus an suíomh ar a bhfuil siad, a choimeádtar cothrom le dáta a mhéid is mó is féidir;

(c) na sonraí, lena n-áirítear meastacháin díorthaithe d’earráidí randamacha agus d’earráidí córasacha, a fuarthas ó chalabrú umar agus uirlisí agus ón tsampláil agus ón anailís;

(d) na sonraí a bheidh mar thoradh ar bhearta rialaithe cáilíochta a fheidhmeofar ar an gcóras cuntasaíochta ábhar núicléach, lena n-áirítear meastacháin dhíorthaithe d’earráidí randamacha agus d’earráidí córasacha;

(e) tuairisc ar an seicheamh gníomhartha a dhéantar chun ullmhú d’fhardal fisiceach agus nuair atá fardal fisiceach á dhéanamh, agus chun a áirithiú gur fardal cruinn iomlán a bheidh ann;

(f) tuairisc ar na gníomhaíochtaí a dhéantar chun neamhréireachtaí cuntasaíochta agus rialaithe ar ábhar núicléach atá tagtha chun cinn a aithint, a imscrúdú agus a réiteach;

(g) torthaí na nósanna imeachta um rialú fardail agus, i gcás suiteálacha láimhseála builc, torthaí na dtástálacha ar ghlacadh na maischothromaíochta, agus neamhchinnteachtaí cuí-mhínithe tomhais agus próisis á gcur san áireamh;

(h) tuairisc ar na gníomhartha a rinneadh chun teacht ar an gcúis le haon chaillteanas timpisteach nó neamhthomhaiste a d’fhéadfadh a bheith i gceist agus chun méid an chaillteanais sin a fhionnadh;

(i) comhdhéanamh iseatópach plútóiniam, lena n-áirítear a shraith iseatóp meatha, agus na dátaí tagartha, sa chás gur taifeadadh sa tsuiteáil iad chun críocha riachtanais oibríochtúla.

2. Cuirfear taifid oibriúcháin bunaidh ar fáil do chigirí an Choimisiúin, i bhfoirm leictreonach más infhaighte. Ar iarraidh réasúnaithe agus i gcomhréir le hAirteagal 40(2), cuirfear cóipeanna de na taifid oibriúcháin chuig an gCoimisiún, i bhfoirm leictreonach más infhaighte. Ar iarraidh réasúnaithe ón oibreoir, féadfar socruithe speisialta a chomhaontú maidir le foirm agus tarchur na faisnéise.

*Airteagal 11*

*Taifid chuntasaíochta*

Beidh an méid seo a leanas sna taifid chuntasaíochta maidir le gach limistéar maischothromaíochta ar leith:

(a) na hathruithe ar fhardail ar fad, ionas go bhféadfar an fardal de réir na leabhar a bhunú aon am;

(b) toradh gach tomhais agus comhairimh a úsáideadh chun an fardal fisiceach a bhunú;

(c) gach ceartúchán a rinneadh ar na hathruithe ar fhardail, ar fhardail de réir na leabhar agus ar fhardail fhisiceacha.

Sna taifid chuntasaíochta a bhaineann le haon athrú ar fhardail agus leis an bhfardal fisiceach, beidh sainaitheantas ábhair, sonraí na baisce agus sonraí foinseacha maidir le gach baisc. Beidh cuntas ar leith sna taifid sin maidir le húráiniam, maidir le tóiriam agus maidir le plútóiniam, i gcomhréir leis na catagóirí a liostaítear in Airteagal 21(2), pointe (b). Agus maidir le gach athrú ar fhardal, tabharfar dáta an athraithe agus, nuair is iomchuí, an limistéar maischothromaíochta is seoltóir nó an seoltóir agus an limistéar maischothromaíochta is faighteoir nó an faighteoir.

*Airteagal 12*

*Tuarascálacha cuntasaíochta*

Ón nóiméad a bheidh ábhar núicléach ina seilbh ag oibreoirí, soláthróidh siad tuarascálacha cuntasaíochta don Choimisiún.

Beidh an fhaisnéis a bheidh ar fáil ar dháta na tuarascála sna tuarascálacha cuntasaíochta agus í le ceartú ar dháta níos faide anonn más gá. Tarchuirfear tuarascálacha cuntasaíochta chuig an gCoimisiún go leictreonach.

Ar iarraidh réasúnaithe, déanfar tuilleadh mionsonraí nó mínithe i ndáil leis na tuarascálacha cuntasaíochta sin a sholáthar don Choimisiún laistigh de 3 seachtaine nó laistigh de thráthchlár comhaontaithe eile.

*Airteagal 13*

*An fardal tosaigh de réir na leabhar*

Déanfaidh aon oibreoir ar chríoch na Stát a aontaíonn don Aontas Eorpach fardal tosaigh de réir na leabhar de na hábhair núicléacha uile atá ina seilbh (lena n-áirítear ábhair núicléacha a measadh roimhe seo a bheith ina ndramhaíl choinnithe agus ábhair núicléacha a bhí díolmhaithe roimhe seo ó choimircí IAEA), ach amháin ábhar núicléach dar foirceannadh coimircí IAEA, a sholáthar don Choimisiún laistigh de 30 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo sa Stát sin. Úsáidfear an fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

*Airteagal 14*

*An tuarascáil ar athruithe ar fhardail*

1. Ón nóiméad a bheidh ábhar núicléach ina seilbh ag oibreoirí agus i gcás gach limistéir maischothromaíochta, déanfaidh siad tuarascálacha ar athruithe ar fhardail i leith na n-ábhar núicléach uile a sholáthar don Choimisiún agus úsáid á baint as an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

   Is ar bhonn míosúil a sheolfar na tuarascálacha ar athruithe ar fhardail, 15 lá tar éis dheireadh na míosa ar a dhéanaí, mura sonraítear a mhalairt sna forálacha coimirce áirithe dá dtagraítear in Airteagal 8 maidir le suiteáil, agus luafar iontu na hathruithe ar fhardail ar fad a tharla, nó a dtángthas ar an eolas ina dtaobh, i gcaitheamh na míosa sin.

2. Maidir le míonna a ndéanfar fardal fisiceach, agus nach é dáta deiridh na míosa dáta déanta an fhardail, déanfar dhá thuarascáil ar leith ar athruithe ar fhardail a sholáthar:

(a) céad thuarascáil ar athruithe ar fhardail ina mbeidh aon athruithe ar an bhfardal suas go dtí dáta déanta an fhardail fhisicigh agus dáta déanta an fhardail fhisicigh san áireamh, agus seolfar an tuarascáil sin, ar a dhéanaí, in éineacht leis an dara tuarascáil ar athruithe ar fhardail, nó in éineacht leis an liostú fardal fisiceach agus an tuarascáil ar an maischothromaíocht más amhlaidh go seoltar an dá cheann sin sula seoltar an dara tuarascáil ar athruithe ar fhardail;

(b) dara tuarascáil ar athruithe ar fhardail ina mbeidh na hathruithe ar fhardail ar fad ón gcéad lá tar éis dáta déanta an fhardail fhisicigh go dtí deireadh na míosa, agus seolfar í laistigh de 15 lá tar éis dheireadh na míosa.

3. I gcás míonna nár tháinig aon athrú ar fhardail, seolfaidh oibreoirí an tuarascáil ar athruithe ar fhardail, agus an fardal deiridh de réir na leabhar ón mí roimhe sin á thabhairt ar aghaidh.

4. Ionas go dtuairisceofar iad mar aon athrú amháin ar an bhfardal, féadfar athruithe beaga ar fhardail, ar nós aistrithe samplaí chun críche na hanailíse, a ghrúpáil le chéile, mar a leagtar amach sna forálacha coimirce áirithe dá dtagraítear in Airteagal 8, maidir leis an tsuiteáil a bheidh i gceist.

5. Féadfar barúlacha a mhíníonn athruithe ar fhardail a chur leis na tuarascálacha ar athruithe ar fhardail.

*Airteagal 15*

*An tuarascáil ar an maischothromaíocht agus an liostú fardal fisiceach*

1. I gcás gach limistéir maischothromaíochta, déanfaidh oibreoirí an méid seo a leanas a tharchur chuig an gCoimisiún:

   (a) tuarascálacha ar an limistéar maischothromaíochta, san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, ina léireofar an méid seo a leanas:

      (i) an fardal fisiceach tosaigh;

      (ii) athruithe ar fhardail (méaduithe ar dtús, laghduithe ansin);

      (iii) an fardal deiridh de réir na leabhar;

      (iv) an fardal fisiceach deiridh;

      (v) ábhar gan tásc;

   (b) liostú den fhardal fisiceach, san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn V, ina dtabharfar gach baisc mar bhaisc ar leith.

2. Déanfar na tuarascálacha agus an liostú dá dtagraítear i mír 1 a tharchur a luaithe is féidir agus, ar a dhéanaí, laistigh de 30 lá ón dáta a rinneadh fardal fisiceach.

3. Mura sonraítear a mhalairt sna forálacha coimirce áirithe dá dtagraítear in Airteagal 8 maidir le suiteáil, déanfar liostú fardal fisiceach gach bliain féilire, bunaithe ar fhardal iarbhír de na hábhair núicléacha uile atá i láthair sa limistéar maischothromaíochta. Ní bheidh tréimhse is faide ná 14 mhí idir an dá fhardal fhisiceacha a dhéantar as a chéile.

*Airteagal 16*

*Tuarascálacha speisialta*

Tarchuirfidh oibreoirí tuarascáil speisialta chuig an gCoimisiún aon uair a thiocfaidh aon imthoisc dá dtagraítear in Airteagal 17 nó 25 chun cinn.

Déanfar na tuarascálacha speisialta, agus mionsonraí agus mínithe breise a iarrtar i ndáil leis na tuarascálacha sin, a sholáthar don Choimisiún gan mhoill. Má cheanglaítear tuilleadh imscrúduithe teicniúla a dhéanamh, beidh sna tuarascálacha speisialta sin an fhaisnéis a bheidh ar fáil ar dháta an tuairiscithe agus comhlánófar iad le toradh na n-imscrúduithe sin a luaithe is féidir.

*Airteagal 17*

*Teagmhais neamhghnácha*

Déanfar tuarascáil speisialta a sholáthar, mar a cheanglaítear le hAirteagal 16, sna cásanna seo a leanas:

(a) más rud é, mar thoradh ar aon teagmhas nó imthoisc neamhghnách, go meastar gur bhain méadú nó laghdú don ábhar núicléach, nó go bhféadfadh sé gur bhain méadú nó laghdú don ábhar núicléach, lena n-áirítear le linn a aistrithe chuig an tsuiteáil nó uaithi. Sna cásanna sin, áireofar sa tuarascáil speisialta tuairisc ar an teagmhas nó ar na himthosca, na meáchain úráiniam, tóiriam agus plútóiniam, i gcomhréir leis na catagóirí a liostaítear in Airteagal 21, (2), pointe (b), meáchan na n-iseatóp ineamhnaithe i gcás úráiniam saibhrithe, chomh maith le tuairisc ar an mbealach ar suíodh na meáchain, agus aon bheart breise a rinneadh lena n-áirítear chun atarlú caillteanais a sheachaint.

(b) má tháinig athrú gan choinne ar an gcoimeád, i riocht agus go bhfuil sé indéanta ábhar núicléach a bhaint gan údarú; sna cásanna sin, áireofar sa tuarascáil speisialta tuairisc ar an teagmhas nó ar na himthosca agus féadfar a áireamh leis sin freisin tuairisc ar aon bheart a rinneadh chun an riosca a bhaineann le baint gan údarú a laghdú agus chun atarlú a sheachaint.

Déanfaidh na hoibreoirí lena mbaineann na tuarascálacha speisialta sin a fhoráil a luaithe a gheobhaidh siad faisnéis faoi mhéadú nó faoi chaillteanas den sórt sin nó athrú obann gan coinne, nó faoi aon rud lena measfaí gur tharla teagmhas den sórt sin. Luafar na cúiseanna ar theagmhais neamhghnácha den sórt sin freisin a luaithe a bheidh siar ar eolas.

I gcás gach suiteála, féadfar mionsonraí breise maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar a shonrú sna forálacha coimirce áirithe dá dtagraítear in Airteagal 8.

*Airteagal 18*

*Claochluithe núicléacha a thuairisciú*

Maidir le himoibreoirí, déanfar sonraí ríofa i ndáil le claochluithe núicléacha a thuairisciú sa tuarascáil ar athruithe ar fhardail nuair a dhéantar breosla ionradaithe a aistriú ó limistéar maischothromaíochta an imoibreora, ar a dhéanaí. Féadfar nósanna imeachta eile a shonrú sna forálacha coimirce áirithe dá dtagraítear in Airteagal 8 freisin maidir le claochluithe núicléacha a thaifeadadh agus a thuairisciú.

*Airteagal 19*

*Oibleagáidí coimirce áirithe*

1. Ábhair núicléacha a bheidh faoi réir oibleagáidí coimirce áirithe ar ghlac an Comhphobal leo i gcomhaontú a rinneadh le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta, sainaithneofar iad leis an gcód oibleagáide iomchuí, mar a chuireann an Coimisiún in iúl iad, sna fógraí agus sna taifid seo a leanas:

   (a) an fardal tosaigh de réir na leabhar dá bhforáiltear in Airteagal 13;

   (b) tuarascálacha ar athruithe ar fhardail, lena n-áirítear na fardail deiridh de réir na leabhar, dá bhforáiltear in Airteagal 14;

   (c) tuarascálacha ar an limistéar maischothromaíochta agus liostuithe den fhardal fisiceach dá bhforáiltear in Airteagal 15;

   (d) onnmhairí agus allmhairí beartaithe dá bhforáiltear in Airteagail 23 agus 24;

   (e) taifid chuntasaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 11, an chéad fhomhír, pointí (a) agus (c).

   Ní chuirfidh tsainaithint na n-ábhar núicléacha bac ar mheascadh fisiceach a dhéanamh ar na hábhair núicléacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, mura gcuirfear toirmeasc air go sonrach in aon cheann de na comhaontuithe sin le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta.

2. I gcás inarb infheidhme, sannadh cód oibleagáide sna taifid dá bhforáiltear in Airteagal 11 agus sna tuarascálacha dá bhforáiltear in Airteagal 14 agus 15, comhlíonfaidh sé prionsabal na comhréireachta.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le haon comhaontú arna ndéanamh ag an gComhphobal agus na Ballstáit leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach.

*Airteagal 20*

*Cuntasaíocht pool agus malartuithe oibleagáide*

1. Ceanglaítear údarú roimh ré ón gCoimisiún le haghaidh úsáid, raon feidhme, tuairisciú agus módúlachtaí cuntasaíochta pool, a fhéadfar a dheonú ar bhonn cás ar chás má bhíonn údar leis an úsáid sin i bhfianaise chineál agus ghníomhaíochtaí na suiteála agus i gcomhréir leis na gcritéar a thuairiscítear sa mholadh dá dtagraítear in Airteagal 42. Ní dhéanfaidh na módúlachtaí cuntasaíochta pool aon dochar do chomhlíonadh ghealltanais an Chomhphobail, cuir i gcás urraim do phrionsabal an chomhionannais agus prionsabal na comhréireachta.

Iarraidh chuí-réasúnaithe ar úsáid cuntasaíochta pool a údarú, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin i scríbhinn í, in éineacht le togra le haghaidh módúlachtaí cuntasaíochta pool.

2. Úsáidfear an cód pool, arna chur in iúl ag an gCoimisiún, chun na hábhair núicléacha uile sa pool cuntasaíochta a shainaithint, sna tuarascálacha dá bhforáiltear in Airteagail 14 agus 15. Beidh méideanna iomlána an ábhair núicléach a shanntar don pool ar an eolas i gcónaí i gcás gach cóid oibleagáide, agus soláthrófar iad don Choimisiún gach mí i bhfoirm tuarascála leictreonaí ar an pool.

3. Féadfar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt siar mura gcomhlíontar a thuilleadh forálacha an Rialacháin seo nó na coinníollacha a shonraítear san údarú.

4. Féadfar oibleagáidí coimirce áirithe dá dtagraítear in Airteagal 19 a mhalartú idir dhá chainníocht d'ábhar núicléach, faoi réir critéir chomhionannais is infheidhme maidir le Comhaontú nó Comhaontuithe um Chomhar Núicléach ábhartha agus le coinníollacha sonracha arna gcur in iúl don oibreoir laistigh de thráthchlár comhaontaithe tar éis an t-iarratas agus an fhaisnéis ábhartha uile a fháil.

Déanfar iarraidh chuí-réasúnaithe ar mhalartú oibleagáidí a chur faoi bhráid an Choimisiúin go leictreonach agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI. Cuirfear an t-oibreoir lena mbaineann ar an eolas laistigh de thráthchlár comhaontaithe faoi cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le malartú oibleagáidí.

*Airteagal 21*

*Aonaid mheáchain agus catagóirí d'ábhair núicléacha*

1. Is i ngraim a shloinnfear cainníochtaí ábhar a chumhdaítear faoin Rialachán in aon fhógra dá dtagrófar sa Rialachán seo.

Coinneofar na taifid chuntasaíochta ábhair chomhfhreagracha i ngraim nó in aonaid níos lú. Coinneofar iad ar shlí go mbeidh siad iontaofa agus, go háirithe, le go gcomhlíonfaidh siad na gcleachtas atá i bhfeidhm sna Ballstáit faoi láthair.

Féadfar cainníochtaí sna fógraí a shlánú síos más 0 go 4 an chéad deachúil, agus a shlánú suas más 5 go 9 an chéad deachúil.

2. Áiritheofar iad seo a leanas aon fhógra dá dtagraítear sa Rialachán seo mura bhforáiltear a mhalairt sna forálacha coimirce áirithe dá dtagraítear in Airteagal 8:

(a) meáchan iomlán na ndúl úráiniam, tóiriam agus plútóiniam, agus freisin, i gcás úráiniam shaibhrithe, meáchan iomlán na n-iseatóp ineamhnaithe;

(b) tuarascálacha ar leith ar an maischothromaíocht maidir le gach catagóir seo a leanas d’ábhar núicléach, agus iontrálacha líne ar leith maidir leo sna tuarascálacha ar athruithe ar fhardail agus sna liostuithe fardal fisiceach:

(i) úráiniam ídithe;

(ii) úráiniam nádúrtha;

(iii) úráiniam arna shaibhriú níos lú ná 20 %;

(iv) úráiniam arna shaibhriú 20 % agus os a chionn;

(v) plútóiniam;

(vi) tóiriam.

*Airteagal 22*

*Maoluithe*

1. Féadfar oibreoir a mhaolú ar na rialacha lena rialáiltear minicíocht na dtuarascálacha ar athruithe ar fhardail dá bhforáiltear in Airteagal 14, chun aon imthoisc ar leith ina n-úsáidtear nó ina dtáirgtear ábhair faoi choimirce a chur san áireamh.

Cuirfidh an t-oibreoir lena mbaineann iarraidh ar mhaolú den sórt sin faoi bhráid an Choimisiúin go leictreonach agus úsáid á baint as an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn IX.

Ní fhéadfaidh maolú den sórt sin a bheith infheidhme ach maidir le limistéar maischothromaíochta ina iomláine nach ndéantar ábhar núicléach a phróiseáil ann ná a stóráil ann in éineacht le hábhar núicléach nach ndeonaítear aon mhaolú ina leith.

2. Féadfaidh feidhm a bheith ag maolú maidir le limistéar maischothromaíochta ina bhfuil an méid seo a leanas:

(a) cainníochtaí d’ábhar núicléach a bheidh i gcomhréir leo sin a shonraítear in Iarscríbhinn I-N, agus a choinnítear sa staid chéanna ar feadh tréimhsí fada;

(b) úráiniam ídithe, úráiniam nádúrtha nó tóiriam a úsáidtear go heisiach i ngníomhaíochtaí neamhnúicléacha;

(c) ábhair ineamhnaithe speisialta nuair is cainníochtaí i ngram nó níos lú a úsáidtear, mar chomhpháirteanna braite i ngléasanna;

(d) plútóiniam ina bhfuil tiúchan iseatópach plútóiniam-238 níos mó ná 80 %.

3. Cuirfear an t-oibreoir agus an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoi cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 maidir le maolú. Má chomhlíontar na coinníollacha sin, déanfar tuarascáil bhliantúil ar athruithe ar fhardail a tharchur chuig an gCoimisiún go leictreonach faoin 31 Eanáir, agus úsáid á baint as an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Leis an tuarascáil sin, tabharfar tuairisc ar an gcás mar a bhí an 31 Nollaig an bhliain féilire roimhe sin. An tráth céanna, déanfar tuarascáil ar an maischothromaíocht agus liostú den fhardal fisiceach lena léirítear na baisceanna uile ar leithligh a tharchur go leictreonach agus úsáid á baint as an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinní IV agus V.

4. Ina theannta sin, i gcás ina dtiocfaidh athrú ar fhardail le linn na bliana i limistéar maischothromaíochta a bhfuil maolú infheidhme maidir leis, déanfaidh an t-oibreoir lena mbaineann tuarascáil ar athruithe ar fhardail a tharchur chuig an gCoimisiún a luaithe is féidir agus, ar a dhéanaí, laistigh de 15 lá ó dheireadh na míosa inar tháinig an t-athrú ar fhardail, agus úsáid á baint as an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

5. Mura bhfuil na coinníollacha maolaithe a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 á gcomhlíonadh a thuilleadh, agus tar éis fíorú a dhéanamh leis an oibreoir lena mbaineann, cuirfear in iúl don oibreoir lena mbaineann agus don Bhallstát ábhartha nach bhfuil feidhm ag an maolú a thuilleadh.

## Caibidil IV
## Aistrithe idir Stáit

*Airteagal 23*

*Onnmhairí agus loingsithe*

1. Tabharfaidh oibreoirí réamhfhógra don Choimisiún má dhéantar aon bhunábhar nó aon ábhar ineamhnaithe speisialta:

(a) a onnmhairiú chuig tríú tír;

(b) a sheoladh ó Bhallstát nach bhfuil airm núicléacha aige go dtí Ballstát a bhfuil airm núicléacha aige; nó

(c) a sheoladh ó Bhallstát a bhfuil airm núicléacha aige go dtí Ballstát nach bhfuil airm núicléacha aige.

2. Ní cheanglófar réamhfhógra a thabhairt ach sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás coinsíneacht níos mó ná aon chileagram éifeachtach;

nó

(b) i gcás ina ndéanann suiteáil cainníocht iomlán ábhar atá níos mó ná aon chileagram éifeachtach, nó a d'fhéadfadh a bheith níos mó ná sin, a aistriú chuig an Stát céanna in aon tréimhse 12 mhí i ndiaidh a chéile, fiú mura mbeidh níos mó ná aon chileagram éifeachtach in aon choinsíneacht ar leith.

3. Tabharfar an réamhfhógra tar éis na socruithe conarthacha a bheidh mar bhonn leis an aistriú a bheith déanta, ar an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, agus sroichfidh sé an Coimisiún 8 lá oibre ar a laghad sula ndéanfar an t-ábhar a phacáil lena aistriú.

4. I gcás ina gceanglaítear toiliú roimh ré ó thríú tír le haghaidh an aistrithe, ní dhéanfar an t-aistriú sula ndeimhneoidh an Coimisiún gur tugadh an toiliú roimh ré.

5. Ar iarraidh réasúnaithe ón oibreoir, féadfar socruithe speisialta a chomhaontú maidir le foirm agus tarchur an réamhfhógra.

6. Ní bheidh onnmhairí agus loingsithe d'ábhar núicléach a bheidh i ndramhaíl nó i mianta faoi réir fhorálacha mhíreanna 1 go 4.

*Airteagal 24*

*Allmhairí agus fáltais*

1. Tabharfaidh oibreoirí réamhfhógra don Choimisiún má dhéantar aon bhunábhar nó aon ábhar ineamhnaithe speisialta:

   (a) a allmhairiú ó thríú tír;

   (b) a fháil i mBallstát nach bhfuil airm núicléacha aige ó Bhallstát a bhfuil airm núicléacha aige; nó

   (c) a fháil i mBallstát a bhfuil airm núicléacha aige ó Bhallstát nach bhfuil airm núicléacha aige.

2. Ní cheanglófar réamhfhógra a thabhairt ach sna cásanna seo a leanas:

   (a) i gcás coinsíneacht níos mó ná aon chileagram éifeachtach;

   nó

   (b) i gcás ina ndéanann suiteáil cainníocht iomlán ábhar atá níos mó ná aon chileagram éifeachtach, nó a d'fhéadfadh a bheith níos mó ná sin, a allmhairiú nó a fháil ón Stát céanna in aon tréimhse 12 mhí i ndiaidh a chéile, fiú mura mbeidh níos mó ná aon chileagram éifeachtach in aon choinsíneacht ar leith.

3. Tabharfar an réamhfhógra chomh fada agus is féidir roimh theacht measta an ábhair, agus ar an dáta fála ar a dhéanaí, ar an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VII, agus sroichfidh sé an Coimisiún 5 lá oibre ar a laghad sula ndéanfar an t-ábhar a dhíphacáil.

4. Ar iarraidh réasúnaithe ón oibreoir, féadfar socruithe speisialta a chomhaontú maidir le foirm agus tarchur an réamhfhógra.

5. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ar allmhairí agus fáltais d'ábhar núicléach a bheidh i ndramhaíl nó i mianta.

*Airteagal 25*

*Caillteanas nó moill san aistriú*

Déanfaidh na hoibreoirí tuarascáil speisialta, dá dtagraítear in Airteagal 16, a chur isteach, ag cur in iúl go ndearnadh aistriú faoi Airteagal 23 nó 24 agus, i gcás ina bhfuil faisnéis faighte acu, ag éirí as imthosca eisceachtúla nó as tarlú, gur cailleadh ábhair núicléacha nó gur cosúil gur cailleadh iad, nó i gcás ina ndearnadh moill shuntasach le linn an aistrithe. Sna cásanna sin, áireofar sa tuarascáil speisialta tuairisc ar an teagmhas nó ar na himthosca agus féadfar a áireamh leis sin freisin tuairisc ar aon bheart breise a rinneadh.

I gcás gach suiteála, féadfar mionsonraí breise maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthara shonrú sna forálacha coimirce áirithe dá dtagraítear in Airteagal 8.

*Airteagal 26*

*Athrú dáta a chur in iúl*

Déanfar aon athrú ar na dátaí a shonraítear sna réamhfhógraí dá dtagraítear in Airteagail 23 agus 24, maidir le pacáil na n-ábhar núicléach roimh an aistriú, maidir lena n-aistriú nó maidir lena ndíphacáil, a chur in iúl gan mhoill mar aon le tuairim faoi na dátaí nua má tá an fhaisnéis ar fáil, mura tuarascáil speisialta an toradh ar an athrú sin.

# Caibidil V
# Forálacha Sonracha

*Airteagal 27*
*Suiteálacha mianta*

1. Aon oibreoir suiteála dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (27)(c) ar chríoch Bhallstáit, déanfaidh sé airíonna bunúsacha teicniúla na suiteála a dhearbhú don Choimisiún, agus úsáid á baint as an gceistneoir in Iarscríbhinn I-Q, 120 lá ar a laghad sula gcuirfear tús leis an eastóscadh mianta, agus cuirfidh sé clár na ngníomhaíochtaí in iúl i gcomhréir le hAirteagal 7.

2. De mhaolú ar Airteagail 9, 10 agus 11, aon oibreoir a eastóscann nó a choimeádann mianta, déanfaidh sé taifid chuntasaíochta a choimeád lena léirítear, go háirithe, na cainníochtaí méine a eastósctar, mar aon leis an meánchion úráiniam agus tóiriam, agus an stoc méine eastósctha sa mhianach. Beidh sonraí na loingsithe sna taifid freisin, ina dtabharfar an dáta, an coinsíní agus an chainníocht i ngach cás.

   Coinneofar na taifid sin go ceann 5 bliana ar a laghad.

3. Aon oibreoir suiteála dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (27)(c) ar chríoch na Stát a aontaíonn don Aontas Eorpach, déanfaidh siad a n-airíonna bunúsacha teicniúla na suiteála sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 30 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo sa Stát sin.

*Airteagal 28*

*Tuarascálacha ar loingsithe mianta/onnmhairiú mianta*

De mhaolú ar Airteagail 12 go 19 agus Airteagal 21, aon oibreoir a eastóscann mianta nó a choimeádann mianta, tuairisceoidh sé don Choimisiún ar an eolas faoin méid seo a leanas, agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII:

(a) an méid ábhair a seoladh ó gach mianach ar leith, faoin 31 Eanáir gach bliain maidir leis an mbliain féilire roimhe sin;

agus

(b) na mianta a onnmhairíodh chuig tríú tíortha, faoin dáta seolta ar a dhéanaí.

*Airteagal 29*

*Iompróirí agus gníomhairí stórála sealadaí*

Maidir le haon duine nó aon ghnóthas a dhéanann ábhair núicléacha a iompar nó a stóráil go sealadach le linn an iompair laistigh de chríocha na mBallstát, ní ghlacfaidh sé na hábhair núicléacha ná ní thabharfaidh sé ar láimh iad gan admháil a fháil, arna síniú go cuí agus arna dátú. Luafar ar an admháil sin ainmneacha na bpáirtithe a dhéanfaidh na hábhair núicléacha a thabhairt ar láimh agus a ghlacadh, agus léireofar na cainníochtaí a iompraíodh mar aon le catagóir, foirm agus comhdhéanamh na n-ábhar núicléacha.

Féadfar sainaithint oiriúnach ar an gcoinsíneacht a chur in áit na tuairisce ar na hábhair núicléacha a aistríodh má cheanglaítear é sin ar chúiseanna cosanta fisicí. Beidh an tsainaithint sin inrianaithe chuig taifid a bheidh ag na hoibreoirí a sheolann agus a fhaigheann na hábhair núicléacha.

Coinneoidh na páirtithe conarthacha na taifid sin go ceann 5 bliana ar a laghad.

*Airteagal 30*

*Taifid ionaid d'iompróirí agus do ghníomhairí stórála sealadaí*

Féadfar taifid atá i seilbh daoine nó gnóthais cheana féin, i gcomhréir le rialacháin reatha a bhfuil feidhm acu i gcríoch na mBallstát ina n-oibríonn siad, a mheas go bhfuil siad na taifead dá dtagraítear in Airteagal 29, ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis uile a cheanglaítear faoin Airteagal sin le fáil iontu.

*Airteagal 31*

*Idirghabhálaithe*

Maidir le haon idirghabhálaí a ghlacfaidh páirt i dtabhairt i gcrích aon chonartha chun ábhair núicléacha a sholáthar, cuir i gcás gníomhairí údaraithe, bróicéirí nó gníomhairí coimisiúin, coinneoidh siad na taifid ar fad a bhaineann leis na hidirbhearta a rinne siad nó a rinneadh thar a gceann go ceann 5 bliana ar a laghad tar éis dhul in éag an chonartha. Beidh ainmneacha na bpáirtithe conarthacha sna taifid sin agus léireofar dáta an chonartha mar aon le cainníocht, catagóir, foirm, comhdhéanamh, tionscnamh agus ceann scríbe na n-ábhar.

*Airteagal 32*

*Faisnéis agus sonraí a tharchur*

Féadfaidh an Coimisiún faisnéis agus sonraí a gheofar de bhun an Rialacháin seo a tharchur chuig an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach.

*Airteagal 33*

*An stocliosta dramhaíola tosaigh agus taifid chuntasaíochta*

1. Aon oibreoir ar chríoch Stát a aontaíonn don Aontas Eorpach a bhfuil ábhar núicléach ina seilbh acu i ndramhaíl chóirithe dar foirceannadh coimircí IAEA, soláthróidh siad stocliosta tosaigh den ábhar núicléach sin uile de réir catagóire don Choimisiúin, laistigh de 30 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo sa Stát sin.

2. Aon oibreoir a chóireálann nó a stórálann ábhar núicléach a dearbhaíodh roimhe seo a bheith ina dhramhaíl choinnithe nó ina dhramhaíl chóirithe, coimeádfaidh sé taifid chuntasaíochta de.

De mhaolú ar Airteagail 9 go 13, Airteagal 15 agus Airteagal 19(1) maidir le hábhar a dearbhaíodh ina dhramhaíl choinnithe roimhe seo agus ó Airteagail 9 go 15 agus Airteagal 19(1) maidir le hábhar a dearbhaíodh ina dhramhaíl chóirithe roimhe seo, beidh na sonraí seo a leanas sna taifid sin:

(a) na sonraí oibriúcháin a bhí in úsáid chun athruithe ar na cainníochtaí d’ábhar núicléach agus ar chomhshuíomh an ábhair núicléach a bhunú;

(b) stocliosta le nuashonrú ar bhonn bliantúil tráth a dhéantar an fardal fisiceach;

(c) tuairisc ar an seicheamh gníomhartha a dhéantar chun ullmhú d’fhardal fisiceach agus nuair atá fardal fisiceach á dhéanamh, agus chun a áirithiú gur fardal cruinn iomlán a bheidh ann;

(d) tuairisc ar na gníomhartha a rinneadh chun teacht ar an gcúis le haon chaillteanas timpisteach a d'fhéadfadh a bheith i gceist agus chun méid an chaillteanais sin a fhionnadh;

(e) gach athrú stoic, ionas go bhféadfar an fardal de réir na leabhar a bhunú nuair a iarrtar é.

Ceanglais shonracha maidir le tuairisciú i ndáil le próiseáil dramhaíola, féadfar iad a shonrú sna forálacha coimirce áirithe dá dtagraítear in Airteagal 8.

*Airteagal 34*

*Próiseáil dramhaíola*

Tabharfaidh oibreoirí réamhfhógra don Choimisiún faoi aon fheachtas próiseála ar ábhar a dearbhaíodh roimhe seo a bheith ina dhramhaíl choinnithe nó ina dhramhaíl chóirithe, cé is moite d'athphacáistiú nó de chóireáil thairis sin gan dúile a dheighilt.

Áireofar sa réamhfhógra sin, faisnéis faoin méid plútóiniam, úráiniam ardsaibhrithe agus úráiniam-233 in aghaidh na baisce, an fhoirm, mar shampla, gloine nó leacht ardghníomhach, ré mheasta an fheachtais, agus suíomh an ábhair roimh an bhfeachtas agus ina dhiaidh. Cuirfear an fógra sin in iúl i bhfoirm leictreonach don Choimisiún agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn XII, 200 lá ar a laghad sula dtosófar an feachtas.

*Airteagal 35*

*Aistrithe dramhaíola cóirithe*

Cuirfidh oibreoirí tuarascálacha bliantúla maidir leis an méid seo a leanas isteach go leictreonach, faoin 31 :

(a) loingsithe nó onnmhairí dramhaíola cóirithe chuig suiteáil i gcríocha na mBallstát nó lasmuigh díobh, ar an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII;

(b) fáltais nó allmhairí dramhaíola cóirithe ó shuiteáil laistigh nó lasmuigh de chríocha na mBallstát, agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV;

(c) athruithe ar shuíomh dramhaíola cóirithe ina bhfuil plútóiniam, úráiniam ardshaibhrithe nó úráiniam-233, ar an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn XV.

*Airteagal 36*

*Foirceannadh coimircí*

1. Féadfar coimircí faoin Rialachán seo a fhoirceannadh maidir le hábhar núicléach faoi na himthosca seo a leanas:

(a) ábhar núicléach a thomhaistear nó a mheastar ar bhonn tomhas, agus a aischuireadh go neamh-inchúlghairthe sa chomhshaol mar thoradh ar sceitheadh pleanáilte. Chun na críche sin. Déanfar dramhaíl aischurtha sa chomhshaol a dhearbhú sa tuarascáil ar athruithe ar fhardail dá dtagraítear in Airteagal 14;

(b) ábhar núicléach a mheastar a bheith do-aisghabhála ar chúiseanna praiticiúla nó eacnamaíocha atá ionchorpraithe i dtáirgí deiridh a úsáidtear chun críoch neamhnúicléach, cuir i gcás cóimhiotail nó ceirmigh. Chun na críche sin, déanfar foirceannadh úsáide a dhearbhú sa tuarascáil ar athruithe ar fhardail dá dtagraítear in Airteagal 14;

(c) ábhar núicléach atá i ndramhaíl i dtiúchan an-íseal, arna thomhas nó arna mheas ar bonn tomhas, fiú mura ndiúscraítear na hábhair sin. Chun na críche sin, déanfar foirceannadh coimircí a dhearbhú sa tuarascáil ar athruithe ar fhardail dá dtagraítear in Airteagal 14;

(d) ábhar núicléach atá i ndramhaíl chóirithe i dtiúchan an-íseal, a diúscraíodh cheana féin. Chun na críche sin, déanfar foirceannadh coimircí a dhearbhú sa tuarascáil ar athruithe ar fhardail dá dtagraítear in Airteagal 14.

2. I gcás foirceannadh coimircí a ndéantar foráil maidir leis faoi mhír 1, pointí (b), (c) agus (d), déanfaidh oibreoir iarraidh réasúnaithe a bhfuil údar léi a tharchur chuig an gCoimisiún. Cuirfear an t-oibreoir agus an Ballstát ábhartha lena mbaineann ar an eolas faoi cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le foirceannadh coimircí.

*Airteagal 37*

*Suíomh náisiúnta Lasmuigh de Shaoráidí*

1. Féadfar Suíomh náisiúnta Lasmuigh de Shaoráidí, arb é atá ann sealbhóirí aonair de mhéideanna beaga ábhair núicléach (mionsealbhóirí) laistigh den Bhallstát sin, a bhunú arna iarraidh sin ar an gCoimisiún d'údarás freagrach Ballstáit. Féadfar roinnt Suíomhanna náisiúnta Lasmuigh de Shaoráidí a bhunú i mBallstát.

2. Déanfaidh an t-údarás freagrach maoirseacht ar an Suíomh náisiúnta Lasmuigh de Shaoráidí agus áiritheoidh sé go gcuirfear Airteagail 3 go 7, 12 go 19, 21 agus 23 go 26 chun feidhme.

3. Ní bheidh an fardal comhcheangailte de bhunábhar agus d'ábhar ineamhnaithe speisialta i Suíomh náisiúnta Lasmuigh de Shaoráidí, níos mó ná aon chileagram éifeachtach.

4. Cuirfidh an t-údarás freagrach an dearbhú maidir le hairíonna bunúsacha teicniúla an Suíomh náisiúnta Lasmuigh de Shaoráidí faoi bhráid an Choimisiúin agus úsáid á baint as an gceistneoir in Iarscríbhinn I-M. Cuirfear aon nuashonrú isteach, ar a dhéanaí, an tráth a bheidh an liostú fardal fisiceach dá dtagraítear in Airteagal 15 á tharchur.

5. Leis an dearbhú maidir leis na hairíonna bunúsacha teicniúla, tabharfar tuairisc ar conas a roinntear freagrachtaí idir údaráis fhreagracha agus mionsealbhóirí aonair chun Airteagail 9 go 11 a chur chun feidhme.

6. Chun Airteagail 9, 14 agus 15 a chur chun feidhme, déanfaidh an t-údarás freagrach bearta iomchuí chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go ndéanann na mionsealbhóirí aonair uile a chomhdhéanann an Suíomh náisiúnta Lasmuigh de Shaoráidí an fardal fisiceach agus go léiríonn na sonraí ó na mionsealbhóirí an fardal iarbhír ar dháta na tógála fisicí arna chinneadh ag an údarás freagrach;

(b) gur féidir fardail fhisiceacha gach mionsealbhóra aonair a shainaithint sa liosta fardal fisiceach a tharchuirtear chuig an gCoimisiún;

(c) go ndéanfar bunús a thabhairt do na tuarascálacha cuntasaíochta trí na taifid oibriúcháin ábhartha, dá dtagraítear in Airteagal 10(1);

(d) go gcuirfear forálacha an Rialacháin seo chun feidhme go héifeachtach faoi raon feidhme an tSuímh náisiúnta Lasmuigh de Shaoráidí.

*Airteagal 38*

*Oibleagáidí idirnáisiúnta*

1. Cuirfear forálacha an Rialacháin seo, agus Airteagal 6(1), Airteagal 34 agus Airteagal 35, pointe (c), go háirithe, i bhfeidhm i gcomhréir le hoibleagáidí an Chomhphobail agus na mBallstát nach bhfuil airm núicléacha acu, faoi Phrótacal Breise 1999/188/Euratom.

2. Cuirfear forálacha an Rialacháin seo, agus go háirithe Airteagail 19, 20, 23 agus 24 i bhfeidhm i gcomhréir leis na Comhaontuithe um Chomhar Núicléach atá i bhfeidhm idir an Comhphobal agus tríú tíortha agus ar bhealach ar féidir leis an gCoimisiún oibleagáidí an Chomhphobail maidir le hábhair núicléacha faoi na Comhaontuithe um Chomhar Núicléach sin a chomhlíonadh.

3. Cuirfear forálacha an Rialacháin seo, agus go háirithe Airteagail 9 go 18, 22 go26 agus 36, i bhfeidhm i gcomhréir le hoibleagáidí an Chomhphobail agus a Bhallstát faoi aon Chomhaontú um Choimircí a thugtar i gcrích leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach.

## Caibidil VI
## Forálacha sonracha is infeidhme ar chríoch an Bhallstáit a bhfuil airm núicléacha aige

*Airteagal 39*

*Forálacha sonracha is infheidhme ar an mBallstát a bhfuil airm núicléacha aige*

1. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na cásanna seo a leanas:

   (a) suiteálacha nó codanna de shuiteálacha a sannadh chun freastal ar cheanglais chosanta agus atá suite i gcríoch an Bhallstáit a bhfuil airm núicléacha aige;

   nó

(b) ábhair núicléacha arna sannadh ag an mBallstát a bhfuil airm núicléacha aige chun freastal ar riachtanais chosanta.

2. I gcás ábhair núicléacha, suiteálacha nó codanna de shuiteálacha arbh fhéidir a shannadh chun freastal ar cheanglais chosanta agus atá suite ar chríoch Ballstáit a bhfuil airm núicléacha aige, is trí bhíthin comhaontú idir an Coimisiún agus an Ballstát a bhfuil airm núicléacha aige a shaineofar a oiread a bheidh feidhm ag an Rialachán seo agus na nósanna imeachta faoinarb infheidhme é, agus forálacha Airteagal 84, an dara mír, den Chonradh á gcur san áireamh. Tá na nósanna imeachta sin gan dochar don fhéidearthacht go gcuirfidh cigirí an Choimisiúin coimircí i bhfeidhm ar na hábhair núicléacha shibhialta agus go n-áiritheoidh siad go gcomhlíontar Airteagal 77 den Chonradh. Sna nósanna imeachta sin áirítear forálacha maidir le suiteálacha nó codanna de shuiteálacha atá á ndíchoimisiúnú. De mhaolú air sin, féadfar a chomhaontú, ar bhonn cás ar chás, go gcuirfear taifid shonracha faoi bhráid chigirí an Choimisiúin in ionad na ndoiciméad loingsithe dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(a).

3. D'ainneoin mhír 1 agus mhír 2 den Airteagal seo:

(a) beidh feidhm ag forálacha Airteagail 3(1), 4 agus 8 maidir le suiteálacha nó codanna de shuiteálacha a oibrítear go heisiach tráthanna áirithe le hábhair núicléacha a d'fhéadfaí a shannadh chun freastal ar cheanglais chosanta, ach a oibrítear go heisiach tráthanna eile le hábhair núicléacha shibhialta;

(b) beidh feidhm ag forálacha Airteagail 3(1), 4 agus 8, seachas i gcás eisceachtaí ar chúiseanna slándála náisiúnta, maidir le suiteálacha nó codanna de shuiteálacha a bhféadfaí an rochtain orthu a shrianadh ar na cúiseanna sin ach a dhéanann ábhair núicléacha shibhialta a tháirgeadh, a chóireáil, a dheighilt, a athphróiseáil, a stóráil nó a úsáid ar aon bhealach eile, comhuaineach le hábhair núicléacha a shanntar nó ar chaoi go sannfaí iad chun freastal ar riachtanais chosanta;

(c) beidh feidhm ag forálacha Airteagail 2 agus 7, Airteagail 9 go 37, míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo agus Airteagail 41, 42 agus 43 maidir leis na hábhair núicléacha shibhialta uile a bheidh suite sna suiteálacha nó i gcodanna de na suiteálacha dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den mhír seo;

(d) ní bheidh feidhm ag forálacha Airteagal 6, Airteagal 34 agus Airteagal 35, pointe (c) ar chríocha an Bhallstáit a bhfuil airm núicléacha aige.

## Caibidil VII
## Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 40*

*Rúndacht sonraí*

1. An fhaisnéis a fhaigheann nó a láimhseálann an Coimisiún faoin Rialachán seo, tá sí faoi réir na rialacha slándála a leagtar amach i gCinneadh (AE/Euratom) 2015/443 agus (AE, Euratom) 2015/444, gan dochar do Rialachán (Euratom) Uimh. 3.

2. Beidh slándáil an tarchuir faisnéise i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin agus ceanglais na mBallstát maidir le tarchur na faisnéise sin.

*Airteagal 41*

*Suiteálacha a rialaítear ó áiteanna lasmuigh den Chomhphobal*

I gcás suiteáil ar duine nó gnóthas arna bhunú lasmuigh den Chomhphobal atá á rialú, is iad lucht bainistíochta áitiúil na suiteála sin a chomhlíonfaidh aon oibleagáid a leagtar síos sa Rialachán seo.

*Airteagal **42***

*Cur chun feidhme agus faireachán*

1. Déanfaidh an Coimisiún treoirlínte d'fheidhmiú an Rialacháin seo a ghlacadh agus a fhoilsiú trí bhíthin molta, agus tabharfar cothrom le dáta iad más gá i bhfianaise na taithí a bheidh faighte, i ndlúthchomhairle leis na Ballstáit, agus tar éis barúlacha a fháil ó pháirtithe leasmhara.

2. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo laistigh de 10 mbliana tar éis a theacht i bhfeidhm. Déanfaidh sé na príomhthorthaí a thuairisciú don Chomhairle.

*Airteagal 43*

*Aisghairm*

Aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 302/2005 le héifeacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Aisghairfear Iarscríbhinní III go IX agus XII go XV áfach ón … [*40 mí tar éis dháta fhoilsithe an Rialacháin seo*], agus aisghairfear Iarscríbhinní I, II agus XI ón … [ *6 mhí tar éis dháta fhoilsithe an Rialacháin seo]*.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 44*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Iarscríbhinní III go X agus XII go XV ón … [*40 mí tar éis dháta fhoilsithe an Rialacháin seo*], agus beidh feidhm ag Iarscríbhinní I, II, XI agus XVI ón [*6 mhí tar éis dháta fhoilsithe an Rialacháin seo]*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Comhalta den Choimisiún*

# IARSCRÍBHINN I

CEISTNEOIR CHUN
AIRÍONNA BUNÚSACHA TEICNIÚLA (ABTanna) NA SUITEÁLACHA A DHEARBHÚ

NB:

1. I bhfianaise éagsúlacht leathan na suiteálacha sa Chomhphobal, d'fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt ceisteanna ábhartha do shuiteálacha áirithe. Féadfar an freagra 'neamhbhainteach' a thabhairt i gcás ina measfar nach mbaineann an cheist le hábhar i bhfianaise an cháis áirithe ina bhfuil an tsuiteáil. Sa chás sin, ní mór míniú gearr a thabhairt ar an gcúis a meastar nach mbaineann an cheist le hábhar.

2. ABTanna a dearbhaíodh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, leanfaidh siad de bheith bailí go dtí go n-athrófar iad.

3. I gcás ina dtugtar an dearbhú cothrom le dáta, aibhsigh le do thoil na modhnuithe a tugadh isteach. I gcás nuashonruithe, déanfar na ABTanna iomlána a tharchur faoi uimhir leagain nua.

4. Cuireann an Coimisiún teimpléid leictreonacha le haghaidh gach ceistneora ar fáil trí ardán tiomnaithe.

5. Cuirfear an dearbhú, arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí (go digiteach más féidir), ar aghaidh chuig an Coimisiún Eorpach, Coimircí Euratom go leictreonach.

## IARSCRÍBHINN I-A

IMOIBREOIRÍ CUMHACHTA AGUS TAIGHDE

Mionsonraí riaracháin:

(a) dáta (an dáta a rinneadh na ABTanna);

(b) leagan (uimhir uathúil le haghaidh tagartha);

(c) oifigeach freagrach (ainm agus sonraí teagmhála).

AN tSUITEÁIL A SHAINAITHINT

1. Ainm na suiteála (sonraigh an gnáthghiorrúchán, más infheidhme).

   – Léirigh cód/cóid TMC (a luaithe a shannfar é/iad).

2. Suíomh, seoladh poist agus ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

3. Úinéir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

4. Oibreoir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

5. Tuairisc (príomhghnéithe amháin).

6. Cuspóir agus cineál na suiteála.

7. Stádas reatha (e.g. céim an deartha, á tógáil, á hoibriú, dúnta agus/nó á díchoimisiúnú).

8. Faisnéis réamhoibríochta

Dátaí sceidil deartha agus tógála, dátaí measta a chuirfear tús le coimisiúnú agus oibriú. Dátaí ceadúnais iarrtha agus/nó formheasta (e.g. cinneadh i bprionsabal maidir le dátaí measta tógála agus iarrata ar cheadúnas oibríochta). Faisnéis maidir leis an dáta a meastar a bhfaighfear an t-ábhar núicléach. Líníochtaí deartha na suiteála atá le cur in iúl a luaithe a bheidh siad sin ar fáil.

9. Gnáthmhodh oibriúcháin (an córas sealoibre a glacadh, neasdátaí na dtréimhsí oibriúcháin sa bhliain, etc.).

10. Leagan amach an limistéir (léarscáil a léiríonn an tsuiteáil, imoibreoir (imoibreoirí) agus limistéir stórála, teorainneacha, foirgnimh, bóithre, aibhneacha, iarnróid, etc.).

11. Leagan amach na suiteála:

(a) príomhlimistéir a shainaithint (an struchtúr coimeádta, fálta agus bealaí rochtana);

(b) limistéar stórála ábhar isteach;

(c) limistéar an imoibreora (na n-imoibreoirí);

(d) limistéar tástála agus turgnaimh, saotharlanna;

(e) limistéar stórála ábhar amach;

(f) limistéar stórála dramhaíola.

12. Duine atá freagrach as na coimircí, agus as cuntasaíocht ábhair núicléach freisin, agus seoladh ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

Sonraí ginearálta an imoibreora

13. Tuairisc ar an tsuiteáil (lena léirítear na príomhearraí trealaimh).

14. Aschur teirmeach agus leictreachais rátaithe (i gcás inarb infheidhme).

15. An líon aonad.

16. An cineál imoibreora.

17. An cineál athbhreoslaithe (fad timthrialla, luchtú/díluchtú, an céatadán den bhreosla a athluchtaítear).

18. Raon saibhrithe chroí an imoibreora agus tiúchán Pu (i gcothromaíocht i gcás imoibreoirí luchtaithe, agus figiúirí tosaigh agus deiridh i gcás imoibreoirí díluchtaithe).

19. Maolaire.

20. Fuarthán.

21. Blaincéad, frithchaiteoir.

SOCRUITHE GINEARÁLTA SA tSUITEÁIL, LENA nÁIRÍTEAR SOCRUITHE I nDÁIL LE hÚSÁID AGUS LÁIMHSEÁIL ÁBHAIR

Tuairisc ar an ábhar núicléach

22. Cineálacha breosla úir.

23. Saibhriú breosla úir (U-235) agus/nó cion Pu (meánsaibhriú i gcás gach cineáil cóimeála).

24. Meáchan ainmniúil breosla in eilimintí/cóimeálacha in éineacht le lamháltais deartha.

25. Tuairisc mhionsonraithe ar chóimeálacha imoibreora:

(a) an cineál cóimeálacha breosla;

(b) an líon cóimeálacha breosla, cóimeálacha rialaithe agus sime, cóimeálacha turgnamhacha atá i gcroí an imoibreora, i limistéar blaincéid (limistéir bhlaincéid);

(c) an líon agus na cineálacha slat/eilimintí breosla;

(d) meánsaibhriú agus/nó cion Pu in aghaidh na cóimeála;

(e) struchtúr ginearálta;

(f) foirm gheoiméadrach;

(g) toisí foriomlána;

(h) ábhar cumhdaigh.

26. Tuairisc mhionsonraithe ar gach cineál breosla úir:

(a) foirm fhisiceach agus cheimiceach bhreosla;

(b) ábhar núicléach agus a chainníocht;

(c) saibhriú agus/nó cion Pu;

(d) foirm gheoiméadrach;

(e) toisí;

(f) an líon slat/pionnaí in aghaidh na heiliminte;

(g) comhdhéanamh ceimiceach nó príomh-chomhábhair cóimhiotail;

(h) ábhar cumhdaigh (tiús, comhdhéanamh ábhair, nascadh).

27. Foráil maidir le malartú pionnaí i ngach cineál cóimeála breosla. Léirigh cé acu a bheartaítear nó nach mbeartaítear go dtiocfaidh sé sin chun bheith ina ghnáthoibríocht.

28. Bunaonaid cuntasaíochta oibríochtúla (eilimintí/cóimeálacha breosla, etc.).

29. Cineálacha eile aonad cuntasaíochta.

30. Modh sainaitheanta ábhair núicléach agus/nó breosla.

31. Ábhar núicléach eile agus dumaithe (e.g. sciathadh, soithí scoilte, foinsí, etc.).

Sreabhadh an ábhair núicléach

32. Sreabhchlár scéimreach le haghaidh ábhar núicléach (lena sainaithnítear pointí tomhais, limistéir chuntasachta, suíomhanna fardail).

33. Fardal agus raon cainníochta lena n-áirítear saibhriú úráiniam agus cion plútóiniam, líon na n-earraí sna Príomhphointí Tomhais (faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin) san méid seo a leanas:

    (a) stóras breosla úir;

    (b) croí an imoibreora;

    (c) stóras breosla spíonta;

    (d) suíomhanna eile.

34. Lódfhachtóir.

35. Luchtú chroí an imoibreora (líon na n-eilimintí agus na gcóimeálacha).

36. Ceanglais maidir le hathbhreoslú.

37. Dó-ídiú, meánráta agus uasráta.

38. Léirigh conas cóimeálacha breosla ionradaithe a láimhseáil (atá le stóráil agus iad tirim/fliuch nó le hathphróiseáil).

Ábhar núicléach a láimhseáil

39. Socrú ginearálta maidir le breosla úr:

    (a) leagan amach, plean agus pacáistíocht stórála;

    (b) toilleadh stórais;

    (c) seomra ullmhaithe agus measúnachta breosla agus limistéar luchtaithe imoibreora, tuairisc agus tásc ar an leagan amach agus socrú ginearálta.

40. Trealamh aistrithe breosla (lena n-áirítear meaisín athbhreoslaithe).

41. Bealaí a dtéann breosla úr, breosla ionradaithe, blaincéad agus ábhar núicléach eile.

42. Soitheach imoibreora (lena léirítear an suíomh ar a bhfuil croí an imoibreora, rochtain ar an soitheach, oscailtí sa soitheach agus láimhseáil breosla sa soitheach).

43. Léaráid de chroí an imoibreora (lena léirítear eagar ginearálta, laitís, foirm, claonadh, toisí croí imoibreora, frithchaiteoir, blaincéad, suíomh, cruthanna agus toisí eilimintí/cóimeálacha breosla, eilimintí/cóimeálacha rialaithe, eilimintí/cóimeálacha turgnamhacha).

44. Líon agus méid na gcainéal le haghaidh eilimintí nó cóimeálacha breosla agus le haghaidh eilimintí rialaithe i gcroí an imoibreora.

45. Meánfhlosc neodrón meánach i gcroí an imoibreora (teirmeach/mear).

46. Ionstraimíocht chun flosca neodrón agus gáma a thomhas.

47. Socrú ginearálta maidir le breosla ionradaithe:

(a) leagan amach, stórais breosla spíonta;

(b) an modh stórála;

(c) toilleadh deartha stórais;

(d) íostréimhse agus gnáth-thréimhse fuaraithe roimh loingsiú;

(e) tuairisc ar an trealamh chun breosla ionradaithe a iompar agus ar an mbairille loingsithe.

48. Uasleibhéal radaíochta an bhreosla/an bhlaincéid tar éis athbhreoslú (ráta dáileoige ar an dromchla agus achar 1 mhéadar uaidh).

49. Modhanna agus trealamh a úsáidtear chun breosla ionradaithe a láimhseáil (baint pionna, buinne bairr)

50. Limistéar tástála an ábhair núicléach (más infheidhme):

(a) tuairisc ghairid ar na gníomhaíochtaí a rinneadh;

(b) tuairisc ar an bpríomhthrealamh (e.g. teo-cheall, trealamh chun an chóimeáil bhreosla a dhíchumhdach agus a leá);

(c) tuairisc ar na coimeádáin loingsithe agus stórála le haghaidh an ábhair núicléach agus ar an bpacáistíocht i gcás dramhaíola agus fuíll (e.g. chun a chinneadh an mbeidís inséalaithe);

(d) tuairisc ar an limistéar stórála le haghaidh ábhar núicléach nach bhfuil ionradaithe agus ábhar núicléach ionradaithe;

(e) leagan amach agus socrú ginearálta.

Sonraí fuartháin

51. Léaráid den tsreabh (lena léirítear sreabhadh maise, teocht agus brú ag mórphointí, etc.).

Rialacha cosanta agus sábháilteachta

52. Rialacha sonracha maidir le rochtain fhisiceach ar an ábhar núicléach le haghaidh faisnéis ó chigire.

53. Cosaint shonrach raideolaíoch agus rialacha sonracha sláinte agus sábháilteachta atá le comhlíonadh ag cigirí.

CUNTASAÍOCHT AGUS RIALÚ ÁBHAIR NÚICLÉACH (CRAN)

54. Tabharfar tuairisc ar chóras CRAN faoi na ceannteidil seo a leanas:

(a) Ginearálta

Tuairisc ar an gcóras cuntasaíochta a úsáidtear chun sonraí cuntasaíochta a thaifeadadh agus a thuairisciú, lena n-áirítear an modh chun sonraí cuntasaíochta a thaifeadadh agus chun an mhaischothromaíocht a bhunú;

(b) Príomhathruithe ar fhardail

Tuairisc ar ghnáthathruithe ar fhardail e.g. fáltais, loingsithe (lena n-áirítear dramhaíl), caillteanas agus táirgeadh núicléach, lena n-áirítear tuairisc ar an gcaoi a gcinntear na hathruithe sin. Déanfar na taifid oibriúcháin chomhfhreagracha agus na sonraí foinseacha comhfhreagracha (e.g. foirmeacha fála agus loingsithe, taifeadadh tosaigh tomhas agus bileoga rialaithe tomhas) a shainaithint;

(c) Fardal fisiceach

Tuairisc ar nósanna imeachta, minicíocht sceidealaithe, modhanna an oibreora chun fardal a dhéanamh (maidir le líon na n-earraí chomh maith le meáchain a n-ábhar núicléach), lena n-áirítear modhanna ábhartha measúnachta agus an cruinneas measta, rochtain ar ábhar núicléach, modhanna féideartha chun ábhair núicléacha úra agus ionradaithe a fhíorú go fisiceach;

(d) Taifid oibriúcháin agus chuntasaíochta (lena n-áirítear foirmeacha aistrithe inmheánaigh, an modh coigeartaithe nó ceartaithe, bearta rialaithe agus freagracht as taifid)

Tuairisc ar an gcaoi a gcoinnítear na taifid sin ar bun, lena n-áirítear i gcás inar gá coigeartú nó ceartú a dhéanamh, an áit inar féidir na taifid a cheadú, tréimhse choinneála agus teanga;

(e) Forálacha cuntasaíochta áirithe

Tuairisc ar fhorálacha áirithe, e.g. chun baisc-aitheantais a ainmniú agus modhanna chun neamhréireachtaí cuntasaíochta a chosc, a bhrath agus a réiteach go tráthúil.

55. Forálacha a bhaineann le bearta coimeádta agus faireachais atá ann cheana nó atá beartaithe (tuairisc ghinearálta maidir le plean urláir agus leagan amach suiteála ionas gur féidir séalaí, ceamaraí, léasair, tarchur sonraí cianda, etc. a shuiteáil).

56. I gcás gach pointe tomhais den limistéar maischothromaíochta, soláthair an fhaisnéis seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:

(a) suíomh, cineál, aitheantas;

(b) cineálacha athruithe ar fhardail réamh-mheasta;

(c) an fhéidearthacht go n-úsáidfí an pointe tomhais sin chun fardal fisiceach a dhéanamh;

(d) foirm fhisiceach agus cheimiceach ábhair núicléach;

(e) coimeádáin agus pacáistíocht ábhair núicléach;

(f) nósanna imeachta agus trealamh samplála a úsáidtear;

(g) modhanna agus trealamh tomhais a úsáidtear le haghaidh comhaireamh earraí, flosca neodrón, leibhéal cumhachta, dó-ídiú agus táirgeadh núicléach etc;

(h) foinse agus leibhéal cruinnis;

(i) teicníc agus minicíocht chalabrú an trealaimh a úsáidtear;

(j) clár chun breithmheas leanúnach a dhéanamh ar chruinneas modhanna agus teicnící a úsáidtear;

(k) an modh chun sonraí foinseacha a thiontú ina sonraí baisce (nósanna imeachta ríomha, an tairiseach a úsáidtear, etc.);

(l) sreabhráta réamh-mheasta na mbaisceanna in aghaidh na bliana;

(m) líon réamh-mheasta na mbaisceanna fardail;

(n) líon réamh-mheasta na n-earraí in aghaidh na sreibhe;

(o) cineál, comhdhéanamh agus cainníocht mheasta ábhair núicléach in aghaidh na baisce (ar an meán), foirm an ábhair núicléach agus an gnáth-chomhdhéanamh iseatópach;

(p) rochtain ar ábhar núicléach agus a shuíomh.

FAISNÉIS IAR-OIBRÍOCHTA

57. Dátaí an sceidil díchoimisiúnúcháin (na dátaí a chuirfear deireadh le hoibriú agus díchoimisiúnú).

58. Plean díchoimisiúnúcháin, ina n-áireofar an méid seo a leanas:

(a) príomhimeachtaí an phlean díchoimisiúnúcháin;

(b) ábhar núicléach a bhaint agus a aisghabháil. Plean a sholáthar ina mbeidh meastacháin maidir le conas, cén áit agus cathain a dhéanfar ábhar núicléach a aisghabháil agus/nó a bhaint (e.g. ábhar scaoilte a chomhdhlúthú ina n-earraí, earraí a bhaint, ábhar a aisghabháil/a bhaint ó ghníomhaíochtaí dí-éillithe, agus ábhar núicléach i ndramhaíl a aisghabháil/a bhaint) agus conas a choinneofar cuntas air;

(c) trealamh atá fíor-riachtanach le haghaidh fheidhmiú na suiteála a bhaint nó a chur as feidhm, agus ábhar núicléach a láimhseáil nó a stóráil.

FAISNÉIS EILE IS ÁBHARTHA MAIDIR LE COIMIRCÍ A CHUR I bhFEIDHM

59. Faisnéis roghnach eile agus líníochtaí a mheasann an t-oibreoir a bheith ábhartha do choimirciú na suiteála.

# IARSCRÍBHINN I-B

SUITEÁLACHA CRITICIÚLA AGUS FOCHRITICIÚLA

Mionsonraí riaracháin:

(a) dáta (an dáta a rinneadh na ABTanna);

(b) leagan (uimhir uathúil le haghaidh tagartha);

(c) oifigeach freagrach (ainm agus sonraí teagmhála).

AN tSUITEÁIL A SHAINAITHINT

1. Ainm na suiteála (sonraigh an gnáthghiorrúchán, más infheidhme).

   – Léirigh cód/cóid TMC (a luaithe a shannfar é/iad).

2. Suíomh, seoladh poist agus ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

3. Úinéir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

4. Oibreoir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

5. Tuairisc (príomhghnéithe amháin).

6. Cuspóir agus cineál na suiteála.

7. Stádas reatha (e.g. céim an deartha, á tógáil, á hoibriú, dúnta agus/nó á díchoimisiúnú).

8. Faisnéis réamhoibríochta

Dátaí sceidil deartha agus tógála, dátaí measta a chuirfear tús le coimisiúnú agus oibriú. Dátaí ceadúnais iarrtha agus/nó formheasta (e.g. cinneadh maidir le dátaí prionsabail, dátaí tógála agus dátaí measta na n-iarrataí ar cheadúnas oibríochta). Faisnéis maidir leis an dáta a meastar a bhfaighfear an t-ábhar núicléach. Líníochtaí deartha na suiteála atá le cur in iúl a luaithe a bheidh siad sin ar fáil.

9. Gnáthmhodh oibriúcháin (an córas sealoibre a glacadh, neasdátaí na dtréimhsí oibriúcháin sa bhliain, etc.).

10. Leagan amach an limistéir (léarscáil ar a léirítear an tsuiteáil, teorainneacha, foirgnimh, bóithre, aibhneacha, iarnróid, etc.).

11. Leagan amach na suiteála:

(a) príomhlimistéir a shainaithint (an struchtúr coimeádta, fálta agus bealaí rochtana);

(b) limistéar nó limistéir stórála ábhair núicléach;

(c) limistéir stórála dramhaíola;

(d) na bealaí a leanann an t-ábhar núicléach;

(e) limistéir tástála agus turgnaimh, saotharlanna.

12. Duine atá freagrach as na coimircí, agus as cuntasaíocht ábhair núicléach freisin, agus seoladh ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

Sonraí suiteála ginearálta

13. An líon cóimeálacha criticiúla sa tsuiteáil agus a suíomh.

14. Uaschumhacht oibriúcháin mheasta agus/nó flosc neodrón measta.

15. Tuairisc ar an modhnóir, ar an bhfrithchaiteoir, ar an mblaincéad agus ar an bhfuarthán.

SOCRUITHE GINEARÁLTA SA tSUITEÁIL, LENA nÁIRÍTEAR SOCRUITHE I nDÁIL LE hÚSÁID AGUS LÁIMHSEÁIL ÁBHAIR

Tuairisc ar an ábhar núicléach

16. Príomhchineálacha ábhair núicléach/breosla agus meáchan ainmniúil ábhair núicléach sa tsuiteáil.

17. Raon saibhrithe breosla agus cion Pu.

18. Tuairisc, trí bhíthin líníochtaí nó eile, ar ábhar breosla (le haghaidh gach cineáil):

(a) comhdhéanamh ceimiceach nó príomh-chomhábhair cóimhiotail;

(b) foirm agus toisí;

(c) an líon slat/pionnaí in aghaidh na heiliminte;

(d) saibhriú;

(e) meáchan ainmniúil an ábhair núicléach, mar aon le lamháltais deartha;

(f) comhdhéanamh cóimhiotail, etc.

19. Ábhar cumhdaigh (tiús, comhdhéanamh ábhair agus nascadh).

20. Fo-chóimeálacha breosla (an líon eilimintí breosla in aghaidh na cóimeála núicléiche, socrú eilimintí breosla i bhfo-chóimeáil, cumraíocht agus meáchan ainmniúil ábhair núicléach in aghaidh na fo-chóimeála agus lamháltas deartha).

21. Bunaonad cuntasaíochta oibríochtúla (eilimintí/cóimeálacha breosla, etc.).

22. Cineálacha eile aonaid.

23. Modhanna chun ábhar núicléach/breosla a shainaithint.

24. Ábhar núicléach eile agus dumaithe (luaigh go hachomair an t-ábhar, an cuspóir agus an modh úsáide, e.g. mar shlata treisiúcháin, sciathadh, soithí scoilte, foinsí).

Sreabhadh an ábhair núicléach

25. Sreabhchlár scéimreach le haghaidh ábhar núicléach (lena sainaithnítear pointí tomhais, limistéir chuntasachta, suíomhanna fardail, etc., chun críoch oibreora).

26. Fardal agus raon cainníochta lena n-áirítear saibhriú úráiniam agus cion plútóiniam, i gcás an méid seo a leanas:

(a) Stóras (stórais) ábhair núicléach;

(b) limistéar (limistéir) chroí an imoibreora;

(c) lárionad coimeála;

(d) suíomhanna eile.

Suíomh agus láimhseáil ábhair núicléach (i gcás gach limistéir cuntasachta)

27. Léaráid de chroí an imoibreora (i gcás gach cóimeála criticiúla lena léirítear an t-eagar ginearálta, struchtúr tacaíochta chroí an imoibreora, socruithe sciata agus bainte teasa, cainéil le haghaidh eilimintí nó fo-chóimeálacha breosla, slata rialaithe, modhnóir, frithchaiteoir, tiúbanna léis, toisí, etc.).

28. Raonta maise criticiúla agus uasgha.

29. Tuairisc ar na cumraíochtaí is coitianta.

30. Meánfhlosc neodrón meánach i gcroí an imoibreora (teirmeach/mear).

31. Ionstraimíocht chun flosca neodrón agus gáma a thomhas (cruinneas agus cineál ionstraimí; suíomh táscaire agus taifeadáin).

32. Uasleibhéal radaíochta lasmuigh/laistigh den sciathadh in áiteanna sonraithe (an ráta dáileoige).

33. Uasleibhéal radaíochta an bhreosla tar éis athbhreoslú/oibriú (ráta dáileoige ar an dromchla agus achar 1 mhéadar uaidh).

34. Stóras ábhair núicléach:

(a) tuairisc ar phacáistíocht;

(b) plean agus socruithe stórála;

(c) toilleadh stórais;

(d) Ullmhú ábhair núicléach (tuairisc agus sainaitheantas ar an leagan amach agus socrú ginearálta).

35. Cúrsaí á leanúint ag an ábhar núicléach.

36. An príomhthrealamh a úsáidtear le haghaidh an mhéid seo a leanas:

(o) cineál, comhdhéanamh agus cainníocht ábhair núicléach in aghaidh na baisce, meáchan iomlán an ábhair núicléach in earra, an comhdhéanamh iseatópach i gcás inarb iomchuí agus foirm an ábhair núicléach.

FAISNÉIS IAR-OIBRÍOCHTA

40. Dátaí an sceidil díchoimisiúnúcháin (na dátaí a chuirfear deireadh le hoibriú agus díchoimisiúnú).

41. Plean díchoimisiúnúcháin, ina n-áireofar an méid seo a leanas:

(a) príomhimeachtaí an phlean díchoimisiúnúcháin;

(b) ábhar núicléach a bhaint agus a aisghabháil. Plean a sholáthar ina mbeidh meastacháin maidir le conas, cén áit agus cathain a dhéanfar ábhar núicléach a aisghabháil agus/nó a bhaint (e.g. ábhar scaoilte a chomhdhlúthú ina n-earraí, earraí a bhaint, ábhar a aisghabháil/a bhaint ó ghníomhaíochtaí dí-éillithe, agus ábhar núicléach i ndramhaíl a aisghabháil/a bhaint) agus conas a choinneofar cuntas air;

(c) trealamh atá fíor-riachtanach le haghaidh fheidhmiú na suiteála a bhaint nó a chur as feidhm, agus ábhar núicléach a láimhseáil nó a stóráil.

FAISNÉIS EILE IS ÁBHARTHA MAIDIR LE COIMIRCÍ A CHUR I bhFEIDHM

42. Faisnéis roghnach eile a mheasann an t-oibreoir a bheith ábhartha do choimirciú na suiteála.

**IARSCRÍBHINN I-G**

SUITEÁLACHA STÓRÁLA

Mionsonraí riaracháin:

(a) dáta (an dáta a rinneadh na ABTanna);

(b) leagan (uimhir uathúil le haghaidh tagartha);

(c) oifigeach freagrach (ainm agus sonraí teagmhála).

AN tSUITEÁIL A SHAINAITHINT

1. Ainm na suiteála (sonraigh an gnáthghiorrúchán, más infheidhme).

   – Léirigh cód/cóid TMC (a luaithe a shannfar é/iad).

2. Suíomh, seoladh poist agus ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

3. Úinéir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

4. Oibreoir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

5. Tuairisc (príomhghnéithe amháin).

6. Cuspóir agus cineál na suiteála.

7. Stádas reatha (e.g. céim an deartha, á tógáil, á hoibriú, dúnta agus/nó á díchoimisiúnú).

8. Faisnéis réamhoibríochta

Dátaí sceidil deartha agus tógála, dátaí measta a chuirfear tús le coimisiúnú agus oibriú. Dátaí ceadúnais iarrtha agus/nó formheasta (e.g. cinneadh maidir le dátaí prionsabail, dátaí tógála agus dátaí measta na n-iarrataí ar cheadúnas oibríochta). Faisnéis maidir leis an dáta a meastar a bhfaighfear an t-ábhar núicléach. Líníochtaí deartha na suiteála atá le cur in iúl a luaithe a bheidh siad sin ar fáil.

9. Gnáthmhodh oibriúcháin (an córas sealoibre a glacadh, neasdátaí na dtréimhsí oibriúcháin sa bhliain, etc.).

10. Leagan amach an limistéir (léarscáil ar a léirítear an tsuiteáil, teorainneacha, foirgnimh, bóithre, aibhneacha, iarnróid, etc.).

11. Leagan amach na suiteála:

(a) príomhlimistéir a shainaithint (an struchtúr coimeádta, fálta agus bealaí rochtana);

(b) limistéir stórála ábhair núicléach;

(c) limistéar stórála dramhaíola;

(d) na bealaí a leanann an t-ábhar núicléach;

(e) limistéar tástála agus turgnaimh, saotharlanna.

12. Duine atá freagrach as na coimircí, agus as cuntasaíocht ábhair núicléach freisin, agus seoladh ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

Sonraí ginearálta stórála

13. Tuairisc ar an tsuiteáil (lena léirítear na príomhearraí trealaimh le haghaidh gach limistéir stórála).

14. Toilleadh deartha.

15. An tréchur bliantúil agus fardal réamh-mheasta.

SOCRUITHE GINEARÁLTA SA tSUITEÁIL, LENA nÁIRÍTEAR SOCRUITHE I nDÁIL LE hÚSÁID AGUS LÁIMHSEÁIL ÁBHAIR

Tuairisc ar an ábhar núicléach

16. Tuairisc ar úsáid an ábhair núicléach.

17. Tuairisc, le líníochtaí nó eile, ar an ábhar núicléach ar fad sa tsuiteáil, agus an méid seo a leanas á léiriú:

    (a) cineálacha uile na n-earraí a láimhseáiltear ag an tsuiteáil;

    (b) comhdhéanamh ceimiceach nó príomh-chomhábhair cóimhiotail;

    (c) foirm agus toisí;

    (d) raon saibhrithe agus cion Pu;

    (e) meáchan ainmniúil an ábhair núicléach, mar aon le lamháltais deartha;

    (f) ábhair chumhdaigh;

(g) modhanna chun earraí a shainaithint;

(h) raon na leibhéal radaíochta ag suíomh ábhair núicléach (rátaí dáileoige i suíomhanna sonraithe).

Sreabhadh an ábhair núicléach

18. Sreabhchlár scéimreach le haghaidh ábhar núicléach (lena sainaithnítear pointí tomhais, limistéir chuntasachta, suíomhanna fardail, etc., chun críoch oibreora).

Suíomh agus láimhseáil an ábhair núicléach

19. Tuairisc ar gach limistéar stórála ábhair núicléach (suíomhanna fardail).

20. An raon measta fardal d'ábhair núicléach i ngach limistéar stórála.

21. An modh chun ábhar núicléach a shuíomh i stóras.

22. Na bealaí agus an trealamh a úsáidtear chun ábhar núicléach a láimhseáil agus a ghluaiseacht.

23. Minicíocht fála agus loingsithe.

24. Na coimeádáin ina stóráiltear agus/nó ina loingsítear ábhar núicléach agus a sciathadh.

Rialacha cosanta agus sábháilteachta

25. Rialacha sonracha maidir le rochtain fhisiceach ar an ábhar núicléach le haghaidh faisnéis ó chigire.

26. Cosaint shonrach raideolaíoch agus rialacha sonracha sláinte agus sábháilteachta atá le comhlíonadh ag cigirí.

CUNTASAÍOCHT AGUS RIALÚ ÁBHAIR NÚICLÉACH (CRAN)

27. Tabharfar tuairisc ar chóras CRAN faoi na ceannteidil seo a leanas:

(a) Ginearálta

Tuairisc ar an gcóras cuntasaíochta a úsáidtear chun sonraí cuntasaíochta a thaifeadadh agus a thuairisciú, lena n-áirítear an modh chun sonraí cuntasaíochta a thaifeadadh agus chun an mhaischothromaíocht a bhunú;

(b) Príomhathruithe ar fhardail

Tuairisc ar ghnáthathruithe ar fhardail e.g. fáltais (lena n-áirítear an modh chun déileáil leis na difríochtaí seoltóra/faighteora agus ceartúcháin chuntais ina dhiaidh sin), loingsithe agus dramhaíl a bhaineann le hathruithe ar fhardail, lena n-áirítear tuairisc ar an gcaoi a gcinntear na hathruithe sin. Déanfar taifid oibriúcháin chomhfhreagracha agus sonraí foinseacha comhfhreagracha (e.g. foirmeacha fála agus loingsithe, taifeadadh tosaigh tomhas agus bileoga rialaithe tomhas) a shainaithint;

(c) Fardal fisiceach

Tuairisc ar nósanna imeachta, minicíocht sceidealaithe, modhanna an oibreora chun fardal a dhéanamh (maidir le líon na n-earraí chomh maith le meáchain a n-ábhar núicléach), lena n-áirítear modhanna ábhartha measúnachta agus an cruinneas measta, rochtain ar ábhar núicléach, modhanna féideartha chun ábhair núicléacha úra agus ionradaithe a fhíorú go fisiceach;

(d) Taifid oibriúcháin agus chuntasaíochta (lena n-áirítear foirmeacha aistrithe inmheánaigh, an modh coigeartaithe nó ceartaithe, bearta rialaithe agus freagracht as taifid).

Tuairisc ar an gcaoi a gcoinnítear na taifid sin ar bun, lena n-áirítear i gcás inar gá coigeartú nó ceartú a dhéanamh, an áit inar féidir na taifid a cheadú, tréimhse choinneála agus teanga;

(e) Forálacha cuntasaíochta áirithe

Tuairisc ar fhorálacha áirithe, e.g. chun baisc-aitheantais a ainmniú agus modhanna chun neamhréireachtaí cuntasaíochta a chosc, a bhrath agus a réiteach go tráthúil.

28. Forálacha a bhaineann le bearta coimeádta agus faireachais atá ann cheana nó atá beartaithe (tuairisc ghinearálta maidir le plean urláir agus leagan amach suiteála ionas gur féidir séalaí, ceamaraí, léasair, tarchur sonraí cianda, etc. a shuiteáil).

29. I gcás gach pointe tomhais den limistéar maischothromaíochta, soláthair an fhaisnéis seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:

(a) tuairisc ar shuíomh, cineál, aitheantas;

(b) cineálacha athruithe ar fhardail réamh-mheasta;

(c) an fhéidearthacht go n-úsáidfí an pointe tomhais sin chun fardal fisiceach a dhéanamh;

(d) foirm fhisiceach agus cheimiceach ábhair núicléach;

(e) coimeádáin ábhair núicléach;

(f) nósanna imeachta agus trealamh samplála a úsáidtear;

(g) modhanna agus trealamh tomhais;

(h) foinse agus leibhéal na n-earráidí randamacha agus córasacha (meáchan, toirt, sampláil, tástáil neamhscriosach);

(i) teicníc agus minicíocht chalabrú an trealaimh a úsáidtear;

(j) an modh chun sonraí foinseacha a thiontú ina sonraí baisce;

(k) modh sainaitheanta baisce;

(l) sreabhráta réamh-mheasta na mbaisceanna in aghaidh na bliana;

(m) líon réamh-mheasta na mbaisceanna fardail agus an toilleadh stórála a bhaineann leo;

(n) líon réamh-mheasta na n-earraí in aghaidh na sreibhe;

(o) cineál, comhdhéanamh agus cainníocht ábhair núicléach in aghaidh na baisce, meáchan measta gach dúile d'ábhar núicléach, an comhdhéanamh iseatópach i gcás inarb iomchuí agus foirm an ábhair núicléach.

FAISNÉIS IAR-OIBRÍOCHTA

30. Dátaí an sceidil díchoimisiúnúcháin (na dátaí a chuirfear deireadh le hoibriú agus díchoimisiúnú).

31. Plean díchoimisiúnúcháin, ina n-áireofar an méid seo a leanas:

(a) príomhimeachtaí an phlean díchoimisiúnúcháin;

(b) ábhar núicléach a bhaint agus a aisghabháil. Plean a sholáthar ina mbeidh meastacháin maidir le conas, cén áit agus cathain a dhéanfar ábhar núicléach a aisghabháil agus/nó a bhaint (e.g. ábhar scaoilte a chomhdhlúthú ina n-earraí, earraí a bhaint, ábhar a aisghabháil/a bhaint ó ghníomhaíochtaí dí-éillithe, agus ábhar núicléach i ndramhaíl a aisghabháil/a bhaint) agus conas a choinneofar cuntas air;

(c) trealamh atá fíor-riachtanach le haghaidh fheidhmiú na suiteála a bhaint nó a chur as feidhm, agus ábhar núicléach a láimhseáil nó a stóráil.

FAISNÉIS EILE IS ÁBHARTHA MAIDIR LE COIMIRCÍ A CHUR I bhFEIDHM

32. Faisnéis roghnach eile a mheasann an t-oibreoir a bheith ábhartha do choimirciú na suiteála.

**IARSCRÍBHINN I-H**

SUITEÁLACHA CÓIREÁLA, STÓRÁLA AGUS DIÚSCARTHA DRAMHAÍOLA

Mionsonraí riaracháin:

(a) dáta (an dáta a rinneadh na ABTanna);

(b) leagan (uimhir uathúil le haghaidh tagartha);

(c) oifigeach freagrach (ainm agus sonraí teagmhála).

AN tSUITEÁIL A SHAINAITHINT

1. Ainm na suiteála (sonraigh an gnáthghiorrúchán, más infheidhme).

   – Léirigh cód/cóid TMC (a luaithe a shannfar é/iad).

2. Suíomh, seoladh poist agus ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

3. Úinéir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

4. Oibreoir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

5. Tuairisc (príomhghnéithe amháin).

6. Cuspóir agus cineál na suiteála.

7. Stádas reatha (e.g. céim an deartha, á tógáil, á hoibriú, dúnta agus/nó á díchoimisiúnú, dúnta (i gcás suiteálacha diúscartha amháin)).

8. Faisnéis réamhoibríochta

Dátaí sceidil deartha agus tógála, dátaí measta a chuirfear tús le coimisiúnú agus oibriú. Dátaí ceadúnais iarrtha agus/nó formheasta (e.g. cinneadh maidir le dátaí prionsabail, dátaí tógála agus dátaí measta na n-iarrataí ar cheadúnas oibríochta). Faisnéis maidir leis an dáta a meastar a bhfaighfear an t-ábhar núicléach. Líníochtaí deartha na suiteála atá le cur in iúl a luaithe a bheidh siad sin ar fáil.

9. Gnáthmhodh oibriúcháin (an córas sealoibre a glacadh, neasdátaí na dtréimhsí oibriúcháin sa bhliain).

10. Leagan amach an limistéir (léarscáil ar a léirítear an tsuiteáil, teorainneacha, foirgnimh, bóithre, aibhneacha, iarnróid, etc.).

11. Leagan amach na suiteála:

(a) an struchtúr coimeádta, fálta agus bealaí rochtana;

(b) na bealaí a leanann an t-ábhar núicléach;

(c) limistéir stórála dramhaíola;

(d) limistéir diúscartha dramhaíola;

(e) gach príomhlimistéar próiseála agus saotharlann phróisis;

(f) limistéir tástála nó turgnamhacha;

(g) saotharlann anailíseach.

12. Duine atá freagrach as na coimircí, agus as cuntasaíocht ábhair núicléach freisin, agus seoladh ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

Paraiméadair phróisis fhoriomlána

13. Tuairisc ar an tsuiteáil (lena léirítear na príomhearraí trealaimh).

14. Tuairisc ar an bpróiseas (lena léirítear freisin an modhnú ar fhoirmeacha fisiceacha agus ceimiceacha).

15. Toilleadh deartha (de réir meáchan príomhtháirgí in aghaidh na bliana).

16. Tréchur réamh-mheasta (i bhfoirm clár tosaigh lena léirítear an cion fothaí agus táirgí éagsúla).

17. Earraí trealaimh tábhachtacha eile a úsáideann, a tháirgeann nó a phróiseálann ábhar núicléach (cuir i gcás trealamh tástála agus turgnamhach).

SOCRUITHE GINEARÁLTA SA tSUITEÁIL, LENA nÁIRÍTEAR SOCRUITHE I nDÁIL LE hÚSÁID AGUS CUNTASAÍOCHT ÁBHAR, COIMEÁD AGUS FAIREACHAS

Tuairisc ar an ábhar núicléach

18. Tuairisc ar an bpríomhábhar:

(a) foirmeacha ceimiceacha agus fisiceacha (lena n-áirítear cion agus saibhriú ábhair núicléach);

(b) méid/sreabhráta baisce agus tréimhse feachtais, modh sainaitheanta baisce;

(c) limistéir stórála ábhair núicléach agus fardal gléasra (lena léirítear aon athrú ar thréchur);

(d) minicíocht fála nó loingsithe (baisceanna/aonaid in aghaidh na míosa).

19. Ábhar núicléach eile sa tsuiteáil agus an suíomh ar a bhfuil bhfuil sé, más ann dó.

20. Sreabhchlár scéimreach le haghaidh ábhar núicléach (lena sainaithnítear pointí samplála, pointe tomhais sreibhe agus fardail, limistéir chuntasachta, suíomhanna fardail, etc.).

21. Cineálacha, foirm, raonta d'ábhar núicléach (lena n-áirítear saibhriú, de réir mar is infheidhme), raonta cainníochtaí de shreabhadh ábhair núicléach do gach limistéar láimhseála ábhair núicléach.

Ábhar núicléach a láimhseáil

22. Tuairisc ar choimeádáin, ar phacáistíocht agus ar an limistéar stórála.

23. Modhanna agus meáin aistrithe ábhair núicléach (tabhair tuairisc ar an trealamh a úsáidtear freisin).

24. Bealaí iompair ar a n-iompraítear ábhar núicléach (agus tagairt do leagan amach gléasra).

25. Sciathadh (le haghaidh stórála agus aistrithe).

Cothabháil na suiteála

26. Cothabháil, dí-éilliú, glanadh amach (i gcásanna nach féidir glanadh amach agus/nó sampláil a dhéanamh, léirigh conas a thomhaistear nó a ríomhtar an mhoill ar ábhar núicléach):

(a) gnáthchothabháil na suiteála;

(b) suiteáil agus dí-éilliú trealaimh agus aisghabháil ábhair núicléach ina dhiaidh sin;

(c) suiteáil agus glanadh amach trealaimh lena n-áirítear modhanna chun a áirithiú go bhfuil soithí folamh;

(d) tosú suiteála agus múchadh gléasra (má tá sé difriúil ó ghnáthoibríocht).

Rialacha cosanta agus sábháilteachta

27. Rialacha sonracha maidir le rochtain fhisiceach ar an ábhar núicléach le haghaidh faisnéis ó chigire.

28. Cosaint shonrach raideolaíoch agus rialacha sonracha sláinte agus sábháilteachta maidir le comhlíontacht cigirí (cuir i gceangal ar leithligh, má tá siad fairsing).

CUNTASAÍOCHT AGUS RIALÚ ÁBHAIR NÚICLÉACH (CRAN)

29. Tuairisc ar chóras CRAN, an modh chun sonraí cuntasaíochta a thaifeadadh agus a thuairisciú agus maischothromaíochtaí a bhunú, minicíocht na bhfardal fisiceach a dhéantar, nósanna imeachta maidir le coigeartú cuntas i ndiaidh fardal gléasra, botúin, etc., faoi na ceannteidil seo a leanas:

(a) Ginearálta

Sonraí foinseacha (e.g. foirmeacha loingsithe agus fála, doiciméid aistrithe inmheánaigh, foirmeacha fardail fhisicigh, taifeadadh tosaigh tomhas agus bileoga rialaithe tomhais). Nósanna imeachta maidir le coigeartuithe agus ceartúcháin a dhéanamh (lena léirítear conas a údaraítear na coigeartuithe agus conas a thugtar bunús leo);

(b) Fáltais (lena n-áirítear an modh chun déileáil le difríochtaí seoltóra/faighteora agus ceartúcháin chuntasaíochta ina dhiaidh sin; seiceálacha agus tomhais a úsáidtear chun ábhar núicléach a dheimhniú);

(c) Loingsithe (táirgí, dramhaíl);

(d) Aistrithe chuig dramhaíl choinnithe (an modh lena mbunaítear cainníochtaí, an modh agus an tréimhse stórála atá beartaithe, úsáidí a d'fhéadfaí a bhaint as dramhaíl choinnithe ina dhiaidh sin);

(e) Dramhaíl aischurtha sa chomhshaol (an modh lena mbunaítear cainníochtaí, an modh sceite);

(f) Athruithe eile ar fhardail, e.g. aistrithe chuig dramhaíl chóirithe, caillteanais neamhthomhaiste (an modh lena mbunaítear cainníochtaí);

(g) Fardal fisiceach

Tuairisc ar nósanna imeachta, minicíocht sceidealaithe, dáileadh measta ábhair núicléach, modhanna an oibreora chun fardal a dhéanamh (maidir le líon na n-earraí chomh maith le meáchain a n-ábhar núicléach, lena n-áirítear modh measúnachta ábhartha), inrochtaineacht agus modh fíorúcháin féideartha ar ábhar núicléach, an cruinneas measta agus rochtain ar ábhar núicléach. Go sonrach, déanfar an cur chuige bunúsach atá le húsáid i leith fardail a sholáthar leis an tuairisc ar na nósanna imeachta, i.e. an fardal a phleanáil, a eagrú agus a dhéanamh, an phríomhfhreagracht as an bhfardal, an próiseas glantacháin, cuntasaíocht an phróisis maidir le moill iarmharach;

(h) Taifid oibriúcháin agus chuntasaíochta (lena n-áirítear foirmeacha aistrithe inmheánaigh, an modh coigeartaithe nó ceartaithe, bearta rialaithe agus freagracht as taifid). Tuairisc ar an gcaoi a gcoinnítear na taifid sin ar bun, lena n-áirítear i gcás inar gá coigeartú nó ceartú a dhéanamh, an áit inar féidir na taifid a cheadú, tréimhse choinneála agus teanga;

(i) Forálacha cuntasaíochta áirithe

Tuairisc ar fhorálacha áirithe, e.g. chun baisc-aitheantais a ainmniú agus modhanna chun neamhréireachtaí cuntasaíochta a chosc, a bhrath agus a réiteach go tráthúil.

30. I gcás gach pointe tomhais sreibhe agus fardail, agus pointí samplála limistéar cuntasachta, soláthair an fhaisnéis seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:

(a) tuairisc ar shuíomh, cineál, aitheantas;

(b) na cineálacha athruithe a meastar a dhéanfar ar fhardail ag an bpointe tomhais sin agus an fhéidearthacht go n-úsáidfí an pointe tomhais sin chun fardal fisiceach a dhéanamh;

(c) foirm cheimiceach agus fhisiceach ábhair;

(d) nós imeachta samplála agus trealamh a úsáidtear;

(e) modh agus trealamh tomhais/anailíseach a úsáidtear;

(f) foinse agus leibhéal na n-earráidí randamacha agus córasacha (meáchan, toirt, sampláil, anailíseach);

(g) teicníc ríomha agus an fhorleata earráide;

(h) teicníc agus minicíocht chalabrú an trealaimh a úsáidtear;

(i) clár chun breithmheas leanúnach a dhéanamh ar chruinneas meáchain, toirte, teicnící samplála agus modhanna tomhais;

(j) clár chun meastóireacht staidrimh a dhéanamh ar shonraí ó (h) agus (i).

31. Teorainn earráide fhoriomlán. Tabhair tuairisc ar na nósanna imeachta chun cinneadh earráide tomhais aonair a chomhcheangal chun an teorainn earráide fhoriomlán a bhaint amach i gcás an méid seo a leanas:

(a) difríochtaí seoltóra/faighteora;

(b) fardal de réir na leabhar;

(c) fardal fisiceach;

(d) ábhar gan tásc (AGT).

FAISNÉIS IAR-OIBRÍOCHTA

32. Dátaí an sceidil díchoimisiúnúcháin (na dátaí a chuirfear deireadh le hoibriú agus díchoimisiúnú).

33. Plean díchoimisiúnúcháin, ina n-áireofar an méid seo a leanas:

(a) príomhimeachtaí an phlean díchoimisiúnúcháin;

(b) ábhar núicléach a bhaint agus a aisghabháil. Plean a sholáthar ina mbeidh meastacháin maidir le conas, cén áit agus cathain a dhéanfar ábhar núicléach a aisghabháil agus/nó a bhaint (e.g. ábhar scaoilte a chomhdhlúthú ina n-earraí, earraí a bhaint, ábhar a aisghabháil/a bhaint ó ghníomhaíochtaí dí-éillithe, agus ábhar núicléach i ndramhaíl a aisghabháil/a bhaint) agus conas a choinneofar cuntas air;

(c) trealamh atá fíor-riachtanach le haghaidh fheidhmiú na suiteála a bhaint nó a chur as feidhm, agus ábhar núicléach a láimhseáil nó a stóráil.

FAISNÉIS EILE IS ÁBHARTHA MAIDIR LE COIMIRCÍ A CHUR I bhFEIDHM

34. Faisnéis roghnach eile a mheasann an t-oibreoir a bheith ábhartha do choimirciú na suiteála.

# IARSCRÍBHINN I-J

SUITEÁLACHA IMCHOCHLAITHE BREOSLA SPÍONTA

Mionsonraí riaracháin:

(a) dáta (an dáta a rinneadh na ABTanna);

(b) leagan (uimhir uathúil le haghaidh tagartha);

(c) oifigeach freagrach (ainm agus sonraí teagmhála).

AN tSUITEÁIL A SHAINAITHINT

1. Ainm na suiteála (sonraigh an gnáthghiorrúchán, más infheidhme).

   – léirigh cód TMC (a luaithe a shannfar é).

2. Suíomh, seoladh poist agus ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

3. Úinéir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

4. Oibreoir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

5. Tuairisc (príomhghnéithe amháin).

6. Cuspóir agus cineál na suiteála.

7. Stádas reatha (e.g. céim an deartha, á tógáil, á hoibriú, dúnta agus/nó á díchoimisiúnú).

8. Faisnéis réamhoibríochta

Dátaí sceidil deartha agus tógála, dátaí measta a chuirfear tús le coimisiúnú agus oibriú. Dátaí ceadúnais iarrtha agus/nó formheasta (e.g. cinneadh maidir le dátaí prionsabail, dátaí tógála agus dátaí measta na n-iarrataí ar cheadúnas oibríochta). Faisnéis maidir leis an dáta a meastar a bhfaighfear an t-ábhar núicléach. Líníochtaí deartha na suiteála atá le cur in iúl a luaithe a bheidh siad sin ar fáil.

9. Gnáthmhodh oibriúcháin (an córas sealoibre a glacadh, neasdátaí na dtréimhsí oibriúcháin sa bhliain, etc.).

10. Leagan amach an limistéir (léarscáil ar a léirítear an tsuiteáil, teorainneacha, foirgnimh, bóithre, aibhneacha, iarnróid, etc.).

11. Leagan amach na suiteála lena n-áirítear líníochtaí urláir agus codanna:

(a) príomhlimistéir a shainaithint (an struchtúr coimeádta, fálta agus bealaí rochtana);

(b) bealaí á leanúint ag an ábhar núicléach, ceanastair diúscartha agus bairillí breosla spíonta;

(c) limistéir stórála ábhar núicléach agus ceanastar diúscartha;

(d) limistéar stórála dramhaíola;

(e) gach príomhlimistéar próiseála agus saotharlann phróisis;

(f) limistéar tástála agus turgnamh, saotharlanna anailíseacha, más infheidhme.

12. Duine atá freagrach as na coimircí, agus as cuntasaíocht ábhair núicléach freisin, agus seoladh ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

Sonraí suiteála ginearálta

13. Tuairisc ar an bpróiseas agus ar na suíomhanna ina léirítear an méid seo a leanas:

(a) gach céim den phróiseas;

(b) gach limistéar fála, loingsithe, próiseála agus stórála.

14. Tuairisc ar an bpróiseas lena n-áirítear sreabh-bhileog phróiseála.

15. Toilleadh deartha.

16. Tréchur bliantúil réamh-mheasta agus fardal na limistéar stórála agus próiseála.

17. Na príomhearraí trealaimh a úsáidtear sa tsuiteáil lena n-áirítear trealamh faireachais agus trealamh tomhais, chun críocha tástála agus turgnaimh.

SOCRUITHE GINEARÁLTA AG AN tSUITEÁIL, LENA nÁIRÍTEAR SOCRUITHE A BHAINEANN LE hÚSÁID AGUS LÁIMHSEÁIL ÁBHAIR NÚICLÉACH

Tuairisc ar ábhar núicléach agus sreabhadh an ábhair núicléach

18. Tuairisc ar ábhar núicléach:

(a) príomhchineálacha d’ábhar núicléach, agus aonaid chuntasaíochta atá le láimhseáil ag an tsuiteáil;

(b) foirm fhisiceach (mheicniúil), cumhdach, agus toisí foriomlána na gcóimeálacha breosla spíonta;

(c) foirm fhisiceach (mheicniúil), agus toilleadh ceanastar diúscartha;

(d) foirm fhisiceach (mheicniúil) agus toisí foriomlána agus toilleadh na gcineálacha eile coimeádán agus pacáistíochta;

(e) modh sainaitheanta baisce agus earra, méid na baisce, an ráta sreafa, agus tréimhse an fheachtais;

(f) raon na meáchan tosaigh de mhiotal trom agus de shaibhriú tosaigh cóimeálacha breosla;

(g) raon na ndó-ídiú breosla spíonta, na dtráthanna fuaraithe, agus na n-ábhar Pu i gcóimeálacha breosla;

(h) raon na leibhéal radaíochta i limistéir stórála agus próiseála ábhair núicléach (rátaí dáileoige);

(i) raon na leibhéal radaíochta agus teasa ar an taobh amuigh de choimeádáin iompair agus diúscartha (rátaí dáileoige agus teochtaí).

19. Ábhar núicléach eile ag an tsuiteáil seachas breosla spíonta (cineál, foirm, cainníocht, agus suíomh).

20. Sreabhadh an ábhair núicléach:

(a) sreabh-bhileog scéimreach agus líníochtaí scéimreacha;

(b) pointí tomhais sreafa agus fardail, réimsí cuntasachta, suíomhanna fardail;

(c) minicíocht fála agus loingsithe.

21. Cainníochtaí de shreabhadh ábhair núicléach do gach limistéar láimhseála ábhair núicléach, lena n-áirítear raon agus cainníochtaí uasta d'ábhar núicléach:

(a) limistéir fhála agus loingsithe;

(b) limistéar próiseála (i.e. cill láimhseála);

(c) limistéar stórála;

(d) suíomhanna eile.

22. Raon deartha na bhfardal ábhair núicléach i ngach limistéar stórála agus limistéar próiseála.

Ábhar núicléach a láimhseáil

23. Tuairisc ar choimeádán, ceanastar agus pacáistíocht ina n-iompraítear ábhar núicléach (lena n-áirítear méid, dearadh, dearadh ciseáin inmheánaigh, ábhar a úsáidtear, toilleadh, dúnadh etc.) Déan tagairt do líníochtaí nuair atá fáil orthu.

24. Tuairisc ar gach limistéar stórála ábhair núicléach agus limistéar próiseála.

25. Sciathadh i limistéir éagsúla phróiseála, stórála agus aistrithe.

26. Modhanna agus meáin chun ábhar núicléach agus coimeádáin iompair atá i limistéir phróiseála agus stórála a láimhseáil agus a iompar.

27. Bealaí iompair á leanúint ag ábhar núicléach, coimeádáin agus ceanastair i dtaca le leagan amach suiteála.

28. Cothabháil agus dí-éilliú:

(a) gnáthchothabháil gléasra;

(b) dí-éilliú gléasra agus trealaimh.

Rialacha cosanta agus sábháilteachta

29. Rialacha sonracha maidir le rochtain fhisiceach ar an ábhar núicléach le haghaidh faisnéis ó chigire.

30. Cosaint shonrach raideolaíoch agus rialacha sonracha sláinte agus sábháilteachta atá le comhlíonadh ag cigirí.

CUNTASAÍOCHT AGUS RIALÚ ÁBHAIR NÚICLÉACH

31. Tabharfar tuairisc ar chóras CRAN faoi na ceannteidil seo a leanas:

(a) Ginearálta

Tuairisc ar an gcóras cuntasaíochta a úsáidtear chun sonraí cuntasaíochta a thaifeadadh agus a thuairisciú, lena n-áirítear an modh chun sonraí cuntasaíochta a thaifeadadh agus chun an mhaischothromaíocht a bhunú;

(b) Príomhathruithe ar fhardail

Tuairisc ar ghnáthathruithe ar fhardail e.g. fáltais (lena n-áirítear an modh chun déileáil le ceartuithe cuntasaíochta, na seiceálacha agus na tomhais a úsáidtear chun earraí breosla spíonta a dheimhniú), athbhaisceáil, loingsithe ceanastar diúscartha agus ábhair núicléach eile (lena n-áirítear dramhaíl), lena n-áirítear tuairisc ar an gcaoi a gcinntear na hathruithe sin. Déanfar taifid oibriúcháin chomhfhreagracha agus sonraí foinseacha comhfhreagracha (e.g. foirmeacha fála agus loingsithe) a shainaithint;

(c) Fardal fisiceach

Tuairisc ar nósanna imeachta, modh an oibreora chun fardal a dhéanamh, minicíocht sceidealaithe, dáileadh measta ar ábhar núicléach, modh inrochtaineachta agus fíorúcháin;

(d) Taifid oibriúcháin agus chuntasaíochta (lena n-áirítear foirmeacha aistrithe inmheánaigh, an modh coigeartaithe nó ceartaithe, bearta rialaithe agus freagracht as taifid).

Tuairisc ar an gcaoi a gcoinnítear na taifid sin ar bun, lena n-áirítear i gcás inar gá coigeartú nó ceartú a dhéanamh, an áit inar féidir na taifid a cheadú, tréimhse choinneála agus teanga;

(e) Forálacha cuntasaíochta áirithe

Tuairisc ar fhorálacha áirithe, e.g. chun baisc-aitheantais a ainmniú agus modhanna chun neamhréireachtaí cuntasaíochta a chosc, a bhrath agus a réiteach go tráthúil.

32. Forálacha a bhaineann le bearta coimeádta agus faireachais atá ann cheana nó atá beartaithe (tuairisc ghinearálta maidir le plean urláir agus leagan amach suiteála ionas gur féidir séalaí, ceamaraí, léasair, tarchur sonraí cianda, etc. a shuiteáil).

33. I gcás gach pointe tomhais den limistéar maischothromaíochta, soláthair an fhaisnéis seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:

(a) tuairisc ar shuíomh, cineál, aitheantas;

(b) cineálacha athruithe ar fhardail réamh-mheasta agus an fhéidearthacht an pointe tomhais sin a úsáid chun fardal fisiceach a dhéanamh;

(c) foirm fhisiceach agus cheimiceach ábhair núicléach;

(d) coimeádáin ábhair núicléach;

(e) nósanna imeachta agus trealamh samplála a úsáidtear;

(f) modhanna agus trealamh tomhais a úsáidtear lena n-áirítear tomhas radaíochta i gcill láimhseála;

(g) foinse agus leibhéal cruinnis;

(h) teicníc agus minicíocht chalabrú an trealaimh a úsáidtear;

(i) an modh chun sonraí foinseacha a thiontú ina sonraí baisce;

(j) modh sainaitheanta baisce;

(k) sreabhráta réamh-mheasta na mbaisceanna in aghaidh na bliana;

(l) líon réamh-mheasta na mbaisceanna fardail;

(m) líon réamh-mheasta na n-earraí in aghaidh na sreibhe;

(n) cineál, comhdhéanamh agus cainníocht ábhair núicléach in aghaidh na baisce, meáchan iomlán gach dúile d’ábhar núicléach, an comhdhéanamh iseatópach nuair is iomchuí agus foirm ábhair núicléach.

FAISNÉIS IAR-OIBRÍOCHTA

34. Dátaí an sceidil díchoimisiúnúcháin (na dátaí a chuirfear deireadh le hoibriú agus díchoimisiúnú).

35. Plean díchoimisiúnúcháin, ina n-áireofar an méid seo a leanas:

(a) príomhimeachtaí an phlean díchoimisiúnúcháin;

(b) ábhar núicléach a bhaint agus a aisghabháil. Plean a sholáthar ina mbeidh meastacháin maidir le conas, cén áit agus cathain a dhéanfar ábhar núicléach a aisghabháil agus/nó a bhaint (e.g. ábhar scaoilte a chomhdhlúthú ina n-earraí, earraí a bhaint, ábhar a aisghabháil/a bhaint ó ghníomhaíochtaí dí-éillithe, agus ábhar núicléach i ndramhaíl a aisghabháil/a bhaint) agus conas a choinneofar cuntas air;

(c) trealamh atá fíor-riachtanach le haghaidh fheidhmiú na suiteála a bhaint nó a chur as feidhm, agus ábhar núicléach a láimhseáil nó a stóráil.

FAISNÉIS EILE IS ÁBHARTHA MAIDIR LE COIMIRCÍ A CHUR I bhFEIDHM

36. Faisnéis roghnach eile a mheasann an t-oibreoir a bheith ábhartha do choimirciú na suiteála.

## IARSCRÍBHINN I-K.

STÓRTHA GEOLAÍOCHA

Mionsonraí riaracháin:

(a) dáta (an dáta a rinneadh na ABTanna);

(b) leagan (uimhir uathúil le haghaidh tagartha);

(c) oifigeach freagrach (ainm agus sonraí teagmhála).

AN tSUITEÁIL A SHAINAITHINT

1. Ainm na suiteála (sonraigh an gnáthghiorrúchán, más infheidhme).

- léirigh cód/cóid TMC (a luaithe a shannfar é/iad).

2. Suíomh, seoladh poist agus ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

3. Úinéir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

4. Oibreoir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

5. Tuairisc (príomhghnéithe amháin).

6. Cuspóir agus cineál na suiteála.

7. Stádas reatha (e.g. an tréimhse dheartha, á tógáil, in úsáid, an tréimhse iar-oibríochtúil).

8. Faisnéis réamhoibríochta

Dátaí sceidil deartha agus tógála, dátaí measta a chuirfear tús le coimisiúnú agus oibriú. Dátaí ceadúnais iarrtha agus/nó formheasta (e.g. cinneadh maidir le dátaí prionsabail, dátaí tógála agus dátaí measta na n-iarrataí ar cheadúnas oibríochta). Faisnéis maidir leis an dáta a meastar a bhfaighfear an t-ábhar núicléach. Líníochtaí deartha na suiteála atá le cur in iúl a luaithe a bheidh siad sin ar fáil.

9. Gnáthmhodh oibriúcháin (an córas sealoibre a glacadh, neasdátaí na dtréimhsí oibriúcháin sa bhliain, etc.).

10. Leagan amach an limistéir (léarscáil ar a léirítear an tsuiteáil, teorainneacha, foirgnimh, bóithre, aibhneacha, iarnróid, etc.).

11. Leagan amach na suiteála lena n-áirítear líníochtaí gaolmhara:

(a) príomhlimistéir a shainaithint (an struchtúr coimeádta, fálta agus bealaí rochtana);

(b) na bealaí a leanann an t-ábhar núicléach, ceanastair diúscartha;

(c) limistéir stórála ábhar núicléach, ceanastar diúscartha;

(d) limistéar diúscartha;

(e) na príomhbhealaí rochtana d’fheithiclí agus do phearsanra agus do sheaftaí aerála (lena n-áirítear méid seafta agus gaothaire);

(f) tolláin rochtana agus diúscartha;

(g) limistéar tástála agus turgnamh, saotharlanna anailíseacha, más infheidhme;

(h) Tuairisc ar chrios srianta agus ar limistéir rialaithe eile a bhunaítear timpeall an stóir.

12. Duine atá freagrach as na coimircí, agus as cuntasaíocht ábhair núicléach freisin, agus seoladh ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

Sonraí suiteála ginearálta

13. Tuairisc ar shonraí geolaíocha:

(a) faisnéis faoi gheolaíocht óstach an stóir gheolaíoch (fianaise agus conclúidí maidir le sláine na foirmíochta geolaíche atá ina óstach don diúscairt);

(b) córais faireacháin le haghaidh gníomhaíochtaí tochailte (lena n-áirítear cineálacha, suíomhanna beachta agus doimhneachtaí braiteoirí; córais faireacháin eile, lena n-áirítear faireachán sábháilteachta; trealamh eile lena n-áirítear trealamh tástála agus turgnamhach);

(c) faisnéis faoi dhearadh na n-achar dromchla (lena n-áirítear fáil, stóráil, agus ullmhú ceanastar lena ndiúscairt);

(d) faisnéis maidir le dearadh an stóir gheolaíoch faoi thalamh, (lena n-áirítear leagan amach, doirse leithlisithe, bearta chun ballaí agus síleálacha tochailtí a neartú nó a chobhsú; méid agus gnéithe seafta agus gaothaire, etc.);

(e) faisnéis maidir leis na príomhbhealaí rochtana le haghaidh pearsanra agus ábhar; soláthar fóntas; limistéir chun ceanastair diúscartha a fháil agus a stóráil;

14. Tuairisc ar an bpróiseas, lena n-áirítear oibríochtaí os cionn talún agus faoi thalamh, rampa, tochailt tolláin agus seafta, ábhar tochailte a bhaint, ullmhú ceanastar, iompar agus stóráil agus aislíonadh agus dúnadh tolláin le sceideal ainmniúil de phróisis éagsúla.

15. Toilleadh deartha.

16. Plean bliantúil diúscartha réamh-mheasta.

17. An príomhthrealamh a úsáidtear sa tsuiteáil lena n-áirítear ualaí meáchain uasta na bhfeithiclí iompair ardaitheora agus ceanastair.

SOCRUITHE GINEARÁLTA AG AN tSUITEÁIL, LENA nÁIRÍTEAR SOCRUITHE A BHAINEANN LE hÚSÁID AGUS LÁIMHSEÁIL ÁBHAIR NÚICLÉACH

Tuairisc ar ábhar núicléach agus sreabhadh an ábhair núicléach

18. Tuairisc ar ábhar núicléach:

(a) na cineálacha ábhar núicléach, lena n-áirítear ábhar núicléach eile sa tsuiteáil seachas breosla spíonta más infheidhme (cineál, foirm, cainníocht, agus suíomh);

(b) cineálacha ábhar radaighníomhach eile sa tsuiteáil;

(c) cineálacha aonad cuntasachta (e.g. ceanastair diúscartha agus coimeádáin eile) atá le láimhseáil sa tsuiteáil;

(d) cuma, an modh sainaitheantais, agus toisí foriomlána na n-aonad cuntasachta;

(e) an líon cóimeálacha breosla nó an méid ábhair núicléach eile in aghaidh an cheanastair diúscartha nó an choimeádáin eile;

(f) an méid ábhair radaighníomhaigh eile in aghaidh an cheanastair diúscartha nó an choimeádáin eile;

(g) an líon ceanastar diúscartha nó coimeádán eile in aghaidh an choimeádáin iompair nó na feithicle iompair;

(h) raon meáchain an ábhair núicléach in aghaidh an cheanastair diúscartha nó an choimeádáin eile;

(i) raon na leibhéal radaíochta agus teasa ag an taobh amuigh de na ceanastair diúscartha agus/nó coimeádáin (rátaí dáileoige ar an dromchla agus ag achar 1 mhéadar uaidh, agus teochtaí).

19. Sreabhadh an ábhair núicléach:

(a) sreabh-bhileog scéimreach;

(b) pointí tomhais sreafa agus fardail, réimsí cuntasachta, suíomhanna fardail;

(c) minicíocht fála aonad a bhaineann leis an gcuntasaíocht agus aistrithe chuig áiteanna faoi thalamh;

(d) bealaí á leanúint agus na ceanastair diúscartha nó coimeádáin eile a ionláithriú.

20. Raon deartha na bhfardal ábhair núicléach i ngach limistéar stórála.

Suiteáil oibriú agus láimhseáil ábhair núicléach

21. Tuairisc ar choimeádán, ceanastar agus pacáistíocht ina n-iompraítear ábhar núicléach (lena n-áirítear méid, dearadh, dearadh ciseáin inmheánaigh, ábhar a úsáidtear, toilleadh, dúnadh etc.). Déan tagairt do líníochtaí nuair atá fáil orthu.

22. Sciathadh i limistéir éagsúla stórála agus aistrithe.

23. Modhanna agus meáin chun ábhar núicléach agus ceanastair a láimhseáil agus a aistriú i limistéir stórála agus ionláithrithe, lena n-áirítear tuairisc ar an bhfeithicil aistrithe.

24. Bealaí iompair á leanúint ag an ábhar núicléach maidir le leagan amach suiteála.

25. Tuairisc ar gach limistéar stórála ábhair núicléach.

26. Modh chun ábhar núicléach a shuíomh i limistéir stórála.

27. Modh chun ábhar núicléach a ionláithriú agus a aislíonadh.

28. Tuairisc ar an limistéar ionláithrithe ábhair núicléach agus tollán diúscartha agus an uimhir a bhaineann leo.

29. Tuairisc ar ghníomhaíochtaí cothabhála agus ar limistéir chothabhála.

Rialacha cosanta agus sábháilteachta

30. Rialacha sonracha maidir le rochtain fhisiceach ar an ábhar núicléach le haghaidh faisnéis ó chigire.

31. Cosaint shonrach raideolaíoch agus rialacha sonracha sláinte agus sábháilteachta atá le comhlíonadh ag cigirí.

CUNTASAÍOCHT AGUS RIALÚ ÁBHAIR NÚICLÉACH (CRAN)

32. Tabharfar tuairisc ar chóras CRAN faoi na ceannteidil seo a leanas:

(a) Ginearálta

Tuairisc ar an gcóras cuntasaíochta a úsáidtear chun sonraí cuntasaíochta a thaifeadadh agus a thuairisciú, lena n-áirítear an modh chun sonraí cuntasaíochta a thaifeadadh agus chun an mhaischothromaíocht a bhunú;

(b) Príomhathruithe ar fhardail

Tuairisc ar athruithe tipiciúla ar fhardail e.g. fáltais (lena n-áirítear an modh chun déileáil le ceartúcháin chuntasaíochta, na fíoruithe a úsáideadh) agus loingsithe ceanastar diúscartha, más rud é gur tharla siad agus aistrithe de réir mar is iomchuí. Déanfar taifid oibriúcháin chomhfhreagracha agus sonraí foinseacha comhfhreagracha, e.g. foirmeacha fála agus loingsithe, a shainaithint;

(c) Fardal fisiceach

Tuairisc ar nósanna imeachta, modh an oibreora chun fardal a dhéanamh, minicíocht sceidealaithe, dáileadh measta ar ábhar núicléach, modh inrochtaineachta agus fíorúcháin;

(d) Taifid oibriúcháin agus chuntasaíochta (lena n-áirítear foirmeacha aistrithe inmheánaigh, an modh coigeartaithe nó ceartaithe, bearta rialaithe agus freagracht as taifid).

Tuairisc ar an gcaoi a gcoinnítear na taifid sin ar bun, lena n-áirítear i gcás inar gá coigeartú nó ceartú a dhéanamh, an áit inar féidir na taifid a cheadú, tréimhse choinneála agus teanga;

(e) Forálacha cuntasaíochta áirithe

Tuairisc ar fhorálacha áirithe, e.g. chun baisc-aitheantais a ainmniú agus modhanna chun neamhréireachtaí cuntasaíochta a chosc, a bhrath agus a réiteach go tráthúil.

33. Forálacha a bhaineann le bearta coimeádta agus faireachais atá ann cheana nó a d'fhéadfadh a bheith ann (tuairisc ghinearálta maidir le plean urláir agus leagan amach suiteála ionas gur féidir séalaí, ceamaraí, léasair, tarchur sonraí cianda, etc.) a shuiteáil.

34. Maidir le gach pointe tomhais den limistéar maischothromaíochta (e.g. limistéar stórála, tollán deascaidh), soláthair an fhaisnéis seo a leanas, nuair is infheidhme:

(a) tuairisc ar shuíomh, cineál, aitheantas;

(b) cineálacha athruithe ar fhardail réamh-mheasta agus an fhéidearthacht an pointe tomhais sin a úsáid chun fardal fisiceach a dhéanamh;

(c) trealaimh láimhsithe agus aistrithe a úsáidtear;

(d) modhanna agus trealamh fíorúcháin a úsáidtear;

(e) modh sainaitheanta baisce;

(f) an líon réamh-mheasta baisceanna fardail agus sreabhadh (gan iolra) in aghaidh na bliana.

FAISNÉIS EILE IS ÁBHARTHA MAIDIR LE COIMIRCÍ A CHUR I bhFEIDHM

35. Faisnéis roghnach eile a mheasann an t-oibreoir a bheith ábhartha. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a bheith san áireamh leis sin:

– faisnéis bhreise maidir le geolaíocht óstach an stóir gheolaíoch (lena n- áirítear srathú geolaíoch; an gheoiceimic; an gheoifisic; sainaithint radanúiclídí atá i dtimpeallacht an stóir);

– gníomhaíochtaí saintréithrithe stóir gheolaíoch (e.g. tochailtí fo-dhromchla agus gníomhaíochtaí taiscéalaíocha).

## IARSCRÍBHINN I-L

SUÍOMH LASMUIGH DE SHAORÁIDÍ (SLS)

Mionsonraí riaracháin:

(a) dáta (an dáta a rinneadh na ABTanna);

(b) leagan (uimhir uathúil le haghaidh tagartha);

(c) oifigeach freagrach (ainm agus sonraí teagmhála).

AN tSUITEÁIL AGUS AN tÁBHAR NÚICLÉACH A SHAINAITHINT

1. Ainm na suiteála (sonraigh an gnáthghiorrúchán, más infheidhme).

   – Léirigh cód/cóid TMC (a luaithe a shannfar é/iad).

2. Suíomh, seoladh poist agus ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

3. Úinéir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

4. Oibreoir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

5. Tuairisc (príomhghnéithe).

6. Cuspóir (úsáid bheartaithe na n-ábhar núicléach).

7. Stádas reatha (e.g. á tógáil, in úsáid, dúnta agus/nó á díchoimisiúnú).

8. Leagan amach an limistéir (lena léirítear suíomh na suiteála, bóithre rochtana, aibhneacha, iarnróid, etc.).

9. Duine atá freagrach as na coimircí, agus as cuntasaíocht ábhair núicléach freisin, agus seoladh ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

10. Catagóirí d’ábhar núicléach a úsáidtear sa tsuiteáil.

11. Tuairisc ar an ábhar núicléach:

    (a) i gcás gach catagóire, tabhair tuairisc ar bhaisceanna agus earraí tipiciúla;

    (b) foirm cheimiceach agus fhisiceach;

    (c) raon saibhrithe agus ábhar Pu;

    (d) an méid ábhair núicléach a choinnítear ag an suíomh/in aghaidh na catagóire de ghnáth.

12. Modh sainaitheantais an ábhair núicléach.

13. Raon na leibhéal radaíochta ag suíomhanna ábhair núicléach (rátaí dáileoige i suíomhanna sonraithe) (más ábhartha).

14. Tuairisc ar na coimeádáin a úsáidtear le haghaidh iompair, stórála agus láimhseála.

15. Trealamh aistrithe ábhair núicléach.

Rialacha cosanta agus sábháilteachta

16. Rialacha sonracha maidir le rochtain fhisiceach ar an ábhar núicléach le haghaidh faisnéis ó chigire.

17. Cosaint shonrach raideolaíoch agus rialacha sonracha sláinte agus sábháilteachta.

CUNTASAÍOCHT AGUS RIALÚ ÁBHAIR NÚICLÉACH (CRAN)

18. Tabharfar tuairisc ar chóras CRAN lena n-áireofar tuairisc ar na nósanna imeachta maidir le córas cuntasaíochta agus rialaithe an ábhair núicléach lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le fardal fisiceach a dhéanamh (maidir leis an líon earraí chomh maith lena meáchain ábhair núicléach araon). Ó liosta na n-earraí fardail agus ón liostú fardail fisiceach, chomh maith leis na taifid oibriúcháin agus chuntasaíochta, beidh suíomh gach ní/baisce dearbhaithe in-sainaitheanta.

19. Forálacha a bhaineann le bearta coimeádta agus faireachais atá ann cheana nó atá beartaithe (tuairisc ghinearálta maidir le plean urláir agus leagan amach suiteála ionas gur féidir séalaí, ceamaraí, etc.) a shuiteáil.

FAISNÉIS EILE IS ÁBHARTHA MAIDIR LE COIMIRCÍ A CHUR I bhFEIDHM

20. Aon fhaisnéis eile a mheasann an t-oibreoir a bheith ábhartha maidir le coimircí a chur i bhfeidhm.

## IARSCRÍBHINN I-M

SUÍOMH NÁISIÚNTA LASMUIGH DE SHAORÁIDÍ (SLS NÁISIÚNTA)

Mionsonraí riaracháin:

(a) dáta (an dáta a rinneadh na ABTanna);

(b) leagan (uimhir uathúil le haghaidh tagartha);

(c) oifigeach freagrach (ainm agus sonraí teagmhála).

AN tSUITEÁIL/NA SUITEÁLACHA AGUS AN tÁBHAR NÚICLÉACH A SHAINAITHINT

1. Ainm, seoladh poist, ríomhphost (bosca poist feidhmiúil nuair atá fáil air) agus uimhir theileafóin an eintitis (e.g. an t-údarás) atá freagrach as an SLS náisiúnta.

   – Léirigh cód TMC (a luaithe a shannfar é).

2. Duine atá freagrach as na coimircí, agus as cuntasaíocht ábhair núicléach freisin, agus seoladh ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

3. Liosta de na suiteálacha éagsúla a bhaineann leis an SLS náisiúnta. Tá gá le huimhir aitheantais uathúil chun gach suiteáil a shainaithint.

CUNTASAÍOCHT AGUS RIALÚ ÁBHAIR NÚICLÉACH

4. Tuairisc ar conas a roinntear freagrachtaí idir údaráis fhreagracha agus mionsealbhóirí aonair chun Airteagail 9–11 a chur chun feidhme.

5. Tuairisc ar na nósanna imeachta maidir le córas cuntasaíochta agus rialaithe an ábhair núicléach lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le fardal fisiceach a dhéanamh (maidir le líon na n-earraí chomh maith lena meáchain ábhair núicléach araon). Ó liosta na n-earraí fardail agus ón liostú fardail fisiceach, beidh sealbhóir gach earra/baisce dearbhaithe in-sainaitheanta.

Ina theannta sin, do gach suiteáil a bhaineann leis an SLS náisiúnta:

1. Ainm na suiteála agus uimhir aitheantais.

2. Suíomh.

3. Oibreoir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí).

4. Tuairisc ar úsáid an ábhair núicléach.

## IARSCRÍBHINN I-N

SUITEÁLACHA A D'FHÉADFADH A BHEITH INA gCUID DEN LIMISTÉAR MAISCHOTHROMAÍOCHTA UILEGHABHÁLACH (LMC UILEGHABHÁLACH)

Mionsonraí riaracháin:

(a) dáta (an dáta a rinneadh na ABTanna);

(b) leagan (uimhir uathúil le haghaidh tagartha);

(c) oifigeach freagrach (ainm agus sonraí teagmhála).

*NB:*

*Faisnéis a sholáthraítear faoin Iarscríbhinn seo, ní mheastar í mar fhaisnéis cuntasaíochta ábhair núicléach atá le soláthar mar thuarascáil ar athruithe ar fhardail agus liosta na n-earraí fardail.*

*Tá gá le teimpléad difriúil a úsáid mura bhfuil an tsuiteáil i dteideal a bheith mar chuid den limistéar maischothromaíochta uileghabhálach nó mura bhfuil sí i dteideal a bheith mar chuid de nó má tá SLS náisiúnta bunaithe sa Bhallstát.*

Maidir leis na sealbhóirí sin a bhfuil méideanna beaga ábhair núicléach acu (sealbhóirí beaga), is mar seo a leanas a ríomhtar an fardal iomlán: suim na stoc de gach catagóir ar leith ábhair núicléach ar seilbh, gach ceann díobh á shloinneadh mar chéatadán de na teorainneacha seo a leanas:

| | |
|---|---|
| úráiniam ídithe | 350 000 g nó |
| tóiriam | 200 000 g nó |
| úráiniam nádúrtha | 100 000 g nó |

| | |
|---|---|
| úráiniam ísealsaibhrithe | 1 000 g nó |
| úráiniam ardsaibhrithe | 5 g nó |
| plútóiniam | 5 g |

Mar shampla:

(a) sealbhóir a bhfuil 4 g plútóiniam ar seilbh aige, tá fardal céatadáin aige arb ionann é agus 80 % (4/5);

(b) sealbhóir a bhfuil 1 g úráiniam ardsaibhrithe ar seilbh aige móide 20 000 g d'úráiniam nádúrtha, tá fardal céatadáin aige arb ionann é agus 40 % (1/5 + 20 000/100 000).

AN tSUITEÁIL AGUS AN tÁBHAR NÚICLÉACH A SHAINAITHINT

1. Ainm.

2. Úinéir agus/nó oibreoir.

3. Suíomh, seoladh poist agus ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

4. Cineál agus cainníocht an ábhair núicléach.

5. Tuairisc ar na coimeádáin a úsáidtear i ndáil le stóráil agus láimhseáil.

6. Tuairisc ar úsáid an ábhair núicléach.

CUNTASAÍOCHT AGUS RIALÚ ÁBHAIR NÚICLÉACH (CRAN)

Rinneadh oibleagáidí sealbhóirí beaga a shimpliú mar seo a leanas:

A. Teorainneacha ar shealbhaíochtaí/gluaiseachtaí

I gcás fáltas indibhidiúil d’ábhar núicléach atá níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thuas nó i gcás ‘fardal céatadáin’ suiteála atá níos mó ná 100 % aon tráth, cuirfear é in iúl don Choimisiún láithreach.

B. Taifid chuntasaíochta/oibriúcháin nach mór a choinneáil ar bun

Coinneofar na taifid chuntasaíochta/oibriúcháin ar bun chun go bhféadfaí tuarascálacha a dhéantar chuig an gCoimisiún agus aon cheartú a dhéantar orthu a fhíorú gan stró.

C. Tuarascálacha ar athruithe ar fhardail (ICR)

Tarchuirfear tuarascáil bhliantúil ar athruithe ar fhardail chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain, ar choinníoll nár tharla aon athrú ar fhardail le linn na tréimhse. Tabharfar tuairisc sa tuarascáil ar an staid an 31 Nollaig na bliana féilire roimhe sin.

I gcás ina dtarlóidh aon athrú ar fhardail le linn na bliana, tarchuirfear tuarascáil ar athruithe ar fhardail chuig an gCoimisiún a luaithe is féidir agus, ar a dhéanaí, laistigh de 15 lá ó dheireadh na míosa inar tharla an t-athrú ar fhardail.

Soláthrófar tuarascálacha ar athruithe ar fhardail i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn III, i bhfoirm leictreonach agus teimpléad excel ICR tiomnaithe á úsáid atá le soláthar ag an gCoimisiún.

D. Liosta na n-earraí fardail (LII)

Tarchuirfear liosta bliantúil na n-earraí fardail ina dtaispeánfar na hearraí uile ar leithligh chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir an bhliain dar gcionn, i gcomhréir leis na ceanglais maidir le liostú an fhardail fhisicigh a leagtar amach in Iarscríbhinn V. Déanfar LII a tharchur i bhfoirm leictreonach. Cuireann an Coimisiún teimpléad excel LII tiomnaithe ar fáil chun na críche sin.

## IARSCRÍBHINN I-P

SUITEÁLACHA INA n-ÚSÁIDTEAR ÁBHAR NÚICLÉACH NACH MÓ NÁ AON CHILEAGRAM ÉIFEACHTACH

Mionsonraí riaracháin:

(a) dáta (an dáta a rinneadh na ABTanna);

(b) leagan (uimhir uathúil le haghaidh tagartha);

(c) oifigeach freagrach (ainm agus sonraí teagmhála).

AN tSUITEÁIL AGUS AN tÁBHAR NÚICLÉACH A SHAINAITHINT

1. Ainm na suiteála (sonraigh an gnáthghiorrúchán, más infheidhme).

   – Léirigh cód/cóid TMC (a luaithe a shannfar é/iad).

2. Suíomh, seoladh poist agus ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

3. Úinéir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

4. Oibreoir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí) agus sonraí teagmhála.

5. Tuairisc (príomhghnéithe).

6. Cuspóir (úsáid bheartaithe na n-ábhar núicléach).

7. Stádas reatha (e.g. an tréimhse dheartha, á tógáil, in úsáid, dúnta nó á díchoimisiúnú).

8. Faisnéis réamhoibríochta

Dátaí sceidil deartha agus tógála, dátaí measta a chuirfear tús le coimisiúnú agus oibriú. Dátaí ceadúnais iarrtha agus/nó formheasta (e.g. cinneadh maidir le dátaí prionsabail, dátaí tógála agus dátaí measta na n-iarrataí ar cheadúnas oibríochta). Faisnéis maidir leis an dáta a meastar a bhfaighfear an t-ábhar núicléach. Líníochtaí deartha na suiteála atá le cur in iúl a luaithe a bheidh siad sin ar fáil.

9. Leagan amach an limistéir (lena léirítear suíomh na suiteála, bóithre rochtana, aibhneacha, iarnróid, etc.).

10. Leagan amach na suiteála (lena léirítear limistéir láimhseála agus stórála ábhair núicléach, saotharlanna, lámhainnbhoscaí, teorainneacha, fálta, etc.).

11. Duine atá freagrach as na coimircí, agus as cuntasaíocht ábhair núicléach freisin, agus seoladh ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

12. Catagóirí d’ábhar núicléach a úsáidtear sa tsuiteáil.

13. Tuairisc ar an ábhar núicléach:

(a) i gcás gach catagóire, tabhair tuairisc ar bhaisceanna agus earraí tipiciúla;

(b) foirm cheimiceach agus fhisiceach;

(c) raon saibhrithe agus ábhar Pu;

(d) an méid ábhair núicléach a choinnítear ag an suíomh/in aghaidh na catagóire de ghnáth.

14. Modh sainaitheantais an ábhair núicléach.

15. Raon na leibhéal radaíochta ag suíomhanna ábhair núicléach (rátaí dáileoige i suíomhanna sonraithe).

16. Tuairisc ar na coimeádáin a úsáidtear le haghaidh iompair, stórála agus láimhseála.

17. Trealamh aistrithe ábhair núicléach.

18. Pointí tomhais, réimsí cuntasachta, suíomhanna fardail, sreabh-bhileog scéimreach a shainaithint má tá fáil orthu.

Rialacha cosanta agus sábháilteachta

19. Rialacha sonracha maidir le rochtain fhisiceach ar an ábhar núicléach le haghaidh faisnéis ó chigire.

20. Cosaint shonrach raideolaíoch agus rialacha sonracha sláinte agus sábháilteachta.

CUNTASAÍOCHT AGUS RIALÚ ÁBHAIR NÚICLÉACH (CRAN)

21. Tabharfar tuairisc ar chóras CRAN faoi na ceannteidil seo a leanas:

(a) Ginearálta

Tuairisc ar an gcóras cuntasaíochta a úsáidtear chun sonraí cuntasaíochta a thaifeadadh agus a thuairisciú, lena n-áirítear an modh chun sonraí cuntasaíochta a thaifeadadh agus chun an mhaischothromaíocht a bhunú;

(b) Príomhathruithe ar fhardail

Tuairisc ar ghnáthathruithe ar fhardail e.g. fáltais, loingsithe, athruithe a bhaineann le dramhaíl, slánú agus coigeartuithe (déanfar taifid agus sonraí foinseacha a choinneáil), lena n-áirítear tuairisc ar an gcaoi a gcinntear na hathruithe sin. déanfar taifid oibriúcháin chomhfhreagracha agus sonraí foinseacha comhfhreagracha (e.g. foirmeacha fála agus loingsithe, taifeadadh tosaigh tomhas agus bileoga rialaithe tomhas) a shainaithint;

(c) Fardal fisiceach

Tuairisc ar nósanna imeachta, minicíocht sceidealaithe, modhanna an oibreora chun fardal a dhéanamh (maidir le líon na n-earraí chomh maith lena meáchain ábhair núicléach), lena n-áirítear modhanna ábhartha measúnachta agus an cruinneas measta, rochtain ar ábhar núicléach, modhanna féideartha chun ábhair núicléacha a fhíorú go fisiceach;

(d) Taifid oibriúcháin agus chuntasaíochta (lena n-áirítear foirmeacha aistrithe inmheánaigh, an modh coigeartaithe nó ceartaithe, bearta rialaithe agus freagracht as taifid).

Tuairisc ar an gcaoi a gcoinnítear na taifid sin ar bun, lena n-áirítear i gcás inar gá coigeartú nó ceartú a dhéanamh, an áit inar féidir na taifid a cheadú, tréimhse choinneála agus teanga;

(e) Forálacha cuntasaíochta áirithe

Tuairisc ar fhorálacha áirithe, e.g. chun baisc-aitheantais a ainmniú agus modhanna chun neamhréireachtaí cuntasaíochta a chosc, a bhrath agus a réiteach go tráthúil.

22. Forálacha a bhaineann le bearta coimeádta agus faireachais atá ann cheana nó atá beartaithe (tuairisc ghinearálta maidir le plean urláir agus leagan amach suiteála ionas gur féidir séalaí, ceamaraí, léasair, tarchur sonraí cianda, etc. a shuiteáil).

23. I gcás gach pointe tomhais den limistéar maischothromaíochta, soláthair an fhaisnéis seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:

(a) tuairisc ar shuíomh, cineál agus aitheantas;

(b) foirm fhisiceach agus foirm cheimiceach ábhair núicléach (le tuairisc ar an ábhar cumhdaigh);

(c) modhanna agus trealamh tomhais a úsáidtear;

(d) modhanna chun sonraí foinseacha a thiontú go sonraí ar na baisceanna;

(e) meáin sainaitheanta baisce agus tuairisc ar shonraí.

FAISNÉIS IAR-OIBRÍOCHTA

24. Dátaí an sceidil díchoimisiúnúcháin (na dátaí a chuirfear deireadh le hoibriú agus díchoimisiúnú) (nuair is infheidhme).

25. Plean díchoimisiúnúcháin, ina n-áireofar an méid seo a leanas (nuair is infheidhme):

(a) príomhimeachtaí an phlean díchoimisiúnúcháin;

(b) ábhar núicléach a bhaint agus a aisghabháil. Plean a sholáthar ina mbeidh meastacháin maidir le conas, cén áit agus cathain a dhéanfar ábhar núicléach a aisghabháil agus/nó a bhaint (e.g. ábhar scaoilte a chomhdhlúthú ina n-earraí, earraí a bhaint, ábhar a aisghabháil/a bhaint ó ghníomhaíochtaí dí-éillithe, agus ábhar núicléach i ndramhaíl a aisghabháil/a bhaint) agus conas a choinneofar cuntas air;

(c) trealamh atá fíor-riachtanach le haghaidh fheidhmiú na suiteála a bhaint nó a chur as feidhm, agus ábhar núicléach a láimhseáil nó a stóráil.

FAISNÉIS EILE IS ÁBHARTHA MAIDIR LE COIMIRCÍ A CHUR I bhFEIDHM

26. Aon fhaisnéis eile a mheasann an t-oibreoir a bheith ábhartha maidir le coimircí a chur i bhfeidhm.

**IARSCRÍBHINN I-Q**

Suiteálacha mianta

Mionsonraí riaracháin:

(a) dáta (an dáta a rinneadh na ABTanna);

(b) leagan (uimhir uathúil le haghaidh tagartha);

(c) oifigeach freagrach (ainm agus sonraí teagmhála).

AN tSUITEÁIL AGUS AN tÁBHAR NÚICLÉACH A SHAINAITHINT

1. Ainm na suiteála (sonraigh an gnáthghiorrúchán, más infheidhme).

   – Léirigh cód TMC (a luaithe a shannfar é).

2. Suíomh, seoladh poist agus ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

3. Úinéir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí).

4. Oibreoir (comhlacht nó duine aonair atá freagrach de réir dlí).

5. An cineál ábhair núicléach (mian úráiniam, mian tóiriam nó an dá cheann).

6. Tuairisc ar na coimeádáin a úsáidtear le haghaidh stórála agus láimhseála (e.g. lena chinneadh an mbeidís inséalaithe).

7. Tuairisc ar eastóscadh méine, ar phróiseáil agus ar úsáid bunábhar, lena n-áirítear leagan amach na suiteála.

8. Tréchur bliantúil féideartha na suiteála.

9. An stádas reatha (e.g. á thógáil, in úsáid nó dúnta).

10. Duine atá freagrach as na coimircí, agus as cuntasaíocht ábhair núicléach freisin, agus seoladh ríomhphoist (bosca ríomhphoist feidhmiúil i gcás ina mbeidh sé ar fáil) agus uimhir theileafóin.

CUNTASAÍOCHT AGUS RIALÚ ÁBHAIR NÚICLÉACH

11. Tuairisc ar na nósanna imeachta i ndáil le cuntasaíocht agus rialú ábhar núicléach, lena n-áirítear nósanna imeachta i ndáil le fardal fisiceach a dhéanamh.

FAISNÉIS EILE IS ÁBHARTHA MAIDIR LE COIMIRCÍ A CHUR I bhFEIDHM

12. Aon fhaisnéis eile a mheasann an t-oibreoir a bheith ábhartha maidir le coimircí a chur i bhfeidhm.

## IARSCRÍBHINN II

TUAIRISC GHINEARÁLTA AR AN SUÍOMH (1)

Sainaitheantas an tsuímh

Dearbhú Uimh. (2)

Dáta an dearbaithe

Tréimhse tuairiscithe (3)

Ainm ionadaí an tsuímh

Barúlacha (4)

| Iontráil (5) | Tag. (6) | Cód TMC (7) | Foirgneamh (8) | Tuairisc ghinearálta, lena n-áirítear an úsáid a bhaintear as a bhfuil ann (9) | Barúlacha (10) |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

Nótaí míniúcháin

(1) Beidh na suiteálacha núicléacha uile san áireamh sa dearbhú tosaigh, mar aon leis na foirgnimh eile uile ar a suíomhanna. Déanfar iontráil ar leith maidir le gach foirgneamh ar an suíomh. Níl le háireamh le dearbhuithe bliantúla nuashonraithe ina dhiaidh sin ach na suíomhanna agus na foirgnimh sin a d’athraigh ó rinneadh an dearbhú roimhe sin. Déanfar léarscáil den suíomh a chur leis an dearbhú tosaigh agus déanfar í a nuashonrú de réir mar is gá.

(2) Maidir le ‘Uimh. an Dearbhaithe’ is uimhir sheicheamhach í maidir le gach suíomh ar leith, ag tosú le ‘1’ don chéad dearbhú suímh.

(3) Is ‘ón [dáta]’ a bhíonn i gceist sa ‘Tréimhse Tuairiscithe’ maidir leis an gcéad dearbhú, ach maidir leis na nuashonruithe bliantúla uile ina dhiaidh sin, is dáta tosaigh na tréimhse agus dáta deiridh na tréimhse is ceart a iontráil. Glactar leis go mbeidh an fhaisnéis bailí ón dáta deiridh.

(4) Barúlacha is infheidhme maidir leis an suíomh ina iomláine.

(5) Beidh gach ‘Iontráil’ i ngach dearbhú a uimhriú go seicheamhach, ag tosú le ‘1’.

(6) Is tagairt d’iontráil eile a chuirfear sa cholún ‘Tag.’. Is é a bheidh sa cholún ‘Tag.’, an dearbhú ábhartha agus na huimhreacha iontrála (e.g 10-20, tagairt d’iontráil 20 de dhearbhú 10). Léiríonn an tagairt go bhfuil an iontráil reatha ag cur le faisnéis a tuairiscíodh níos luaithe nó á nuashonrú. Féadfar níos mó ná tagairt amháin a chur isteach, más gá.

(7) Beidh an colún ‘cód TMC’ ag tagairt don chód TMC lena mbaineann an foirgneamh a luaitear san iontráil seo.

(8) Beidh uimhir foirgnimh nó ainmniú eile sa cholún ‘Foirgneamh’, chun an foirgneamh ar léarscáil scéimreach an tsuímh a shainaithint gan débhrí.

(9) Beidh an méid seo a leanas sa ‘Tuairisc ghinearálta’ maidir le gach foirgneamh ar leith:

(a) neasmhéid an fhoirgnimh i dtéarmaí líon na n-urlár agus an líon iomlán méadar d’achar urláir;

(b) an úsáid a bhaintear as an bhfoirgneamh, lena n-áirítear aon úsáid a baineadh as roimhe a d’fhéadfadh a bheith ina fhaisnéis ábhartha chun faisnéis eile, cuir i gcás torthaí samplála comhshaoil, a bheadh ar fáil don Choimisiún a léirmhíniú;

agus

(c) na príomhábhair san fhoirgneamh, mura mbeadh an méid sin ríshoiléir ón úsáid a dearbhaíodh.

Ní gá tuairiscí ar ghníomhaíochtaí ar tugadh tuairiscí orthu cheana a thabhairt arís sa cheistneoir ar na hAiríonna Bunúsacha Teicniúla, áfach.

(10) Barúlacha is infheidhme maidir le hiontrálacha aonair.

BARÚLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA

1. Faoi Airteagal 79 den Chonradh, cuirfidh siad siúd a bheidh faoi réir ceanglais coimircí in iúl d'údaráis an Bhallstáit lena mbaineann aon chumarsáid a bhí acu leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 78 agus na chéad mhíre d'Airteagal 79 den Chonradh.

2. Déanfar tuarascálacha a ullmhú go leictreonach i bhformáid chomhaontaithe. Cuirfear na tuarascálacha, arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí (go digiteach más féidir), ar aghaidh chuig an Coimisiún Eorpach, Coimircí Euratom.

## IARSCRÍBHINN III

TUARASCÁIL AR ATHRUITHE AR FHARDAIL (ICR)

Ceanntásc

| Lipéad/clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| MBA | Carachtar (4) | Cód TMC an TMC is tuairisceoir | 1 |
| Report type | Carachtar (1) | I maidir le Tuarascáil ar Athruithe ar Fhardail | 2 |
| Report date | Dáta (LL-MM-BBBB) | An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích | 3 |
| Report number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 4 |
| Line count | Uimhir | Líon iomlán na línte a tuairiscíodh | 5 |
| Start report | Dáta (LL-MM-BBBB) | Dáta chéad lá na tréimhse tuairiscithe | 6 |
| End report | Dáta (LL-MM-BBBB) | Dáta lá deireanach na tréimhse tuairiscithe | 7 |
| Reporting person | Carachtar (64) | Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil | 8 |

Iontrálacha

| Lipéad/clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Transaction ID | Uimhir | Uimhir sheicheamhach | 9 |
| IC code | Carachtar (2) | An cineál athraithe ar an bhfardal | 10 |
| Batch | Carachtar (20) | Aitheantóir uathúil maidir le baisc d'ábhar núicléach | 11 |
| KMP | Carachtar (1) | Príomhphointe tomhais | 12 |
| Measurement | Carachtar (1) | Cód tomhais | 13 |
| Material form | Carachtar (2) | Cód d'fhoirm an ábhair | 14 |
| Material container | Carachtar (1) | Cód choimeádán an ábhair | 15 |
| Material state | Carachtar (1) | Cód staid an ábhair | 16 |
| Shipper MBA | Carachtar (4) | Cód TMC an TMC is seoltóir (maidir leis na cóid athruithe ar fhardail RD agus RF amháin) | 17 |
| Receiver MBA | Carachtar (4) | Cód TMC an TMC is faighteoir (maidir leis na cóid athruithe ar fhardail SD agus SF amháin) | 18 |
| Previous batch | Carachtar (20) | Ainmniú na baisce roimhe seo (maidir leis an gcód athruithe ar fhardail RB amháin) | 19 |
| Original date | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta cuntasaíochta na líne atá le ceartú (i gcás líne a haon sa slabhra ceartúchán, i gcónaí) | 20 |
| PIT date | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta déanta an fhardail fhisicigh dá dtagraíonn coigeartú i leith ábhar gan tásc (le húsáid leis an gcód athruithe ar fhardail MF amháin) | 21 |
| Line number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 22 |
| Accounting date | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta a tharla an t-athrú ar fhardal nó an dáta a fuarthas faisnéis ina leith | 23 |
| Number of items | Uimhir | Líon na n-earraí | 24 |

| Lipéad/clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Element category | Carachtar (1) | Catagóir ábhair núicléach | 25 |
| Element weight | Uimhir (24,3) | Meáchan dúile | 26 |
| Isotope | Carachtar (1) | G le haghaidh U-235, K le haghaidh U-233, J le haghaidh meascán U-235 agus U-233 | 27 |
| Fissile weight | Uimhir (24,3) | Meáchan an iseatóip ineamhnaithe | 28 |
| Isotopic composition | Uimhir (24,3) (le haghaidh gach iseatóip) | Meáchain iseatópacha U, Pu (sa chás gur comhaontaíodh é i bhforálacha coimirce áirithe amháin) | 29 |
| Obligation | Carachtar (5) | Oibleagáid coimirce | 30 |
| Previous element category | Carachtar (1) | Catagóir dúile an ábhair núicléach roimhe seo (le húsáid maidir leis na cóid athruithe ar fhardail CB, CC agus CE amháin) | 31 |
| Previous obligation | Carachtar (5) | An oibleagáid roimhe seo (le húsáid maidir leis na cóid athruithe ar fhardail BR, CR, PR agus SR amháin) | 32 |
| Shipper CAM code | Carachtar (8) | Cód lena sainaithnítear an sealbhóir beag is seoltóir | 33 |
| Receiver CAM code | Carachtar (8) | Cód lena sainaithnítear an sealbhóir beag is faighteoir | 34 |
| Document | Carachtar (70) | Tagairt, arna sainiú ag an oibreoir, do dhoiciméid tacaíochta | 35 |
| Container ID | Carachtar (20) | Sainaitheantóir, arna shainiú ag an oibreoir, maidir leis an gcoimeádán | 36 |
| Correction | Carachtar (1) | D le haghaidh scriostaí, A le haghaidh breisithe ar cuid de dhís scriosadh/breisiú iad, L le haghaidh línte déanacha (breisithe neamhspleácha) | 37 |
| Previous report | Uimhir | Uimhir tuarascála na líne atá le ceartú | 38 |
| Previous line | Uimhir | Uimhir na líne atá le ceartú | 39 |
| Comment | Carachtar (256) | Barúil an oibreora | 40 |
| Burn-up | Uimhir | An ráta loiscthe ina laethanta MW/tona (le húsáid maidir leis na cóid athruithe ar fhardail NL agus NP in imoibreoirí núicléacha amháin) | 41 |

| Lipéad/clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| CRC | Uimhir | Haischód na líne chun críoch rialaithe cáilíochta | 42 |
| Previous CRC | Uimhir | Haischód na líne atá le ceartú | 43 |
| Advance notification reference code | Carachtar (12) | Cód tagartha a úsáideadh maidir leis an réamhfhógra a seoladh chuig Euratom<br>(le húsáid maidir leis na cóid athruithe ar fhardail RD, RF, SD agus SF amháin) | 44 |
| Campaign | Carachtar (12) | Aitheantóir feachtais maidir le suiteálacha athphróiseála | 45 |
| Reactor | Carachtar (12) | Cód imoibreora le haghaidh feachtais athphróiseála | 46 |
| Safeguards info | Carachtar (256) | Cód chun faisnéis bhreise a chur in iúl | 47 |

*Nótaí míniúcháin*

1. MBA (TMC): Cód an limistéir maischothromaíochta is tuairisceoir. Is é an Coimisiún a chuirfidh an cód sin in iúl don tsuiteáil lena mbaineann.

2. Report type (an cineál tuarascála): I maidir le tuarascálacha ar athruithe ar fhardail.

3. Report date (dáta na tuarascála): An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích.

4. Report number (uimhir na tuarascála): Uimhir sheicheamhach a úsáidtear le haghaidh tuarascálacha ar athruithe ar fhardail, tuarascálacha ar an maischothromaíocht agus liostuithe fardal fisiceach, gan bhearnaí.

5. Line count (líon línte): Líon iomlán na línte a tuairiscíodh.

6. Start report (tús na tuarascála): Dáta chéad lá na tréimhse tuairiscithe.

7. End report (deireadh na tuarascála): Dáta lá deireanach na tréimhse tuairiscithe.

8. Reporting person (tuairisceoir): Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil.

9. Transaction ID (aitheantas an idirbhirt): Uimhir sheicheamhach. Chun gach líne athruithe ar fhardail a bhaineann leis an idirbheart fisiceach céanna a shainaithint.

10. IC code (cód IC):

Úsáidfear ceann de na cóid seo a leanas:

| Eochairfhocal | Cód | Míniú |
|---|---|---|
| Admháil | RD | Ábhar núicléach a fháil ó limistéar maischothromaíochta laistigh den Aontas Eorpach. |
| Allmhairiú | RF | Ábhar núicléach a allmhairíodh ó thríú tír. |
| Fáltas ó ghníomhaíocht neamhchoimircithe | RN | Fáltas d'ábhar núicléach ó ghníomhaíocht neamhchoimircithe (Airteagal 39). |
| Loingsiú | SD | Aistriú ábhair núicléach chuig limistéar maischothromaíochta laistigh den Aontas Eorpach. |
| Easpórtáil | SF | Ábhar núicléach á onnmhairiú chuig tríú tír |
| Loingsiú chuig gníomhaíocht neamhchoimircithe | SN | Ábhar núicléach á aistriú chuig gníomhaíocht neamhchoimircithe (Airteagal 39). |
| Aistriú chuig dramhaíl chóirithe | TC | Ábhar núicléach i ndramhaíl a dhéantar a thomhas nó a mheas ar bhonn tomhas, agus a cóiríodh (e.g. i ngloine, stroighin, coincréit nó biotúman) ionas nach n-oirfeadh sé a thuilleadh don úsáid núicléach. Féadfar suiteálacha a údarú chun an cód seo a úsáid bunaithe ar iarraidh réasúnaithe a bhfuil údar cuí léi agus ar mhódúlachtaí tuairiscithe comhaontaithe.<br>Coinneofar taifid ar leith i gcás ábhar den chineál sin. |

| Eochairfhocal | Cód | Míniú |
|---|---|---|
| Aistriú chuig limistéar diúscartha geolaíche | TG | Aistriú ábhair núicléach nach meastar gur dramhaíl choinnithe ná chóirithe é chuig limistéar diúscartha geolaíche. Féadfar suiteálacha a údarú chun an cód seo a úsáid bunaithe ar iarraidh réasúnaithe a bhfuil údar cuí léi agus ar mhódúlachtaí tuairiscithe comhaontaithe. |
| Dramhaíl aischurtha sa chomhshaol | TE | Ábhar núicléach i ndramhaíl a dhéantar a thomhas nó a mheas ar bhonn tomhas, agus a aischuireadh go neamh-inchúlghairthe sa chomhshaol de thoradh ar sceitheadh pleanáilte (Airteagal 36(1)(a)). |
| Aistriú chuig dramhaíl choinnithe | TW | Ábhar núicléach a gineadh ón bpróiseáil nó ó thimpiste oibriúcháin, i ndramhaíl a dhéantar a thomhas nó a mheas ar bhonn tomhas, agus a aistríodh chuig suíomh sonrach laistigh den limistéar maischothromaíochta óna bhféadfaí é a athfháil agus a mheastar a bheith do-aisghabháilte de thuras na huaire.<br><br>Coinneofar taifid ar leith i gcás ábhar den chineál sin. |
| Athaistriú ó dhramhaíl chóirithe | FC | Dramhaíl chóirithe a athaistriú chuig fardal an limistéir maischothromaíochta. Déantar an t-athaistriú sin nuair a dhéantar próiseáil ar dhramhaíl chóirithe. |
| Athaistriú ó limistéar diúscartha geolaíche | FG | Ábhar núicléach a aisghabháil ó limistéar diúscartha geolaíche tar éis é a dhearbhú mar aistriú chuig an limistéar diúscartha geolaíche sin. Ní mór tuarascáil speisialta a sheoladh chuig an gCoimisiún má tá an cód sin le bheith in úsáid. |

| Eochairfhocal | Cód | Míniú |
|---|---|---|
| Athaistriú ó dhramhaíl choinnithe | FW | Dramhaíl choinnithe a athaistriú chuig fardal an limistéir maischothromaíochta. Bíonn feidhm aige sin pé uair a dhéantar dramhaíl choinnithe a aisghabháil ón suíomh sonrach laistigh den limistéar maischothromaíochta ar aistríodh í chuige, le haghaidh aon phróiseáil sa limistéar maischothromaíochta nó le haghaidh aon loingsiú ón limistéar maischothromaíochta. |
| Caillteanas timpisteach | LA | Cainníocht d'ábhar núicléach imithe amú ar bhealach do-athfhála neamhaireach mar gheall ar thimpiste oibríochtúil. Ní mór tuarascáil speisialta a sheoladh chuig an gCoimisiún má tá an cód sin le bheith in úsáid. |
| Gnóthachan timpisteach | GA | Ábhar núicléach a dtángthas air gan choinne, seachas i gcás inar braitheadh é agus fardal fisiceach á dhéanamh. Ní mór tuarascáil speisialta a sheoladh chuig an gCoimisiún má tá an cód sin le bheith in úsáid. |
| Gnóthachan díchoimisiúnúcháin | GD | Ábhar núicléach a thagann aníos le linn gníomhaíochtaí díchoimisiúnaithe nó oibríochtaí eisceachtúla. Féadfar suiteálacha a údarú chun an cód seo a úsáid bunaithe ar iarraidh réasúnaithe agus a bhfuil údar cuí léi. |
| Athrú catagóire | CE | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó chatagóir amháin (Airteagal 21) go catagóir eile mar thoradh ar phróiseas saibhrithe (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athraithe catagóire). |
| Athrú catagóire | CB | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó chatagóir amháin (Airteagal 21) go catagóir eile mar thoradh ar oibríocht chumaiscthe (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athraithe catagóire). |

| Eochairfhocal | Cód | Míniú |
|---|---|---|
| Athrú catagóire | CC | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó chatagóir amháin (Airteagal 21) go catagóir eile maidir le gach cineál athraithe catagóire, cuir i gcás le linn ionradaíochta nó ar chúiseanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, nach gcumhdaítear le cóid CE ná CB (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athraithe catagóire) nó le ceartúchán. |
| Athbhaisceáil | RB | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó bhaisc amháin go baisc eile (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athbhaisceáil). |
| Athrú ar oibleagáid áirithe | BR | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó oibleagáid coimirce áirithe go hoibleagáid coimirce eile (Airteagal 19(1)), chun an stoc iomlán de úráiniam a chomhardú i ndiaidh oibríocht chumaiscthe (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athrú oibleagáide). |
| Athrú ar oibleagáid áirithe | PR | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó oibleagáid coimirce áirithe go hoibleagáid coimirce eile (Airteagal 19(1)), úsáidtear é nuair a thagann ábhar núicléach isteach in pool cuntasaíochta nó nuair a imíonn sé amach as (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athrú oibleagáide). |
| Athrú ar oibleagáid áirithe | SR | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó oibleagáid coimirce áirithe go hoibleagáid coimirce eile (Airteagal 19(1)), i ndiaidh malartú nó ionadú oibleagáide (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athrú oibleagáide). Éilítear réamhúdarú chun an cód seo a úsáid (Airteagal 20(1)). |
| Athrú ar oibleagáid áirithe | CR | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó oibleagáid coimirce áirithe go hoibleagáid coimirce eile (Airteagal 19(1)), maidir le gach cás nach gcumhdaítear faoi na cóid BR, PR nó SR (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athrú oibleagáide). |

| Eochairfhocal | Cód | Míniú |
|---|---|---|
| Táirgeadh núicléach | NP | Méadú ar an gcainníocht d'ábhar núicléach mar gheall ar chlaochlú núicléach. |
| Caillteanas núicléach | NL | Laghdú ar an gcainníocht d'ábhar núicléach mar gheall ar chlaochlú núicléach. |
| Difríocht seoltóra/faighteora | DI | Difríocht seoltóra/faighteora. |
| Tomhas nua | NM | Cainníocht d'ábhar núicléach, in aon bhaisc ar leith, a bhfuil cuntas uirthi sa limistéar maischothromaíochta, agus arb í an difríocht í idir cainníocht nuathomhaiste agus an chainníocht a raibh cuntas uirthi cheana, agus nach difríocht seoltóra/faighteora í ná ceartúchán. |
| Ábhar gan tásc | MF | Coigeartú de réir na leabhar maidir le hábhar gan tásc. Beidh sé cothrom leis an difríocht idir an fardal fisiceach deiridh (PE) agus an fardal deiridh de réir na leabhar (BA) a tuairiscíodh sa tuarascáil mhaischothromaíochta (Iarscríbhinn IV). Is é an dáta a dhéanfar an fardal fisiceach a dáta bunaidh, agus beidh an dáta cuntasaíochta i ndiaidh an dáta a dhéanfar an fardal fisiceach. |
| Slánuithe | RA | Coigeartú slánaithe chun suim na gcainníochtaí a tuairiscíodh i dtréimhse áirithe a thabhairt de réir fhardal deiridh de réir na leabhar an limistéir maischothromaíochta. |
| Coigeartú iseatóp | R5 | Coigeartú chun suim na gcainníochtaí iseatóp a tuairiscíodh a thabhairt de réir fhardal deiridh de réir na leabhar an limistéir maischothromaíochta maidir le U-235. |
| Táirgeadh ábhair | MP | Cainníocht d'ábhar núicléach, a fuarthas ó shubstaintí nach mbíodh faoi réir coimircí i dtosach báire, agus a tháinig faoi réir coimircí mar go sáraíonn tiúchan an ábhair na híosleibhéil anois. |

| Eochairfhocal | Cód | Míniú |
|---|---|---|
| Foirceannadh úsáide | TU | Cainníocht d'ábhar núicléach a mheastar a bheith do-aisghabhála ar chúiseanna praiticiúla nó eacnamaíocha atá ionchorpraithe i dtáirgí deiridh a úsáidtear chun críocha neamhnúicléacha (Airteagal 36(1)(b)).<br>Éilítear réamhúdarú chun an cód seo a úsáid. |
| Coimircí a fhoirceannadh | TZ | Cainníocht d'ábhar núicléach a mheastar a bheith do-aisghabhála ar chúiseanna praiticiúla nó eacnamaíocha atá i ndramhaíl i dtiúchan an-íseal, arna thomhas nó arna mheas ar bonn tomhas, fiú mura ndiúscraítear na hábhair sin (Airteagal 36(1)(c)). Féadfar suiteálacha a údarú chun an cód seo a úsáid bunaithe ar iarraidh réasúnaithe a bhfuil údar cuí léi agus ar mhódúlachtaí tuairiscithe comhaontaithe. |
| An fardal deiridh de réir na leabhar | BA | Fardal de réir na leabhar i ndeireadh tréimhse tuairiscithe agus ar dháta déanta an fhardail fhisicigh (DFF), fardal ar leith maidir le gach catagóir d'ábhar núicléach agus maidir le gach oibleagáid coimirce áirithe. |

11. Batch (baisc): Féadfar gurb é an t-oibreoir a roghnóidh an t-ainmniú baisce, ach:

(a) i gcás an athraithe ar fhardail 'fáltas (RD)', tuairisceofar an t-ainmniú baisce a bhí in úsáid ag an seoltóir;

(b) ní úsáidfear ainmniú baisce arís le haghaidh baisc eile sa limistéar maischothromaíochta céanna.

12. KMP (PPT): Príomhphointe tomhais. Déantar na cóid a chur in iúl don tsuiteáil a bheidh i gceist agus a liostú sna forálacha coimirce áirithe. Murar cuireadh cóid shonracha in iúl, úsáidfear'&'.

13. Measurement (tomhas): Ní mór an bonn ar a bunaíodh an chainníocht d'ábhar núicléach a tuairiscíodh a léiriú. Úsáidfear ceann de na cóid seo a leanas:

| Tomhaiste | Measta | Míniú |
|---|---|---|
| M | E | Sa limistéar maischothromaíochta is tuairisceoir. |
| N | F | I limistéar maischothromaíochta eile. |
| T | G | Sa limistéar maischothromaíochta is tuairisceoir i gcás inar tugadh na meáchain cheana i dtuarascáil ar athruithe ar fhardail roimhe seo nó i liostú fardal fisiceach roimhe seo. |
| L | H | I limistéar maischothromaíochta eile i gcás inar tugadh na meáchain cheana i dtuarascáil ar athruithe ar fhardail roimhe seo nó i liostú fardal fisiceach roimhe seo maidir leis an limistéar maischothromaíochta seo. |

14. Material form (foirm an ábhair):

Úsáidfear na cóid a leanas:

| An príomhchineál d'fhoirm an ábhair | Fochineál | Cód |
|---|---|---|
| Mianta | | OR |
| Tiúcháin | | YC |
| Heicseafluairíd úráiniam (UF6) | | U6 |
| Teitreafluairíd úráiniam (UF4) | | U4 |
| Dé-ocsaíd úráiniam (UO2) | | U2 |
| Trí-ocsaíd úráiniam (UO3) | | U3 |
| Ocsaíd úráiniam (U3O8) | | U8 |
| Ocsaíd tóiriam (ThO2) | | T2 |

| An príomhchineál d’fhoirm an ábhair | Fochineál | Cód |
|---|---|---|
| Réitigh | Níotráite | LN |
| | Fluairíd | LF |
| | Eile | LO |
| Púdar | Aonfhoirmeach | PH |
| | Ilchineálach | PN |
| Ceirmigh | Millíní | CP |
| | Sféir | CS |
| | Eile | CO |
| Miotal | Íon | MP |
| | Cóimhiotail | MA |
| Breosla | Slata, pionnaí | ER |
| | Plátaí | EP |
| | Burlaí | EB |
| | Cóimeálacha | EA |
| | Eile | EO |
| Foinsí séalaithe | | QS |
| Cainníochtaí beaga/samplaí | | SS |
| Fuíoll | Aonfhoirmeach | SH |
| | Ilchineálach (glantacháin, clincir, slodaí, mionbhrus, eile) | SN |
| Dramhaíl sholadach | Cabhlacha | AH |
| | Measctha (plaistigh, lámhainní, páipéir, etc.) | AM |
| | Trealamh éillithe | AC |
| | Eile | AO |

| An príomhchineál d’fhoirm an ábhair | Fochineál | Cód |
|---|---|---|
| Dramhaíl leachtach | Ísealghníomhach | WL |
| | Meánghníomhach | WM |
| | Ardghníomhach | WH |
| Dramhaíl chóirithe | Gloine | NG |
| | Biotúman | NB |
| | Coincréit | NC |
| | Eile | NO |

15. Material container (coimeádán an ábhair):

Úsáidfear na cóid a leanas:

| An cineál coimeádáin | Cód |
|---|---|
| Sorcóir | C |
| Paca | P |
| Druma | D |
| Aonad breosla scoite | S |
| Caighean iompair | B |
| Buidéal | F |
| Umar | T |
| Eile | O |

16. Material state (staid an ábhair):

Úsáidfear na cóid a leanas:

| Stát | Cód |
|---|---|
| Ábhar núicléach úr | F |
| Ábhar núicléach ionradaithe | I |
| Dramhaíl | W |
| Ábhar do-aisghabhála | N |

17. Shipper MBA (TMC an tseoltóra): Le húsáid maidir leis na cóid athruithe ar fhardail RD agus RF amháin. Maidir leis an gcód athruithe ar fhardail RD, is cód an limistéir maischothromaíochta is seoltóir a thuairiscítear. Mura bhfuil an cód sin ar eolas, is é an cód 'F' nó 'W' a thuairiscítear (don TMC is seoltóir sa Fhrainc nó i Stát nach bhfuil airm núicléacha aige) agus déanfar ainm iomlán agus seoladh iomlán an tseoltóra a iontráil sa réimse nótaí tráchta (40). Maidir leis an gcód athruithe ar fhardal RF, is cód tíre an stáit onnmhairithe, nó cód TMC na suiteála onnmhairithe, má tá sé ar eolas, a thuairiscítear agus déanfar ainm agus seoladh iomlán an tseoltóra a iontráil sa réimse tráchta (40).

18. Receiver MBA (TMC an fhaighteora): Le húsáid maidir leis na cóid athraithe ar fhardail SD agus SF amháin. Maidir leis an gcód athraithe ar fhardail SD, is cód an limistéir maischothromaíochta is faighteoir a thuairiscítear. Mura bhfuil an cód sin ar eolas, is é an cód 'F' nó 'W' a thuairiscítear (don TMC is faighteoir sa Fhrainc nó i Stát nach bhfuil airm núicléacha aige) agus déanfar ainm iomlán agus seoladh iomlán an fhaighteora a iontráil sa réimse nótaí tráchta (40). Maidir leis an gcód athruithe ar fhardail SF, is cód tíre an stáit is allmhaireoir, nó cód TMC na suiteála is allmhaireoir, má tá sé ar eolas, a thuairiscítear agus déanfar ainm iomlán agus seoladh iomlán an fhaighteora a iontráil sa réimse nótaí tráchta (40).

19. Previous batch (an bhaisc roimhe seo): Ainmniú na baisce roimh an athbhaisceáil. Déanfar an t-ainmniú baisce i ndiaidh na hathbhaisceála a thuairisciú i réimse 11.

20. Original date (dáta bunaidh): I gcás ceartúcháin, tuairisceofar an lá, an mhí agus an bhliain a iontráladh an líne atá le ceartú den chéad uair. Maidir le slabhraí ceartúcháin, is é dáta cuntasaíochta líne a haon sa slabhra an dáta bunaidh. Maidir le línte déanacha (breisithe neamhspleácha), is é an dáta a tharla an t-athrú ar an bhfardal an dáta bunaidh.

21. PIT date (dáta DFF): An dáta a rinneadh an fardal fisiceach a tuairiscíodh sa tuarascáil ar an maischothromaíocht ar a mbunaítear an coigeartú de réir na leabhar maidir le hábhar gan tásc. Le húsáid leis an gcód athruithe ar fhardail MF amháin.

22. Line number (uimhir na líne): Uimhir sheicheamhach ag tosú le 1 i ngach tuarascáil, gan aon bhearna.

23. Accounting date (dáta cuntasaíochta): An dáta a tharla an t-athrú ar fhardal nó a fuarthas eolas air.

24. Number of items (líon na n-earraí): Déanfar líon na n-earraí sa bhaisc a thuairisciú. I gcás ina mbíonn níos mó ná líne amháin i gceist san athrú ar an bhfardal, beidh suim líon na n-earraí a tuairiscíodh cothrom le líon iomlán na n-earraí a bhaineann leis an aitheantas idirbhirt céanna. I gcás idirbheart a mbaineann níos mó ná dúil amháin leis, Déanfar líon na n-earraí a dhearbhú sa líne nó sna línte maidir leis an gcatagóir dúile is ábhartha ó thaobh coimircí de amháin (in ord íslitheach: P, H, L, N, D, T).

25. Element category (catagóir dúile):

Úsáidfear na cóid a leanas:

| Catagóir ábhair núicléach | Cód |
|---|---|
| Plútóiniam | P |
| Úráiniam ardsaibhrithe<br><br>(saibhriú 20 % agus os a chionn) | H |
| Úráiniam ísealsaibhrithe<br><br>(saibhriú de bhreis ar úráiniam nádúrtha ach níos lú ná 20 %) | L |
| Úráiniam nádúrtha | N |
| Úráiniam ídithe | D |
| Tóiriam | T |

26. Element weight (meáchan dúile): Tuairisceofar meáchan na catagóire dúile dá dtagraítear i réimse 25. Tuairisceofar gach meáchan i ngraim. Féadfar na digití deachúla sna línte cuntasaíochta a thuairisciú go dtí trí ionad de dheachúlacha ar a mhéid.

27. Isotope (Iseatóp): Cód a léiríonn na hiseatóip ineamhnaithe atá i gceist agus úsáidfear é agus meáchan na n-iseatóp á dtuairisciú (28).

Úsáidfear na cóid a leanas:

| Iseatóp ineamhnaithe/iseatóip ineamhnaithe | Cód |
|---|---|
| Úráiniam-235 | G |
| Úráiniam-233 | K |
| Meascán d'úráiniam-235 agus úráiniam-233 | J |

28. Fissile weight (meáchan ineamhnaithe): Is i gcás úráiniam shaibhrithe agus athruithe catagóire a mbíonn úráiniam saibhrithe i gceist iontu agus sa chás sin amháin a thuairisceofar meáchan na n-iseatóp ineamhnaithe, mura luaitear a mhalairt sna forálacha coimirce áirithe. Tuairisceofar gach meáchan i ngraim. Féadfar na digití deachúla sna línte cuntasaíochta a thuairisciú go dtí trí ionad de dheachúlacha ar a mhéid.

29. Isotopic composition (comhdhéanamh iseatópach): Má comhaontaíodh a leithéid sna forálacha coimirce áirithe, beidh comhdhéanamh iseatópach U agus/nó Pu le tuairisciú i bhfoirm liosta meáchan á ndeighilt le leathstad chun meáchan U-233, U-234, U-235, U-236, U-238 nó Pu-238, Pu-239, Pu-240, Pu-241, Pu-242 a léiriú. Féadfar na digití deachúla sna línte cuntasaíochta a thuairisciú go dtí trí ionad de dheachúlacha ar a mhéid.

30. Obligation (oibleagáid): Léiriú ar an oibleagáid coimirce áirithe a ghlac an Comhphobal air féin faoi Chomhaontú a rinneadh le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta, oibleagáid a bhfuil an t-ábhar faoina réir (Airteagal 19). Féadfaidh sé comhfhreagairt freisin do chód pool, i gcás ina n-údaraítear sin de bhun Airteagal 20. Cuirfidh an Coimisiún na cóid iomchuí in iúl do na suiteálacha arna iarraidh sin dó.

31. Previous element category (catagóir dúile roimhe seo): Cód na catagóire dúile d'ábhar núicléach roimh an athrú catagóire. Déanfar an cód comhfhreagrach i ndiaidh an athraithe a thuairisciú i réimse 25. Le húsáid leis na cóid athruithe ar fhardail CE, CB agus CC amháin.

32. Previous obligation (Oibleagáid roimhe seo): Cód na hoibleagáide coimirce áirithe a raibh an t-ábhar núicléach faoina réir roimh an athrú. Déanfar an cód oibleagáide comhfhreagrach i ndiaidh an athraithe a thuairisciú i réimse 30. Le húsáid leis na cóid athruithe ar fhardail BR, CR, PR agus SR amháin.

33. Shipper CAM code (cód CAM an tseoltóra): Cód na suiteála ó Iarscríbhinn I-N a sheolann an t-ábhar. Cuirfidh an Coimisiún an cód iomchuí in iúl don oibreoir nó don eintiteas. Cuirtear nósanna imeachta tuairiscithe simplithe i bhfeidhm maidir leis na hoibreoirí sin.

34. Receiver CAM code (cód CAM an fhaighteora): Cód na suiteála ó Iarscríbhinn I-N a fhaigheann an t-ábhar. Cuirfidh an Coimisiún an cód iomchuí in iúl don oibreoir nó don eintiteas. Cuirtear nósanna imeachta tuairiscithe simplithe i bhfeidhm maidir leis na hoibreoirí sin.

35. Document (doiciméad): Tagairt, arna sainiú ag an oibreoir, do dhoiciméad tacaíochta nó do dhoiciméid tacaíochta.

36. Container ID (Aitheantas coimeádáin): Uimhir choimeádáin arna sainiú ag an oibreoir. Mír sonraí roghnach a fhéadfar a úsáid nuair nach mbíonn uimhir an choimeádáin le sonrú ar ainmniú na baisce.

37. Correction (ceartúchán): Chun ceartúcháin a dhéanamh, ní mór an líne mhícheart nó na línte míchearta a scriosadh agus an líne cheart nó na línte cearta a chur isteach, i gcás inarb iomchuí.

Úsáidfear na cóid a leanas:

| Cód | Míniú |
|---|---|
| D | Scriosadh. Maidir leis an líne atá le scriosadh, ní mór í:<br>– a shainaithint trí uimhir na tuarascála (4) a léiriú i réimse 38 agus uimhir na líne (22) a léiriú i réimse 39, comh maith leis an CRC roimhe seo (42) i réimse 43 a dearbhaíodh don líne bhunaidh. Ní gá réimsí eile a thuairisciú;<br>nó<br>– a dhéanamh arís ina hiomláine, ach amháin i gcás an dáta cuntasaíochta (23), ar leis a léireofar an dáta ar a ndearnadh an scriosadh sna taifid chuntasaíochta. Féadfaidh cóid nach bhfuil in úsáid faoin Rialachán seo a thuilleadh a bheith sna réimsí |
| A | Breisiú (cuid de dhís scriosadh/breisiú). Tuairisceofar an líne cheart leis na réimsí sonraí uile lena n-áirítear an réimse 'an tuarascáil roimhe seo' (38) agus an réimse 'an líne roimhe seo' (39). Sa réimse 'an líne roimhe seo' (39), déanfar uimhir na líne (22) a bhfuil an dís scriosadh/breisiú á cur ina háit a thabhairt arís. Léireofar leis an dáta cuntasaíochta (23) an dáta ar cuireadh leis na taifid chuntasaíochta |
| L | Líne dhéanach (breisiú neamhspleách). Tuairisceofar an líne dhéanach atá le cur isteach leis na réimsí sonraí uile lena n-áirítear an réimse 'an tuarascáil roimhe seo' (38). Beidh uimhir na tuarascála (4) ar cheart an líne dhéanach a bheith curtha san áireamh inti le cur sa réimse 'an tuarascáil roimhe seo' (38). Léireofar leis an dáta cuntasaíochta (23) an dáta ar cuireadh an líne dhéanach isteach sna taifid chuntasaíochta |

38. Previous report (an tuarascáil roimhe seo): Léirigh uimhir na tuarascála (4) ina bhfuil an líne atá le ceartú.

39. Previous line (an líne roimhe seo): Maidir le scriostaí nó breisithe ar cuid de dhís scriosadh/breisiú iad, léirigh uimhir na líne (22) atá le ceartú.

40. Comment (barúil): Réimse saorthéacs le haghaidh barúlacha gearra ón oibreoir.

41. Burn-Up (an ráta loiscthe): Maidir le hathruithe ar fhardail den chineál NP nó NL in imoibreoirí núicléacha, an ráta loiscthe ina laethanta MW/tona.

42. CRC: Haischód na líne chun críocha rialú cáilíochta. Cuirfidh an Coimisiún an t-algartam a bheidh le húsáid in iúl don oibreoir.

43. Previous CRC (an CRC roimhe seo): Haischód na líne atá le ceartú.

44. Advance notification reference code (Réamhfhógra maidir le cód tagartha): Cód tagartha a úsáideadh maidir leis an réamhfhógra. Le húsáid le cóid fardail SF, RF, SD agus RD nuair a cheanglaítear é sin (Airteagail 23 agus 24).

45. Campaign (feachtas): Aitheantóir uathúil le haghaidh an fheachtais athphróiseála. Le húsáid maidir le hathruithe ar fhardail i limistéar nó i limistéir maischothromaíochta próisis na suiteálacha athphróiseála breosla spíonta.

46. Reactor (imoibreoir): Sainaitheantóir uathúil don imoibreoir a bhfuil a chuid breosla ionradaithe á stóráil nó á athphróiseáil. Le húsáid maidir leis na hathruithe ar fhardail i suiteálacha stórála breosla spíonta nó i suiteálacha athphróiseála amháin.

47. Safeguards info (faisnéis faoi choimircí): Faisnéis bhreise, má cheanglaíonn an Coimisiún amhlaidh.

POINTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA A THABHAIRT I gCRÍCH

1. I gcás ábhar núicléach a bheith á aistriú, cuirfidh an seoltóir an fhaisnéis ar fad atá riachtanach don tuarascáil ar athruithe ar fáil don fhaighteoir.

2. Má tá codáin d'aonaid sna sonraí uimhriúla cuirfear pointe roimh na digití deachúla.

3. Féadfaidh na 55 charachtar seo a leanas a úsáid: na 26 cheannlitir A go Z, na figiúirí 0 go 9 agus na carachtair 'móide', 'lúide', 'slais', 'réiltín', 'spás', 'cothrom le', 'níos mó ná', 'níos lú ná', 'pointe', 'camóg', 'lúibín oscailte', 'lúibín dúnta', 'idirstad', 'dollar', 'faoin gcéad', 'comhartha athfhriotail', 'leathstad', 'comhartha ceiste' agus 'amparsan'.

4. Faoi Airteagal 79 den Chonradh, tá siad siúd a bheidh faoi réir ceanglais coimircí le haon chumarsáid a bhí acu leis an gCoimisiún a chur in iúl d'údaráis an Bhallstáit lena mbaineann de bhun Airteagal 78 agus na chéad mhíre d'Airteagal 79 den Chonradh.

5. Ullmhófar tuarascálacha i bhformáid xml agus úsáid á baint as an teimpléad arna sholáthar ag an gCoimisiún trí ardán tiomnaithe.

6. Cuirfear na tuarascálacha, arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí (go digiteach más féidir), ar aghaidh chuig an Coimisiún Eorpach, Coimircí Euratom.

## **IARSCRÍBHINN IV**

TUARASCÁIL AR AN MAISCHOTHROMAÍOCHT (TMC)

Ceanntásc

| Lipéad/clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| MBA | Carachtar (4) | Cód TMC an TMC is tuairisceoir | 1 |
| Report type | Carachtar (1) | M maidir le Tuarascáil ar an Maischothromaíocht | 2 |
| Report date | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích | 3 |
| Start report | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta tosaigh TMC (dáta DFF is déanaí + 1 lá amháin) | 4 |
| End report | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta deiridh TMC (dáta DFF reatha) | 5 |
| Report number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 6 |
| Line count | Uimhir | Líon iomlán na línte a tuairiscíodh | 7 |
| Reporting person | Carachtar (64) | Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil | 8 |

Iontrálacha

| Lipéad/clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| IC code | Carachtar (2) | An cineál athraithe ar an bhfardal | 9 |
| Line number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 10 |
| Element category | Carachtar (1) | Catagóir ábhair núicléach | 11 |
| Element weight | Uimhir (24,3) | Meáchan dúile | 12 |
| Isotope | Carachtar (1) | G le haghaidh U-235, K le haghaidh U-233, J le haghaidh meascán U-235 agus U-233 | 13 |
| Fissile weight | Uimhir (24,3) | Meáchan an iseatóip ineamhnaithe | 14 |
| Obligation | Carachtar (5) | Oibleagáid coimirce | 15 |
| Correction | Carachtar (1) | D le haghaidh scriostaí, A le haghaidh breisithe ar cuid de dhís scriosadh/breisiú iad, L le haghaidh línte déanacha (breisithe neamhspleácha) | 16 |
| Previous report | Uimhir | Uimhir tuarascála na líne atá le ceartú | 17 |
| Previous line | Uimhir | Uimhir na líne atá le ceartú | 18 |
| Comment | Carachtar (256) | Barúil an oibreora | 19 |
| CRC | Uimhir | Haischód na líne chun críoch rialaithe cáilíochta | 20 |
| Previous CRC | Uimhir | Haischód na líne atá le ceartú | 21 |

*Nótaí míniúcháin*

1. MBA (TMC): Cód an limistéir maischothromaíochta is tuairisceoir. Is é an Coimisiún a chuirfidh an cód sin in iúl don tsuiteáil lena mbaineann.

2. Report type (an cineál tuarascála): M maidir le tuarascálacha ar an maischothromaíocht.

3. Report date (dáta na tuarascála): An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích.

4. Start report (tús na tuarascála): Dáta tosaigh TMC, dáta an chéad lá i ndiaidh lá déanta an fhardail fhisicigh roimhe sin.

5. End report (deireadh na tuarascála): Dáta deiridh TMC, dáta déanta an fhardail fhisicigh reatha.

6. eport number (uimhir na tuarascála): Uimhir sheicheamhach a úsáidtear le haghaidh tuarascálacha ar athruithe ar fhardail, tuarascálacha ar an maischothromaíocht agus liostuithe fardal fisiceach, gan bhearnaí.

7. Line count (an líon línte): Líon iomlán na línte a tuairiscíodh.

8. Reporting person (tuairisceoir): Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil.

9. IC code (cód IC): déanfar na cineálacha difriúla faisnéise fardail agus athruithe ar fhardail a iontráil san ord a thugtar thíos.

Úsáidfear na cóid a leanas:

| Eochairfhocal | Cód | Míniú |
|---|---|---|
| An fardal fisiceach tosaigh | PB | An fardal fisiceach i dtús na tréimhse tuairiscithe (beidh sé cothrom leis an bhfardal fisiceach i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe roimhe sin).<br>Línte ar leithligh in aghaidh na dúile agus in aghaidh na hoibleagáide coimirce |
| Athruithe ar fhardail<br>(cóid sa liosta thíos amháin) | | Maidir le gach cineál athraithe ar fhardal, ní mór líne chomhdhlúite amháin (in aghaidh na dúile agus in aghaidh na hoibleagáide coimirce) a iontráil don tréimhse tuairiscithe ar fad (méaduithe ar dtús, laghduithe ansin). |
| An fardal deiridh de réir na leabhar | BA | An fardal de réir na leabhar i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe. Beidh sé cothrom le suim uimhríochtúil na n-iontrálacha TMC thuas.<br>Línte ar leithligh in aghaidh na dúile agus in aghaidh na hoibleagáide coimirce |
| An fardal fisiceach deiridh | PE | An fardal fisiceach ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.<br>Línte ar leithligh in aghaidh na dúile agus in aghaidh na hoibleagáide coimirce |
| Ábhar gan tásc | MF | Ábhar gan tásc. Ríomhfar mar a leanas<br>'fardal fisiceach deiridh (PE)'<br>lúide<br>'fardal deiridh de réir na leabhar (BA)'.<br>Línte ar leithligh in aghaidh na dúile agus in aghaidh na hoibleagáide coimirce |

Maidir le hathruithe ar fhardail, úsáidfear ceann de na cóid seo a leanas:

| Eochairfhocal | Cód | Míniú |
|---|---|---|
| Admháil | RD | Ábhar núicléach a fháil ó limistéar maischothromaíochta laistigh den Aontas Eorpach. |
| Allmhairiú | RF | Ábhar núicléach a allmhairíodh ó thríú tír. |
| Fáltas ó ghníomhaíocht neamhchoimircithe | RN | Fáltas d'ábhar núicléach ó ghníomhaíocht neamhchoimircithe (Airteagal 39). |
| Loingsiú | SD | Aistriú ábhair núicléach chuig limistéar maischothromaíochta laistigh den Aontas Eorpach. |
| Easpórtáil | SF | Ábhar núicléach á onnmhairiú chuig tríú tír |
| Loingsiú chuig gníomhaíocht neamhchoimircithe | SN | Ábhar núicléach á aistriú chuig gníomhaíocht neamhchoimircithe (Airteagal 39). |
| Aistriú chuig dramhaíl chóirithe | TC | Ábhar núicléach i ndramhaíl a dhéantar a thomhas nó a mheas ar bhonn tomhas, agus a cóiríodh (e.g. i ngloine, stroighin, coincréit nó biotúman) ionas nach n-oirfeadh sé a thuilleadh don úsáid núicléach. Féadfar suiteálacha a údarú chun an cód seo a úsáid bunaithe ar iarraidh réasúnaithe a bhfuil údar cuí léi agus ar mhódúlachtaí tuairiscithe comhaontaithe.<br>Coinneofar taifid ar leith i gcás ábhar den chineál sin. |
| Aistriú chuig limistéar diúscartha geolaíche | TG | Aistriú ábhair núicléach nach meastar gur dramhaíl choinnithe ná chóirithe é chuig limistéar diúscartha geolaíche. |
| Dramhaíl aischurtha sa chomhshaol | TE | Ábhar núicléach i ndramhaíl a dhéantar a thomhas nó a mheas ar bhonn tomhas, agus a aischuireadh go neamh-inchúlghairthe sa chomhshaol de thoradh ar sceitheadh pleanáilte (Airteagal 36(1)(a)). |

| Eochairfhocal | Cód | Míniú |
|---|---|---|
| Aistriú chuig dramhaíl choinnithe | TW | Ábhar núicléach a gineadh ón bpróiseáil nó ó thimpiste oibriúcháin, i ndramhaíl a dhéantar a thomhas nó a mheas ar bhonn tomhas, agus a aistríodh chuig suíomh sonrach laistigh den limistéar maischothromaíochta óna bhféadfaí é a athfháil agus a mheastar a bheith do-aisghabháilte de thuras na huaire.<br><br>Coinneofar taifid ar leith i gcás ábhar den chineál sin. |
| Athaistriú ó dhramhaíl chóirithe | FC | Dramhaíl chóirithe a athaistriú chuig fardal an limistéir maischothromaíochta. Déantar an t-athaistriú sin nuair a dhéantar próiseáil ar dhramhaíl chóirithe. |
| Athaistriú ó limistéar diúscartha geolaíche | FG | Ábhar núicléach a aisghabháil ó limistéar diúscartha geolaíche tar éis é a dhearbhú mar aistriú chuig an limistéar diúscartha geolaíche sin. Ní mór tuarascáil speisialta a sheoladh chuig an gCoimisiún má tá an cód sin le bheith in úsáid. |
| Athaistriú ó dhramhaíl choinnithe | FW | Dramhaíl choinnithe a athaistriú chuig fardal an limistéir maischothromaíochta. Bíonn feidhm aige aon uair a dhéantar dramhaíl choinnithe a athfháil ón suíomh sonrach laistigh den limistéar maischothromaíochta, chun aon phróiseáil a bhaineann le deighilt na ndúl sa limistéar maischothromaíochta a dhéanamh uirthi nó le haghaidh aon loingsiú amach as an limistéar maischothromaíochta. |
| Caillteanas timpisteach | LA | Cainníocht d’ábhar núicléach imithe amú ar bhealach do-athfhála neamhaireach mar gheall ar thimpiste oibríochtúil. Ní mór tuarascáil speisialta a sheoladh chuig an gCoimisiún má tá an cód sin le bheith in úsáid. |

| Eochairfhocal | Cód | Míniú |
|---|---|---|
| Gnóthachan timpisteach | GA | Ábhar núicléach a dtángthas air gan choinne, seachas i gcás inar braitheadh é agus fardal fisiceach á dhéanamh. Ní mór tuarascáil speisialta a sheoladh chuig an gCoimisiún má tá an cód sin le bheith in úsáid. |
| Gnóthachan díchoimisiúnúcháin | GD | Ábhar núicléach a tháinig aníos le linn gníomhaíochtaí díchoimisiúnaithe nó oibríochtaí eisceachtúla. Féadfar suiteálacha a údarú chun an cód seo a úsáid bunaithe ar iarraidh réasúnaithe agus a bhfuil údar cuí léi. |
| Athrú catagóire | CE | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó chatagóir amháin (Airteagal 21) go catagóir eile mar thoradh ar phróiseas saibhrithe (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athraithe catagóire). |
| Athrú catagóire | CB | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó chatagóir amháin (Airteagal 21) go catagóir eile mar thoradh ar oibríocht chumaiscthe (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athraithe catagóire). |
| Athrú catagóire | CC | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó chatagóir (Airteagal 21) go catagóir eile maidir le gach cineál athrú catagóire, nach gcumhdaítear le cóid CE agus CB (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athrú catagóire), cuir i gcás le linn ionradaíochta nó ar chúiseanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo. |
| Athrú ar oibleagáid áirithe | BR | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó oibleagáid coimirce áirithe go hoibleagáid coimirce eile (Airteagal 19(1)), chun an stoc iomlán de úráiniam a chomhardú i ndiaidh oibríocht chumaiscthe (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athrú oibleagáide). |

| Eochairfhocal | Cód | Míniú |
|---|---|---|
| Athrú ar oibleagáid áirithe | PR | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó oibleagáid coimirce áirithe go hoibleagáid coimirce eile (Airteagal 19(1)), úsáidtear é nuair a thagann ábhar núicléach isteach in pool cuntasaíochta nó nuair a imíonn sé amach as (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athrú oibleagáide). |
| Athrú ar oibleagáid áirithe | SR | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó oibleagáid coimirce áirithe go hoibleagáid coimirce eile (Airteagal 19(1)), i ndiaidh malartú nó ionadú oibleagáide (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athrú oibleagáide). Éilítear réamhúdarú chun an cód seo a úsáid (Airteagal 20(1)). |
| Athrú ar oibleagáid áirithe | CR | Aistriú cuntasaíochta ar chainníocht d'ábhar núicléach ó oibleagáid coimirce áirithe go hoibleagáid coimirce eile (Airteagal 19(1)), maidir le gach cás nach gcumhdaítear faoi na cóid BR, PR nó SR (gan ach aon líne amháin le tuairisciú in aghaidh gach athrú oibleagáide). |
| Táirgeadh núicléach | NP | Méadú ar an gcainníocht d'ábhar núicléach mar gheall ar chlaochlú núicléach. |
| Caillteanas núicléach | NL | Laghdú ar an gcainníocht d'ábhar núicléach mar gheall ar chlaochlú núicléach. |
| Difríocht seoltóra/faighteora | DI | Difríocht seoltóra/faighteora. |
| Tomhas nua | NM | Cainníocht d'ábhar núicléach, in aon bhaisc ar leith, a bhfuil cuntas uirthi sa limistéar maischothromaíochta, agus arb í an difríocht í idir cainníocht nuathomhaiste agus an chainníocht a raibh cuntas uirthi cheana, agus nach difríocht seoltóra/faighteora í ná ceartúchán. |

| Eochairfhocal | Cód | Míniú |
|---|---|---|
| Slánuithe | RA | Coigeartú slánaithe chun suim na gcainníochtaí a tuairiscíodh i dtréimhse áirithe a thabhairt de réir fhardal deiridh de réir na leabhar an limistéir maischothromaíochta. |
| Coigeartú iseatóp | R5 | Coigeartú chun suim na gcainníochtaí iseatóp a tuairiscíodh a thabhairt de réir fhardal deiridh de réir na leabhar an limistéir maischothromaíochta maidir le U-235. |
| Táirgeadh ábhair | MP | Cainníocht d'ábhar núicléach, a fuarthas ó shubstaintí nach mbíodh faoi réir coimircí i dtosach báire, agus a tháinig faoi réir coimircí mar go sáraíonn tiúchan an ábhair na híosleibhéil anois. |
| Foirceannadh úsáide | TU | Cainníocht d'ábhar núicléach a mheastar a bheith do-aisghabhála ar chúiseanna praiticiúla nó eacnamaíocha atá ionchorpraithe i dtáirgí deiridh a úsáidtear chun críocha neamhnúicléacha (Airteagal 36(1)(b)).<br>Éilítear réamhúdarú chun an cód seo a úsáid. |
| Coimircí a fhoirceannadh | TZ | Cainníocht d'ábhar núicléach a mheastar a bheith do-aisghabhála ar chúiseanna praiticiúla nó eacnamaíocha atá i ndramhaíl i dtiúchan an-íseal, arna thomhas nó arna mheas ar bonn tomhas, fiú mura ndiúscraítear na hábhair sin sa chomhshaol (Airteagal 36(1)(c)). Féadfar suiteálacha a údarú chun an cód seo a úsáid bunaithe ar iarraidh réasúnaithe a bhfuil údar cuí léi agus ar mhódúlachtaí tuairiscithe comhaontaithe. |

10. Line number (uimhir na líne): Uimhir sheicheamhach ag tosú le 1, gan aon bhearna.

11. Element category (catagóir dúile): Catagóir dúile an ábhair núicléach, ag úsáid na gcód catagóire mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (25) a ghabhann leis an Rialachán seo.

12. Element weight (meáchan dúile): Tuairisceofar meáchan na catagóire dúile dá dtagraítear i réimse 11. Tuairisceofar gach meáchan i ngraim. Féadfar na digití deachúla sna línte cuntasaíochta a thuairisciú go dtí trí ionad de dheachúlacha ar a mhéid.

13. Isotope (iseatóp): Léiríonn an cód seo an cineál iseatóp ineamhnaithe a bhíonn i gceist agus déanfar é a úsáid nuair a thuairiscítear meáchan iseatóp ineamhnaithe. Úsáid na cóid mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (27) den Rialachán seo.

14. Fissile weight (meáchan ineamhnaithe): Is i gcás úráiniam shaibhrithe agus athruithe catagóire a mbíonn úráiniam saibhrithe i gceist iontu agus sa chás sin amháin a thuairisceofar meáchan na n-iseatóp ineamhnaithe, mura luaitear a mhalairt sna forálacha coimirce áirithe. Tuairisceofar gach meáchan i ngraim. Féadfar na digití deachúla sna línte cuntasaíochta a thuairisciú go dtí trí ionad de dheachúlacha ar a mhéid.

15. Obligation (oibleagáid): Léiriú ar an oibleagáid coimirce áirithe a ghlac an Comhphobal air féin faoi Chomhaontú a rinneadh le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta, oibleagáid a bhfuil an t-ábhar faoina réir (Airteagal 19). Féadfaidh sé comhfhreagairt freisin do chód pool, i gcás ina n-údaraítear sin de bhun Airteagal 20. Cuirfidh an Coimisiún na cóid iomchuí in iúl do na suiteálacha arna iarraidh sin dó.

16. Correction (ceartúchán): Chun ceartúcháin a dhéanamh, ní mór an líne mhícheart nó na línte míchearta a scriosadh agus an líne cheart nó na línte cearta a chur isteach, i gcás inarb iomchuí.

Úsáidfear na cóid a leanas:

| Cód | Míniú |
|---|---|
| D | Scriosadh. Maidir leis an líne atá le scriosadh:<br>– déanfar í a shainaithint trí uimhir na tuarascála (6) a léiriú i réimse 17 agus uimhir na líne (11) a léiriú i réimse 18, chomh maith leis an CRC roimhe seo (20) in réimse 21 a dearbhaíodh don líne bhunaidh.Ní gá réimsí eile a thuairisciú;<br>nó<br>– déanfar an líne a athdhéanamh ina hiomláine. Féadfaidh cóid nach bhfuil in úsáid faoin Rialachán seo a thuilleadh a bheith sna réimsí |
| A | Breisiú (cuid de dhís scriosadh/breisiú). Tuairisceofar an líne cheart leis na réimsí sonraí uile lena n-áirítear an réimse ‘an tuarascáil roimhe seo’ (17) agus an réimse ‘an líne roimhe seo’ (18). Sa réimse ‘an líne roimhe seo’ (18), déanfar uimhir na líne (10) a bhfuil an dís scriosadh/breisiú á cur ina háit a thabhairt arís |
| L | Líne dhéanach (breisiú neamhspleách). Tuairisceofar an líne dhéanach atá le cur isteach leis na réimsí sonraí uile lena n-áirítear an réimse ‘an tuarascáil roimhe seo’ (17). Beidh uimhir na tuarascála (6) ar cheart an líne dhéanach a bheith curtha san áireamh inti le cur sa réimse ‘an tuarascáil roimhe seo’ (17) |

17. Previous report (an tuarascáil roimhe seo): Léirigh uimhir na tuarascála (6) ina bhfuil an líne atá le ceartú.

18. Previous line (an líne roimhe seo): Maidir le scriostaí nó breisithe ar cuid de dhís scriosadh/breisiú iad, léirigh uimhir na líne (10) atá le ceartú.

19. Comment (barúil): Réimse saorthéacs le haghaidh barúlacha gearra ón oibreoir.

20. CRC: Haischód na líne chun críocha rialú cáilíochta. Cuirfidh an Coimisiún an t-algartam a bheidh le húsáid in iúl don oibreoir.

21. Previous CRC (an CRC roimhe seo): Haischód na líne atá le ceartú.

POINTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA A THABHAIRT I gCRÍCH

Beidh feidhm ag nótaí ginearálta 2, 3, 4, 5, agus 6 i ndeireadh Iarscríbhinn III mutatis mutandis.

# IARSCRÍBHINN V

## LIOSTÚ FARDAL FISICEACH

Ceanntásc

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| MBA | Carachtar (4) | Cód TMC an TMC is tuairisceoir | 1 |
| Report type | Carachtar (1) | P maidir le liostuithe den fhardal fisiceach | 2 |
| Report date | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích | 3 |
| Report number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 4 |
| PIT date | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta a rinneadh an fardal fisiceach | 5 |
| Line count | Uimhir | Líon iomlán na línte a tuairiscíodh | 6 |
| Reporting person | Carachtar (64) | Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil | 7 |

Iontrálacha

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Item ID | Carachtar (20) | Uimhir sheicheamhach | 8 |
| Batch | Carachtar (20) | Aitheantóir uathúil maidir le baisc d'ábhar núicléach | 9 |
| KMP | Carachtar (1) | Príomhphointe tomhais | 10 |
| Measurement | Carachtar (1) | Cód tomhais | 11 |
| Element category | Carachtar (1) | Catagóir ábhair núicléach | 12 |
| Material form | Carachtar (2) | Cód d'fhoirm an ábhair | 13 |
| Material container | Carachtar (1) | Cód choimeádán an ábhair | 14 |
| Material state | Carachtar (1) | Cód staid an ábhair | 15 |
| Line number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 16 |
| Number of items | Uimhir | Líon na n-earraí | 17 |
| Element weight | Uimhir (24,3) | Meáchan dúile | 18 |
| Isotope | Carachtar (1) | G le haghaidh U-235, K le haghaidh U-233,<br>J le haghaidh meascán U-235 agus U-233 | 19 |
| Fissile weight | Uimhir (24,3) | Meáchan an iseatóip ineamhnaithe | 20 |
| Obligation | Carachtar (5) | Oibleagáid coimirce | 21 |
| Document | Carachtar (70) | Tagairt, arna sainiú ag an oibreoir, do dhoiciméid tacaíochta | 22 |
| Container ID | Carachtar (20) | Sainaitheantóir, arna shainiú ag an oibreoir, maidir leis an gcoimeádán | 23 |
| Correction | Carachtar (1) | D le haghaidh scriostaí, A le haghaidh breisithe ar cuid de dhís scriosadh/breisiú iad,<br>L le haghaidh línte déanacha (breisithe neamhspleácha) | 24 |

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Previous report | Uimhir | Uimhir tuarascála na líne atá le ceartú | 25 |
| Previous line | Uimhir | Uimhir na líne atá le ceartú | 26 |
| Comment | Carachtar (256) | Barúil an oibreora | 27 |
| CRC | Uimhir | Haischód na líne chun críoch rialaithe cáilíochta | 28 |
| Previous CRC | Uimhir | Haischód na líne atá le ceartú | 29 |

*Nótaí míniúcháin*

1. MBA (TMC): Cód an limistéir maischothromaíochta is tuairisceoir. Is é an Coimisiún a chuirfidh an cód sin in iúl don tsuiteáil lena mbaineann.

2. Report type (an cineál tuarascála): P maidir le liostuithe den fhardal fisiceach.

3. Report date (dáta na tuarascála): An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích.

4. Report number (uimhir na tuarascála): Uimhir sheicheamhach a úsáidtear le haghaidh tuarascálacha ar athruithe ar fhardail, tuarascálacha ar an maischothromaíocht agus liostuithe fardal fisiceach, gan bhearnaí.

5. PIT date (dáta DFF): An lá, an mhí agus an bhliain a rinneadh an fardal fisiceach, léiriú ar an staid mar a bhí ag 24.00.

6. Line count (an líon línte): Líon iomlán na línte a tuairiscíodh.

7. Reporting person (tuairisceoir): Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil.

8. Item ID (uimhir aitheantais an earra): Uimhir sheicheamhach, is coiteann do gach líne den liostú fardail fisiceach a bhaineann leis an réad fisiceach céanna.

9. Batch (baisc): Má cheanglaítear beart leantach i leith baisce sna forálacha coimirce áirithe, bainfear úsáid as an ainmniú baisce a úsáideadh cheana ar an mbaisc i dtuarascáil ar athruithe ar fhardail nó i liostú fardal fisiceach níos luaithe.

10. KMP (PPT): Príomhphointe tomhais. Déantar na cóid a chur in iúl don tsuiteáil a bheidh i gceist agus a liostú sna forálacha coimirce áirithe. Murar cuireadh cóid shonracha in iúl, déanfar '&' a úsáid.

11. Measurement (tomhas): Ní mór an bonn ar a bunaíodh an chainníocht d'ábhar núicléach a tuairiscíodh a léiriú, ag úsáid na gcód catagóire mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (13) a ghabhann leis an Rialachán seo.

12. Element category (catagóir dúile): Catagóir dúile an ábhair núicléach, ag úsáid na gcód catagóire mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (25) a ghabhann leis an Rialachán seo.

13. Material form (foirm an ábhair): Foirm ábhartha na baisce, agus an tuairisc ar na hábhair á húsáid mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (14) a ghabhann leis an Rialachán seo.

14. Material container (coimeádán an ábhair): An cineál coimeádáin ina bhfuil an t-ábhar núicléach, ag úsáid na gcód catagóire mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (15) a ghabhann leis an Rialachán seo.

15. Material state (staid an ábhair): Staid ábhartha na baisce, agus cóid staid an ábhair á n-úsáid mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (16) a ghabhann leis an Rialachán seo.

16. Line number (uimhir na líne): Uimhir sheicheamhach ag tosú le 1 i ngach tuarascáil, gan aon bhearna.

17. Number of items (líon na n-earraí): Léireoidh gach líne den fhardal fhisiceach líon na n-earraí atá i gceist. Má thuairiscítear grúpa earraí a bhaineann leis an mbaisc chéanna ar línte éagsúla, beidh suim líon na n-earraí a thuairiscítear cothrom le líon iomlán na n-earraí sa ghrúpa. I gcás línte a mbaineann níos mó ná dúil amháin leo, déanfar líon na n-earraí a dhearbhú sa líne nó sna línte maidir leis an gcatagóir dúile is ábhartha ó thaobh coimircí de amháin (in ord íslitheach: P, H, L, N, D, T).

18. Element weight (meáchan dúile): Tuairisceofar meáchan na catagóire dúile dá dtagraítear i réimse 12. Tuairisceofar gach meáchan i ngraim. Féadfar na digití deachúla sna línte cuntasaíochta a thuairisciú go dtí trí ionad de dheachúlacha ar a mhéid.

19. Isotope (iseatóp): Léiríonn an cód seo an cineál iseatóp ineamhnaithe a bhíonn i gceist agus déanfar é a úsáid nuair a thuairiscítear meáchan iseatóp ineamhnaithe. Úsáid na cóid mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (27) den Rialachán seo.

20. Fissile weight (meáchan ineamhnaithe): Is i gcás úráiniam shaibhrithe agus athruithe catagóire a mbíonn úráiniam saibhrithe i gceist iontu agus sa chás sin amháin a thuairisceofar meáchan na n-iseatóp ineamhnaithe, mura luaitear a mhalairt sna forálacha coimirce áirithe. Tuairisceofar gach meáchan i ngraim. Féadfar na digití deachúla sna línte cuntasaíochta a thuairisciú go dtí trí ionad de dheachúlacha ar a mhéid.

21. Obligation (oibleagáid): Léiriú ar an oibleagáid coimirce áirithe a ghlac an Comhphobal air féin faoi Chomhaontú a rinneadh le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta, oibleagáid a bhfuil an t-ábhar faoina réir (Airteagal 19). Féadfaidh sé comhfhreagairt freisin do chód pool, i gcás ina n-údaraítear sin de bhun Airteagal 20. Cuirfidh an Coimisiún na cóid iomchuí in iúl do na suiteálacha arna iarraidh sin dó.

22. Document (doiciméad): Tagairt, arna sainiú ag an oibreoir, do dhoiciméad tacaíochta nó do dhoiciméid tacaíochta.

23. Container ID (aitheantas coimeádáin): Uimhir choimeádáin arna sainiú ag an oibreoir. Mír sonraí roghnach a fhéadfar a úsáid nuair nach mbíonn uimhir an choimeádáin le sonrú ar ainmniú na baisce.

24. Correction (ceartúchán): Chun ceartúcháin a dhéanamh, ní mór an líne mhícheart nó na línte míchearta a scriosadh agus an líne cheart nó na línte cearta a chur isteach, i gcás inarb iomchuí.

Úsáidfear na cóid a leanas:

| Cód | Míniú |
|---|---|
| D | Scriosadh. Maidir leis an líne atá le scriosadh:<br>Déanfar é a shainaithint trí uimhir na tuarascála (4) a léiriú i réimse 25 agus uimhir na líne (16) a léiriú i réimse 26, chomh maith leis an CRC roimhe seo (28) i réimse 29 a dearbhaíodh don líne bhunaidh.<br>- Ní gá réimsí eile a thuairisciú;<br>nó<br>– déanfar an líne a athdhéanamh ina hiomláine. Féadfaidh cóid nach bhfuil in úsáid faoin Rialachán seo a thuilleadh a bheith sna réimsí |
| A | Breisiú (cuid de dhís scriosadh/breisiú). Tuairisceofar an líne cheart leis na réimsí sonraí uile lena n-áirítear an réimse ‘an tuarascáil roimhe seo’ (25) agus an réimse ‘an líne roimhe seo’ (26). Sa réimse ‘an líne roimhe seo’ (26), beidh uimhir na líne (16) a bhfuil an dís scriosadh/breisiú á cur ina háit a sholáthar arís. |
| L | Líne dhéanach (breisiú neamhspleách). Tuairisceofar an líne dhéanach atá le cur isteach leis na réimsí sonraí uile lena n-áirítear an réimse ‘an tuarascáil roimhe seo’ (25). Beidh uimhir na tuarascála (4) ar cheart an líne dhéanach a bheith curtha san áireamh inti le cur sa réimse ‘an tuarascáil roimhe seo’ (25). |

25. An tuarascáil roimhe seo: Léirigh uimhir na tuarascála (4) ina bhfuil an líne atá le ceartú.

26. Previous line (an líne roimhe seo): Maidir le scriostaí nó breisithe ar cuid de dhís scriosadh/breisiú iad, léirigh uimhir na líne (16) atá le ceartú.

27. Comment (barúil): Réimse saorthéacs le haghaidh barúlacha gearra ón oibreoir (in áit 'nóta beacht ar leith').

28. CRC: Haischód na líne chun críocha rialú cáilíochta. Cuirfidh an Coimisiún an t-algartam a bheidh le húsáid in iúl don oibreoir.

29. Previous CRC (an CRC roimhe seo): Haischód na líne atá le ceartú.

POINTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA A THABHAIRT I gCRÍCH

1. Más rud é nach raibh aon ábhar núicléach sa limistéar maischothromaíochta ar an dáta a rinneadh an fardal fisiceach, déanfar na lipéid ó 1 go 7, 16, 17 agus 28 thuas amháin a líonadh isteach. Ina theannta sin, déanfar lipéid 24-26 agus 29 a líonadh isteach nuair is iomchuí.

2. Beidh feidhm ag nótaí ginearálta 2, 3, 4, 5, agus 6 i ndeireadh Iarscríbhinn III *mutatis mutandis*.

# IARSCRÍBHINN VI

RÉAMHFHÓGRA FAOI ONNMHAIRÍ/LOINGSITHE ÁBHAIR NÚICLÉACH

Ceanntásc

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Legal entity or name of installation | Carachtar (256) | Ainm an eintitis dhlítheanaigh nó ainm na suiteála | 1 |
| Report type | Carachtar (4) | ANXS a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo | 2 |
| Advance notification reference code | Carachtar (12) | Cód tagartha maidir le réamhfhógra | 3 |
| Shipper MBA | Carachtar (4) | Cód TMC na suiteála is seoltóir | 4 |
| Receiver MBA | Carachtar (4) | Cód TMC na suiteála is faighteoir | 5 |
| Shipping installation | Carachtar (256) | Sonraí teagmhála na suiteála is seoltóir | 6 |
| Receiving installation | Carachtar (256) | Sonraí teagmhála na suiteála is faighteoir | 7 |
| Report date | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích | 8 |
| Reporting person | Carachtar (64) | Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil | 9 |

**Iontrálacha**

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Line number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 10 |
| Batch | Carachtar (20) | Aitheantóir uathúil maidir le baisc d’ábhar núicléach | 11 |
| Element category | Carachtar (1) | Catagóir ábhair núicléach | 12 |
| Obligation | Carachtar (5) | Oibleagáid coimirce | 13 |
| Chemical composition | Carachtar (64) | Comhdhéanamh ceimiceach | 14 |
| Isotope | Carachtar (1) | Iseatóp úráiniam | 15 |
| Enrichment | Uimhir (3,3) | Comhdhéanamh úráiniam-235 de réir céatadáin | 16 |
| Material state | Carachtar (1) | Staid an ábhair | 17 |
| Material form | Carachtar (2) | Foirm an ábhair | 18 |
| Number of items | Uimhir | Líon na n-earraí | 19 |
| Description of containers and seals | Carachtar (256) | Tuairisc ar choimeádáin agus ar roghanna séalaithe | 20 |
| Element weight | Uimhir (24,3) | Meáchan dúile | 21 |
| Fissile weight | Uimhir (24,3) | Meáchan iseatóip ineamhnaithe | 22 |
| Material container | Carachtar (1) | Cód choimeádán an ábhair | 23 |
| Means of transport | Carachtar (1) (i ndáil le gach modh iompair) | Modh iompair ábhar núicléach | 24 |
| Location where material shall be stored or prepared | Carachtar (256) | An suíomh a n-ullmhaítear an t-ábhar núicléach lena sheoladh | 25 |
| Last date when material can be identified | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta deireanach ar féidir an t-ábhar núicléach a shainaithint | 26 |

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Date of dispatch | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta seolta ionchasach | 27 |
| Date of arrival | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta measta teachta ag an gceann scríbe | 28 |
| Intended use | Carachtar (256) | Úsáid bheartaithe na n-ábhar núicléach | 29 |
| Euratom Supply Agency (ESA) contractual reference | Carachtar (64) | Uimhir thagartha chonarthach GES | 30 |

*Nótaí míniúcháin*

1. Eintiteas dlítheanach nó ainm na suiteála: Ainm an eintitis dhlítheanaigh nó ainm na suiteála a thugann fógra don Choimisiún.

2. Report type (an cineál tuarascála): ANXS a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo.

3. Advance notification reference code (réamhfhógra maidir le cód tagartha): An cód tagartha maidir le réamhfhógraí a bheidh le húsáid sa tuarascáil ar athruithe ar fhardail.

4. Shipper MBA (TMC an tseoltóra): Cód limistéar maischothromaíochta an tseoltóra arna chur in iúl ag an gCoimisiún don tsuiteáil lena mbaineann.

5. Receiver MBA (TMC an fhaighteora): Cód an limistéir maischothromaíochta is faighteoir i gcás aistrithe laistigh den Aontas agus, más eol, i gcás onnmhairiú ó thríú tír.

6. Shipping installation (an tsuiteáil is seoltóir): Ainm, seoladh agus tír na suiteála a sheolfaidh an t-ábhar núicléach.

7. Receiving installation (an tsuiteáil is faighteoir): Ainm, seoladh agus tír na suiteála a fhaigheann an t-ábhar núicléach.

8. Report date (dáta na tuarascála): An dáta ar a ndearnadh an tuarascáil.

9. Reporting person (tuairisceoir): Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil.

10. Line number (uimhir na líne): Uimhir sheicheamhach ag tosú le 1 i ngach tuarascáil, gan aon bhearna.

11. Batch (baisc): Uimhir aitheantais na baisce. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

12. Element category (catagóir dúile): Catagóir na n-ábhar núicléach. Úsáid na gcód catagóire mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (25) den Rialachán seo.

13. Obligation (oibleagáid): Léiriú ar an oibleagáid coimirce áirithe a ghlac an Comhphobal air féin faoi Chomhaontú a rinneadh le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta, oibleagáid a bhfuil an t-ábhar faoina réir (Airteagal 19). Cuirfidh an Coimisiún na cóid iomchuí in iúl do na suiteálacha arna iarraidh sin dó. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

14. Chemical composition (comhdhéanamh ceimiceach): Comhdhéanamh ceimiceach na baisce. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

15. Isotope (iseatóp): Léiríonn an cód seo an cineál iseatóp ineamhnaithe a bhíonn i gceist agus déanfar é a úsáid nuair a thuairiscítear meáchan iseatóp ineamhnaithe. Úsáid na cóid iseatóip mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (27) den Rialachán seo. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce ina bhfuil úráiniam.

16. Enrichment (saibhriú): Comhdhéanamh U-235 de réir céatadáin. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce ina bhfuil úráiniam.

17. Material state (staid an ábhair): Staid ábhartha na baisce, agus cóid staid an ábhair á n-úsáid mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (16) a ghabhann leis an Rialachán seo. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

18. Material form (foirm an ábhair): Foirm ábhartha na baisce, agus an tuairisc ar na hábhair á húsáid mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (14) a ghabhann leis an Rialachán seo. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

19. Number of items (líon na n-earraí): Líon na n-earraí a áirítear sa bhaisc, i gcomhréir le hIarscríbhinn III (24) a ghabhann leis an Rialachán seo.

20. Description of containers and seals (tuairisc ar choimeádáin agus ar shéalaí): Tuairisc ar na coimeádáin, lena n-áirítear gnéithe trína bhféadfaí iad a shéalú. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

21. Element weight (meáchan dúile): Tabharfar meáchan na dúile i ngraim. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

22. Fissile weight (meáchan ineamhnaithe): Meáchan an iseatóip/na n-iseatóp ineamhnaithe (maidir le húráiniam ísealsaibhrithe agus úráiniam ardsaibhrithe: tabharfar meáchan iseatóp U-233 agus iseatóp U-235) i ngraim. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce ina bhfuil úráiniam.

23. Material container (coimeádán an ábhair): An cineál coimeádáin ina bhfuil an t-ábhar núicléach, ag úsáid na gcód catagóire mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (15) a ghabhann leis an Rialachán seo.

24. Means of transport (modh iompair): Léirigh an modh iompair, i gcás inarb iomchuí. Féadfar níos mó ná cód amháin a úsáid má úsáidtear roinnt modhanna iompair. I gcásanna den sórt sin, déanfar na cóid a dheighilt le leathstadanna.

Úsáidfear na cóid a leanas:

| Modh iompair | Cód |
|---|---|
| Aer | A |
| Uisce | W |
| Bóthar | R |
| Traein | T |
| Eile | O |

25. An suíomh a ndéanfar an t-ábhar a stóráil nó a ullmhú: An suíomh sa limistéar maischothromaíochta ina n-ullmhaítear an t-ábhar núicléach lena sheoladh agus ina bhféadfar é a shainaithint, agus ina bhféadfaí cainníocht agus comhdhéanamh an ábhair núicléach a fhíorú.

26. Last date when material can be identified (an dáta deireanach ar féidir an t-ábhar a shainaithint): An dáta deireanach is féidir an t-ábhar núicléach a shainaithint agus is féidir cainníocht agus comhdhéanamh an ábhair a fhíorú.

27. Date of dispatch (dáta seolta): An dáta measta seolta. Léireofar dáta amháin in aghaidh na baisce.

28. Date of arrival (dáta teachta): An dáta a mheastar go dtiocfaidh sí go dtí an ceann scríbe. Léireofar dáta amháin in aghaidh na baisce.

29 Intended use (úsáid bheartaithe): An úsáid dá sanntar an t-ábhar núicléach.

30 Euratom Supply Agency (ESA) contractual reference (tagairt chonarthach Ghníomhaireacht Soláthair Euratom (GES)): Léirigh, i gcás inarb iomchuí:

– tagairt chonarthach ESA, nó mura bhfuil an tagairt ar fáil, an dáta a rinne an Ghníomhaireacht Soláthair an conradh nó an dáta a mheasann sí an conradh a bheith déanta, agus aon tagairt úsáideach.

– maidir le conarthaí poist (Airteagal 75 den Chonradh) agus conarthaí chun cainníochtaí beaga ábhair a sholáthar (Airteagal 74 den Chonradh, agus Rialachán Uimh. 17/66/Euratom ón gCoimisiún arna leasú le Rialachán (Euratom) Uimh. 3137/74), dáta an réamhfhógra do ESA agus aon tagairt úsáideach.

POINTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA A THABHAIRT I gCRÍCH

1. Cuirfear an fhaisnéis uile arna hiarraidh ar fáil, nuair is infheidhme.

2. I gcás aistrithe laistigh den Aontas, cuirfidh an seoltóir an fhaisnéis uile is gá ar fáil don fhaighteoir.

3. Má tá codáin d'aonaid sna sonraí uimhriúla, déanfar pointe a chur roimh na digití deachúla.

4. Féadfaidh na 55 charachtar seo a leanas a úsáid: na 26 cheannlitir A go Z, na figiúirí 0 go 9 agus na carachtair 'móide', 'lúide', 'slais', 'réiltín', 'spás', 'cothrom le', 'níos mó ná', 'níos lú ná', 'pointe', 'camóg', 'lúibín oscailte', 'lúibín dúnta', 'idirstad', 'dollar', 'faoin gcéad', 'comhartha athfhriotail', 'leathstad', 'comhartha ceiste' agus 'amparsan'.

5. Faoi Airteagal 79 den Chonradh, cuirfidh siad siúd a bheidh faoi réir ceanglais coimircí in iúl d'údaráis an Bhallstáit lena mbaineann aon chumarsáid a bhí acu leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 78 agus na chéad mhíre d'Airteagal 79 den Chonradh.

6. Ullmhófar tuarascálacha i bhformáid xml agus úsáid á baint as an teimpléad arna sholáthar ag an gCoimisiún trí ardán tiomnaithe.

7. Déanfar na tuarascálacha, arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí (go digiteach más féidir), a chur ar aghaidh chuig an Coimisiún Eorpach, Coimircí Euratom.

**IARSCRÍBHINN VII**

RÉAMHFHÓGRA FAOI ÁBHAR NÚICLÉACH ARNA ALLMHAIRIÚ/ ARNA FHÁIL

Ceanntásc

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Legal entity or name of installation | Carachtar (256) | Ainm an eintitis dhlítheanaigh nó ainm na suiteála | 1 |
| Report type | Carachtar (4) | ANIR a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo | 2 |
| Advance notification reference code | Carachtar (12) | Cód tagartha maidir le réamhfhógra | 3 |
| Shipper MBA | Carachtar (4) | Cód TMC na suiteála is seoltóir | 4 |
| Receiver MBA | Carachtar (4) | Cód TMC na suiteála is faighteoir | 5 |
| Shipping installation | Carachtar (256) | Sonraí teagmhála na suiteála is seoltóir | 6 |
| Receiving installation | Carachtar (256) | Sonraí teagmhála na suiteála is faighteoir | 7 |
| Report date | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích | 8 |
| Reporting person | Carachtar (64) | Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil | 9 |

Iontrálacha

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Line number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 10 |
| Batch | Carachtar (20) | Aitheantóir uathúil maidir le baisc d'ábhar núicléach | 11 |
| Element category | Carachtar (1) | Catagóir ábhair núicléach | 12 |
| Obligation | Carachtar (5) | Oibleagáid coimirce | 13 |
| Chemical composition | Carachtar (64) | Comhdhéanamh ceimiceach | 14 |
| Isotope | Carachtar (1) | Iseatóp ineamhnaithe úráiniam | 15 |
| Enrichment | Uimhir (3,3) | Comhdhéanamh úráiniam-235 de réir céatadáin | 16 |
| Material state | Carachtar (1) | Staid an ábhair | 17 |
| Material form | Carachtar (2) | Foirm an ábhair | 18 |
| Number of items | Uimhir | Líon na n-earraí | 19 |
| Description of containers and seals | Carachtar (256) | Tuairisc ar choimeádáin agus ar shéalaí | 20 |
| Element weight | Uimhir (24,3) | Meáchan dúile | 21 |
| Fissile weight | Uimhir (24,3) | Meáchan iseatóip ineamhnaithe | 22 |
| Means of transport | Carachtar (1) (i ndáil le gach modh iompair) | Modh iompair ábhar núicléach | 23 |
| Date of arrival | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta teachta ábhar núicléach | 24 |
| Location where materials shall be unpacked | Carachtar (256) | An suíomh ar a ndéanfar an t-ábhar núicléach a dhíphacáil | 25 |

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Date when materials shall be unpacked | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta a dhéanfar an t-ábhar núicléach a dhíphacáil | 26 |
| Intended use | Carachtar (256) | Úsáid bheartaithe ábhar núicléach | 27 |
| Euratom Supply Agency (ESA) contractual reference | Carachtar (64) | Uimhir thagartha chonarthach GES | 28 |

*Nótaí míniúcháin*

1. Legal entity or name of installation (eintiteas dlítheanach nó ainm na suiteála): Ainm an eintitis dhlítheanaigh nó ainm na suiteála a thugann fógra don Choimisiún.

2. Report type (an cineál tuarascála): ANIR a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo.

3. Advance notification reference code (réamhfhógra maidir le cód tagartha): An cód tagartha maidir le réamhfhógraí a bheidh le húsáid sa tuarascáil ar athruithe ar fhardail.

4. Shipper MBA (TMC an tseoltóra): Cód an limistéir maischothromaíochta is seoltóir i gcás aistriú laistigh den Aontas agus, más eol, i gcás allmhairiú ó thríú tír.

5. Receiver MBA (TMC an fhaighteora): Cód an limistéir maischothromaíochta is faighteoir arna chur in iúl ag an gCoimisiún don tsuiteáil a bheidh i gceist.

6. Shipping installation (an tsuiteáil is seoltóir): Ainm, seoladh agus tír na suiteála a sheolfaidh an t-ábhar núicléach.

7. Receiving installation (an tsuiteáil is faighteoir): Ainm, seoladh agus tír na suiteála a fhaigheann an t-ábhar núicléach.

8. Report date (dáta na tuarascála): An dáta ar a ndearnadh an tuarascáil.

9. Reporting person (tuairisceoir): Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil.

10. Line number (uimhir na líne): Uimhir sheicheamhach ag tosú le 1 i ngach tuarascáil, gan aon bhearna.

11. Batch (baisc): Uimhir aitheantais na baisce. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

12. Element category (catagóir dúile): Catagóir na n-ábhar núicléach. Úsáid na gcód catagóire mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (25) den Rialachán seo.

13. Obligation (oibleagáid): Léiriú ar an oibleagáid coimirce áirithe a ghlac an Comhphobal air féin faoi Chomhaontú a rinneadh le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta, oibleagáid a bhfuil an t-ábhar faoina réir (Airteagal 19). Cuirfidh an Coimisiún na cóid iomchuí in iúl do na suiteálacha arna iarraidh sin dó. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

14. Chemical composition (comhdhéanamh ceimiceach): Comhdhéanamh ceimiceach na baisce. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

15. Isotope (iseatóp): Léiríonn an cód seo an cineál iseatóp ineamhnaithe a bhíonn i gceist agus déanfar a úsáid nuair a thuairiscítear meáchan iseatóp ineamhnaithe. Úsáid na cóid iseatóip mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (27) den Rialachán seo. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce ina bhfuil úráiniam.

16. Enrichment (saibhriú): comhdhéanamh úráiniam-235 de réir céatadáin. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce ina bhfuil úráiniam.

17. Material state (staid an ábhair): Staid ábhartha na baisce, agus cóid staid an ábhair á n-úsáid mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (16) a ghabhann leis an Rialachán seo. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

18. Material form (foirm an ábhair): Foirm ábhartha na baisce, agus an tuairisc ar na hábhair á húsáid mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (14) a ghabhann leis an Rialachán seo. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

19. Number of items (líon na n-earraí): Líon na n-earraí a áirítear sa bhaisc, i gcomhréir le hIarscríbhinn III (24) a ghabhann leis an Rialachán seo.

20. Description of containers and seals (tuairisc ar choimeádáin agus ar shéalaí): Tuairisc ar na coimeádáin, lena n-áirítear gnéithe trína bhféadfaí iad a shéalú. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

21. Element weight (meáchan dúile): Tabharfar meáchan na dúile i ngraim. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

22. Fissile weight (meáchan ineamhnaithe): Meáchan an iseatóip/na n-iseatóp ineamhnaithe (maidir le húráiniam ísealsaibhrithe agus úráiniam ardsaibhrithe: tabharfar meáchan iseatóp U-233 agus iseatóp U-235) i ngraim. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce ina bhfuil úráiniam saibhrithe.

23. Means of transport (modh iompair): Léirigh, i gcás inarb iomchuí, an modh iompair ag úsáid na gcód a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, pointe (24), a ghabhann leis an Rialachán seo.

24. Date of arrival (dáta teachta): An dáta teachta measta nó iarbhír sa limistéar maischothromaíochta is tuairisceoir.

25. Location where materials will be unpacked (an suíomh ar a ndéanfar na hábhair a dhíphacáil): An suíomh laistigh den limistéar maischothromaíochta ar a ndéanfar an t-ábhar a dhíphacáil agus ar a bhféadfar é a shainaithint, agus ar a bhféadfaí cainníocht agus comhdhéanamh an ábhair núicléach a fhíorú.

26. Date when materials will be unpacked (an dáta a dhéanfar na hábhair a dhíphacáil): An dáta a meastar go ndéanfar na hábhair a dhíphacáil.

27. Intended use (úsáid bheartaithe): An úsáid dá sanntar an t-ábhar núicléach.

28. Euratom Supply Agency (ESA) contractual reference (tagairt chonarthach Ghníomhaireacht Soláthair Euratom (GES)): Léirigh, i gcás inarb iomchuí:

– tagairt chonarthach GES, nó mura bhfuil an tagairt ar fáil, an dáta a rinne GES an conradh nó an dáta a mheasann sé an conradh a bheith déanta, agus aon tagairt úsáideach.

– Maidir le conarthaí poist (Airteagal 75 den Chonradh) agus conarthaí chun cainníochtaí beaga ábhair a sholáthar (Airteagal 74 den Chonradh, agus Rialachán Uimh. 17/66/Euratom ón gCoimisiún arna leasú le Rialachán (Euratom) Uimh. 3137/74), dáta an réamhfhógra don ghníomhaireacht soláthair agus aon tagairt úsáideach.

POINTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA A THABHAIRT I gCRÍCH

1. Cuirfear an fhaisnéis uile arna hiarraidh ar fáil, nuair is infheidhme.

2. Má tá codáin d'aonaid sna sonraí uimhriúla, déanfar pointe a chur roimh na digití deachúla.

3. Féadfaidh na 55 charachtar seo a leanas a úsáid: na 26 cheannlitir A go Z, na figiúirí 0 go 9 agus na carachtair 'móide', 'lúide', 'slais', 'réiltín', 'spás', 'cothrom le', 'níos mó ná', 'níos lú ná', 'pointe', 'camóg', 'lúibín oscailte', 'lúibín dúnta', 'idirstad', 'dollar', 'faoin gcéad', 'comhartha athfhriotail', 'leathstad', 'comhartha ceiste' agus 'amparsan'.

4. Faoi Airteagal 79 den Chonradh, cuirfidh siad siúd a bheidh faoi réir ceanglais coimircí in iúl d'údaráis an Bhallstáit lena mbaineann aon chumarsáid a bhí acu leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 78 agus na chéad mhíre d'Airteagal 79 den Chonradh.

5. Ullmhófar tuarascálacha i bhformáid xml agus úsáid á baint as an teimpléad arna sholáthar ag an gCoimisiún trí ardán tiomnaithe.

6. Déanfar na tuarascálacha, arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí (go digiteach más féidir), a chur ar aghaidh chuig an Coimisiún Eorpach, Coimircí Euratom.

## IARSCRÍBHINN VIII

TUARASCÁIL AR ONNMHAIRÍ/LOINGSITHE MIANTA

Ceanntásc

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Undertaking | Carachtar (256) | Ainm agus seoladh an ghnóthais is tuairisceoir | 1 |
| Report type | Carachtar (5) | OREXS a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo | 2 |
| Mine name | Carachtar (256) | Ainm an mhianaigh | 3 |
| Mine code | Carachtar (4) | Cód an mhianaigh | 4 |
| Report year | Bliain | An bhliain a chumhdaítear leis an tuarascáil | 5 |
| Report date | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta a tharchuirfear an tuarascáil | 6 |
| Reporting person | Carachtar (64) | Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil | 7 |
| Report number | Uimhir | Uimhir thagartha uathúil | 8 |

Iontrálacha

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Line number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 9 |
| Date of dispatch | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta na n-onnmhairí/loingsithe aonair | 10 |
| Consignee | Carachtar (256) | Faighteoir na hallmhaire/an fhháltais | 11 |
| Uranium weight | Uimhir (24,3) | Meáchan úráiniam | 12 |
| Thorium weight | Uimhir (24,3) | Meáchan tóiriam | 13 |
| Comment | Carachtar (256) | Barúil bhreise | 14 |

*Nótaí míniúcháin*

1. Undertaking (gnóthas): Ainm agus seoladh an ghnóthais is tuairisceoir.

2. Report type (an cineál tuarascála): OREXS a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo.

3. Mine name (ainm an mhianaigh): Ainm an mhianaigh a bhfuil an tuarascáil á déanamh ina leith.

4. Mine code (cód an mhianaigh): Cód an mhianaigh arna chur in iúl don ghnóthas ag an gCoimisiún.

5. Report year (an bhliain tuairiscithe): An bhliain féilire a chumhdaítear leis an tuarascáil.

6. Report date (dáta na tuarascála): An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích.

7. Reporting person (tuairisceoir): Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil.

8. Report number (uimhir na tuarascála): Uimhir sheicheamhach (gan bhearnaí) don tuarascáil ar onnmhairí/loingsithe méine.

9. Line number (uimhir na líne): Uimhir sheicheamhach ag tosú le 1 i ngach tuarascáil, gan aon bhearna.

10. Date of dispatch (dáta seolta): Dáta na n-onnmhairí/loingsithe aonair.

11. Consignee (an coinsíní): Faighteoir an ábhair arna allmhairiú/arna fháil.

12. Uranium weight (meáchan úráiniam): Meáchan úráiniam sa mhian, i ngraim.

13. Thorium weight (meáchan tóiriam): Meáchan tóiriam sa mhian, i ngraim.

14. Comment (barúil): Aon fhaisnéis ábhartha bhreise maidir leis na honnmhairí/loingsithe méine.

POINTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA A THABHAIRT I gCRÍCH

1. Beidh an tuarascáil loingsithe le déanamh i ndeireadh mhí Eanáir ar a dhéanaí, i leith na bliana roimhe sin, agus iontráil ar leith inti i gcás gach coinsíní ar leith. Déanfar líne ar leithligh a thabhairt isteach sa tuarascáil le haghaidh gach coinsíneacht onnmhairiúcháin ar dháta an loingsithe.

2. Cuirfear an fhaisnéis uile arna hiarraidh ar fáil, nuair is infheidhme.

3. I gcás aistrithe laistigh den Aontas, cuirfidh an seoltóir an fhaisnéis uile is gá ar fáil don fhaighteoir.

4. Má tá codáin d’aonaid sna sonraí uimhriúla, déanfar pointe a chur roimh na digití deachúla.

5. Féadfaidh na 55 charachtar seo a leanas a úsáid: na 26 cheannlitir A go Z, na figiúirí 0 go 9 agus na carachtair ‘móide’, ‘lúide’, ‘slais’, ‘réiltín’, ‘spás’, ‘cothrom le’, ‘níos mó ná’, ‘níos lú ná’, ‘pointe’, ‘camóg’, ‘lúibín oscailte’, ‘lúibín dúnta’, ‘idirstad’, ‘dollar’, ‘faoin gcéad’, ‘comhartha athfhriotail’, ‘leathstad’, ‘comhartha ceiste’ agus ‘amparsan’.

6. Faoi Airteagal 79 den Chonradh, cuirfidh siad siúd a bheidh faoi réir ceanglais coimircí in iúl d’údaráis an Bhallstáit lena mbaineann aon chumarsáid a bhí acu leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 78 agus na chéad mhíre d’Airteagal 79 den Chonradh.

7. Ullmhófar tuarascálacha i bhformáid xml agus úsáid á baint as an teimpléad arna sholáthar ag an gCoimisiún trí ardán tiomnaithe.

8. Déanfar na tuarascálacha, arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí (go digiteach más féidir), a chur ar aghaidh chuig an Coimisiún Eorpach, Coimircí Euratom.

## IARSCRÍBHINN IX

IARRAIDH AR MHAOLÚ SUITEÁLA FAOI AIRTEGAL 22

Ceanntásc

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Installation | Carachtar (256) | Ainm agus seoladh na suiteála | 1 |
| Report type | Carachtar (5) | DERRQ a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo | 2 |
| MBA | Carachtar (4) | Cód TMC an TMC is tuairisceoir | 3 |
| Element category | Carachtar (1) | Catagóir ábhair núicléach | 4 |
| Derogation type | Carachtar (1) | An cineál maolaithe | 5 |
| Intended use | Carachtar (256) | Úsáid bheartaithe/úsáidí beartaithe an ábhair núicléach/na n-ábhar núicléach | 6 |
| Request date | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta a dhéantar an iarraidh a tharchur chuig an Coimisiún | 7 |
| Reporting person | Carachtar (64) | Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil | 8 |
| Report number | Uimhir | Uimhir thagartha uathúil | 9 |

Iontrálacha

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Line number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 10 |
| Enrichment | Uimhir (3,3) | Comhdhéanamh úráiniam-235 de réir céatadáin | 11 |
| Isotopic composition | Uimhir (24,3) (le haghaidh gach iseatóip) | Meáchan iseatópach plútóiniam | 12 |
| Element weight | Uimhir (24,3) | Meáchan dúile | 13 |
| Fissile weight | Uimhir (24,3) | Meáchan an iseatóip ineamhnaithe | 14 |
| Chemical composition | Carachtar (64) | Comhdhéanamh ceimiceach na n-earraí san fhardal | 15 |
| Material form | Carachtar (2) | Foirm an ábhair | 16 |
| Number of items | Uimhir | Líon na n-earraí | 17 |
| Obligation | Carachtar (5) | Oibleagáid coimirce | 18 |

*Nótaí míniúcháin*

1. Installation (an tsuiteáil): Ainm agus seoladh na suiteála.

2. Report type (an cineál tuarascála): DERRQ a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo.

3. MBA (TMC): Cód an limistéir maischothromaíochta. Is é an Coimisiún a chuirfidh an cód sin in iúl don tsuiteáil lena mbaineann.

4. Element category (catagóir dúile): Catagóir dúile an ábhair núicléach, ag úsáid na gcód catagóire mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (25) a ghabhann leis an Rialachán seo.

5. Derogation type (an cineál maolaithe): Déanfar an cineál maolaithe (Airteagal 22(2)) a léiriú.

Úsáidfear na cóid a leanas:

| An cineál maolaithe | Cód |
|---|---|
| Cainníochtaí beaga a choinnítear gan athrú ar feadh tréimhse fhada ama | A |
| Úsáid eisiach i ngníomhaíochtaí neamhnúicléacha | B |
| Úsáid i gcomhpháirteanna braiteacha | C |
| Pu ina bhfuil cion Pu-238 níos mó ná 80 % | D |

6. Intended use (úsáid bheartaithe): Úsáid bheartaithe na n-ábhar núicléach.

7. Request date (dáta na hiarrata): An dáta a dhéantar an iarraidh a tharchur chuig an Coimisiún.

8. Reporting person (tuairisceoir): Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil.

9. Report number (uimhir na tuarascála): Uimhir sheicheamhach (gan bhearnaí) don iarraidh ar mhaolú.

10. Line number (uimhir na líne): Uimhir sheicheamhach ag tosú le 1 i ngach tuarascáil, gan aon bhearna.

11. Enrichment (saibhriú): comhdhéanamh úráiniam-235 de réir céatadáin. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce ina bhfuil úráiniam.

12. Isotopic composition (comhdhéanamh iseatópach): Tuairisceofar comhdhéanamh iseatópach Pu i bhformáid liosta meáchan agus iad deighilte le leathstadanna chun meáchan Pu-238, Pu-239, Pu-240, Pu-241 agus Pu-242 a chur in iúl.

13. Element weight (meáchan dúile): Tabharfar meáchan na dúile i ngraim.

14. Fissile weight (meáchan ineamhnaithe): Meáchan an iseatóip/na n-iseatóp ineamhnaithe (maidir le húráiniam ísealsaibhrithe agus úráiniam ardsaibhrithe: tabharfar meáchan iseatóp U-233 agus iseatóp U-235) i ngraim.

15. Chemical composition (comhdhéanamh ceimiceach): Comhdhéanamh ceimiceach na n-earraí san fhardal.

16. Material form (foirm an ábhair): Foirm fhisiceach nó foirmeacha fisiceacha na n-earraí san fhardal, agus an tuairisc ar na hábhair á húsáid mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (14) a ghabhann leis an Rialachán seo.

17. Number of items (líon na n-earraí): Líon na n-earraí san fhardal.

18. Obligation (oibleagáid): Léiriú ar an oibleagáid coimirce áirithe a ghlac an Comhphobal air féin faoi Chomhaontú a rinneadh le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta, oibleagáid a bhfuil an t-ábhar faoina réir (Airteagal 19). Cuirfidh an Coimisiún na cóid iomchuí in iúl do na suiteálacha arna iarraidh sin dó. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

POINTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA A THABHAIRT I gCRÍCH

1. Déanfar iarraidh ar leithligh a chur isteach maidir le gach cineál maolaithe (Airteagal 22(2)) agus maidir le gach catagóir dúile.

2. Cuirfear an fhaisnéis uile arna hiarraidh ar fáil, nuair is infheidhme.

3. Má tá codáin d’aonaid sna sonraí uimhriúla, déanfar pointe a chur roimh na digití deachúla.

4. Féadfaidh na 55 charachtar seo a leanas a úsáid: na 26 cheannlitir A go Z, na figiúirí 0 go 9 agus na carachtair ‘móide’, ‘lúide’, ‘slais’, ‘réiltín’, ‘spás’, ‘cothrom le’, ‘níos mó ná’, ‘níos lú ná’, ‘pointe’, ‘camóg’, ‘lúibín oscailte’, ‘lúibín dúnta’, ‘idirstad’, ‘dollar’, ‘faoin gcéad’, ‘comhartha athfhriotail’, ‘leathstad’, ‘comhartha ceiste’ agus ‘amparsan’.

5. Faoi Airteagal 79 den Chonradh, cuirfidh siad siúd a bheidh faoi réir ceanglais coimircí in iúl d’údaráis an Bhallstáit lena mbaineann aon chumarsáid a bhí acu leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 78 agus na chéad mhíre d’Airteagal 79 den Chonradh.

6. Ullmhófar tuarascálacha i bhformáid xml agus úsáid á baint as an teimpléad arna sholáthar ag an gCoimisiún trí ardán tiomnaithe.

7. Déanfar na tuarascálacha, arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí (go digiteach más féidir), a chur ar aghaidh chuig an Coimisiún Eorpach, Coimircí Euratom.

## IARSCRÍBHINN X

LIOSTA NA n-EARRAÍ FARDAIL (LII)

BARÚLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE SOLÁTHAR LIOSTA NA nEARRAÍ FARDAIL

1. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil maidir le gach earra pé uair is gá sin a dhéanamh le haghaidh ghnáthoibriú na suiteála..

2. Féadfar an fhaisnéis a sholáthar mar chuid de thacar níos mó faisnéise arna chomhaontú idir an Coimisiún agus an t-oibreoir.

3. Féadfaidh na 55 charachtar seo a leanas a úsáid: na 26 cheannlitir A go Z, na figiúirí 0 go 9 agus na carachtair 'móide', 'lúide', 'slais', 'réiltín', 'spás', 'cothrom le', 'níos mó ná', 'níos lú ná', 'pointe', 'camóg', 'lúibín oscailte', 'lúibín dúnta', 'idirstad', 'dollar', 'faoin gcéad', 'comhartha athfhriotail', 'leathstad', 'comhartha ceiste' agus 'amparsan'.

4. Má choinníonn an tsuiteáil an fhaisnéis go leictreonach, cuirfear liosta na n-earraí fardail ar fáil i bhfoirm leictreonach.

Ceanntásc

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| MBA | Carachtar (4) | Cód TMC an TMC is tuairisceoir | 1 |
| Report type | Carachtar (3) | LII a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo | 2 |
| Report date | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta ar a bhfuil LII bailí | 3 |
| Reporting person | Carachtar (64) | Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil | 4 |
| Report number | Uimhir | Uimhir thagartha uathúil | 5 |
| Report version | Uimhir | Leagan de LII a soláthraíodh | 6 |

Iontrálacha

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Line number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 7 |
| Item ID | Carachtar (20) | Aitheantóir uathúil maidir le hearra d’ábhar núicléach | 8 |
| Batch | Carachtar (20) | Aitheantóir uathúil maidir le baisc d’ábhar núicléach | 9 |
| Container ID | Carachtar (20) | Aitheantóir uathúil maidir le coimeádán ina bhfuil ábhar núicléach | 10 |
| KMP | Carachtar (1) | Príomhphointe tomhais (PPT) | 11 |
| Area | Carachtar (10) | Tásc limistéir (nó príomhphointe tomhais) | 12 |
| Sub area | Carachtar (10) | Tásc fo-limistéir | 13 |
| Element category | Carachtar (1) | Catagóir ábhair núicléach | 14 |
| Material form | Carachtar (2) | Cód d’fhoirm an ábhair | 15 |
| Material container | Carachtar (1) | Cód choimeádán an ábhair | 16 |
| Material state | Carachtar (1) | Cód staid an ábhair | 17 |
| Volume | Uimhir (24,3) | Toirt na leachta san umar | 18 |
| Gross weight | Uimhir (24,3) | Ollmheáchan an choimeádáin agus na n-ábhar núicléach | 19 |
| Nuclear material weight | Uimhir (24,3) | Meáchan iomlán an ábhair núicléach | 20 |
| Uranium weight | Uimhir (24,3) | Meáchan iomlán úráiniam | 21 |
| U233 weight | Uimhir (24,3) | Meáchan iseatóp úráiniam 233 | 22 |
| U235 weight | Uimhir (24,3) | Meáchan iseatóp úráiniam 235 | 23 |

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Plutonium weight | Uimhir (24,3) | Meáchan iomlán plútóiniam | 24 |
| Thorium weight | Uimhir (24,3) | Meáchan iomlán tóiriam | 25 |
| Obligation | Carachtar (5) | Oibleagáid coimirce | 26 |
| Accessibility for physical verification | Carachtar (1) | Tásc maidir le hinrochtaineacht an earra le haghaidh fíorú fisiceach | 27 |
| Comment | Carachtar (256) | Barúil an oibreora | 28 |

*Nótaí míniúcháin*

1. MBA (TMC): Cód an limistéir maischothromaíochta is tuairisceoir. Is é an Coimisiún a chuirfidh an cód sin in iúl don tsuiteáil lena mbaineann.

2. Report type (an cineál tuarascála): LII a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo.

3. Report date (dáta na tuarascála): An dáta ar a bhfuil liosta na n-earraí fardail bailí.

4. Reporting person (tuairisceoir): Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil.

5. Report number (uimhir na tuarascála): Uimhir sheicheamhach (gan bhearnaí) do liosta na n-earraí fardail.

6. Report version (leagan den tuarascáil): Uimhir leagain LII. Uimhir sheicheamhach, i gcás ina mbeidh LII tosaigh a soláthraíodh mar leagan 1, gan bhearnaí.

7. Line number (uimhir na líne): Uimhir sheicheamhach ag tosú le 1, gan aon bhearna.

8. Item ID (uimhir aitheantais an earra): Aitheantóir uathúil don earra.

9. Batch (baisc): Aitheantóir uathúil maidir le baisc d'ábhar núicléach ina bhfuil earra amháin nó roinnt earraí. Dá bhrí sin, féadfar an t-aitheantóir baisce céanna a úsáid le haghaidh roinnt earraí.

10. Container ID (aitheantas coimeádáin): Aitheantóir uathúil don choimeádán. Féadfar an t-aitheantas coimeádáin céanna a úsáid le haghaidh roinnt earraí.

11. KMP (PPT): Príomhphointe tomhais. Déantar na cóid a chur in iúl don tsuiteáil a bheidh i gceist agus a liostú sna forálacha coimirce áirithe. Murar cuireadh cóid shonracha in iúl, déanfar '&' a úsáid.

12. Area (limistéar): Limistéar ina bhfuil an t-earra lonnaithe. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina phríomhphointe tomhais.

13. Sub area (fo-limistéar): An fo-limistéar ina bhfuil an t-earra lonnaithe.

14. Element category (catagóir dúile): Catagóir dúile an ábhair núicléach, ag úsáid na gcód catagóire mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (25) a ghabhann leis an Rialachán seo

15. Material form (foirm an ábhair): Foirm ábhartha na baisce, agus an tuairisc ar na hábhair á húsáid mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (14) a ghabhann leis an Rialachán seo

16. Material container (coimeádán an ábhair): An cineál coimeádáin ina bhfuil an t-ábhar núicléach, ag úsáid na gcód catagóire mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (15) a ghabhann leis an Rialachán seo

17. Material state (staid an ábhair): Staid ábhartha na baisce, agus cóid staid an ábhair á n-úsáid mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (16) a ghabhann leis an Rialachán seo

18. Volume (toirt): Toirt leachta in umar, atá le tuairisciú i lítear, suas le trí ionad dheachúla ar a mhéad.

19. Gross weight (ollmheáchan): Ollmheáchan an choimeádáin agus an ábhair núicléach, atá le tuairisciú in g, suas le trí ionad dheachúla ar a mhéad.

20. Nuclear material weight (meáchan ábhair núicléach): Meáchan iomlán an ábhair núicléach, atá le tuairisciú in g, suas le trí ionad dheachúla ar a mhéad.

21. Uranium weight (meáchan úráiniam): Meáchan an úráiniam, atá le tuairisciú in g, suas le trí ionad dheachúla ar a mhéad.

22. U233 weight (meáchan U233): Meáchan úráiniam-233, atá le tuairisciú in g, suas le trí ionad dheachúla ar a mhéad.

23. U235 weight (meáchan U235): Meáchan úráiniam-235, atá le tuairisciú in g, suas le trí ionad dheachúla ar a mhéad.

24. Plutonium weight (meáchan plútóiniam): Meáchan an phlútóiniam, atá le tuairisciú in g, suas le trí ionad dheachúla ar a mhéad.

25. Thorium weight (meáchan tóiriam): Meáchan an tóiriam, atá le tuairisciú in g, suas le trí ionad dheachúla ar a mhéad.

26. Obligation (oibleagáid): Léiriú ar an oibleagáid coimirce áirithe a ghlac an Comhphobal air féin faoi Chomhaontú a rinneadh le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta, oibleagáid a bhfuil an t-ábhar faoina réir (Airteagal 19). Féadfaidh sé comhfhreagairt freisin do chód pool, i gcás ina n-údaraítear sin de bhun Airteagal 20. Cuirfidh an Coimisiún na cóid iomchuí in iúl do na suiteálacha arna iarraidh sin dó.

27. Accessibility for physical verification (inrochtaineacht le haghaidh fíorú fisiceach): Léiriú ar inrochtaineacht an earra le haghaidh fíorú fisiceach ag cigirí an Choimisiúin.

Úsáidfear na cóid a leanas:

| Inrochtaineacht | Cód |
|---|---|
| Éasca | E |
| Deacair | D |
| Dodhéanta | I |

I gcás ina n-úsáidtear ‘deacair’ nó ‘dodhéanta’, éilítear bonn cirt a thabhairt i réimse barúla (28).

28. Comment (barúil): Barúil roghnach.

# IARSCRÍBHINN XI

CLÁR IMLÍNEACH NA nGNÍOMHAÍOCHTAÍ

Déanfar an méid seo a leanas a léiriú i gclár imlíneach na ngníomhaíochtaí, más infheidhme:

– cineálacha oibríochtaí, e.g. feachtais bheartaithe mar aon le léiriú den chineál eilimintí breosla a bheidh le monarú nó le hathphróiseáil agus an chainníocht, cláir shaibhrithe, cláir oibrithe imoibreoirí, mar aon le múchtaí pleanáilte, feachtais diúscartha deiridh pleanáilte;

– achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí a bhaineann le tógáil nó díchoimisiúnú na suiteála;

– sceideal measta do theacht ábhar, ina luaitear an méid ábhair sa bhaisc, foirm an ábhair (UF6, UO2, breoslaí úra nó ionradaithe, etc.), an cineál coimeádáin nó pacáistíochta réamh-mheasta;

– sceideal réamh-mheasta d'fheachtais phróiseála dramhaíola (seachas athphacáistiú, nó cóiriú breise gan deighilt na ndúl), agus an méid ábhair in aghaidh na baisce á lua, an fhoirm (gloine, leacht ardghníomhach, etc.), ré agus suíomh réamh-mheasta;

– dátaí faoina meastar cainníocht an ábhair sna táirgí a bhunú, agus dátaí seolta;

– dátaí an fhardail fhisicigh agus an fad ama lena mbaineann.

POINTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA A THABHAIRT I gCRÍCH

1. Faoi Airteagal 79 den Chonradh, cuirfidh siad siúd a bheidh faoi réir ceanglais coimircí in iúl d'údaráis an Bhallstáit lena mbaineann aon chumarsáid a bhí acu leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 78 agus na chéad mhíre d'Airteagal 79 den Chonradh.

2. Cuirfear clár imlíneach na ngníomhaíochtaí ar fáil i bhfoirm leictreonach agus déanfar é a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach, Coimircí Euratom.

# IARSCRÍBHINN XII

RÉAMHFHÓGRA FAOI GHNÍOMHAÍOCHTAÍ BREISE PRÓISEÁLA DRAMHAÍOLA

Ceanntásc

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| MBA | Carachtar (4) | Cód TMC an TMC is tuairisceoir | 1 |
| Report type | Carachtar (5) | ANFWP a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo | 2 |
| Installation | Carachtar (256) | Ainm na suiteála | 3 |
| Report date | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích | 4 |
| Reporting person | Carachtar (64) | Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil | 5 |
| Report number | Uimhir | Uimhir thagartha uathúil | 6 |

Iontrálacha

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Line number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 7 |
| Item ID | Carachtar (20) | Aitheantóir uathúil maidir le hearra d'ábhar núicléach | 8 |
| Waste type | Carachtar (2) | An cineál dramhaíola roimh an gcóiriú | 9 |
| Conditioned form | Carachtar (2) | Foirm chóirithe reatha na dramhaíola | 10 |
| Number of items | Uimhir | Líon na n-earraí | 11 |
| Plutonium weight | Uimhir (24,3) | Meáchan Pu | 12 |
| HEU weight | Uimhir (24,3) | Meáchan HEU | 13 |
| U233 weight | Uimhir (24,3) | Meáchan U233 | 14 |
| Storage location | Carachtar (256) | Suíomh na dramhaíola tráth an dearbhaithe | 15 |
| Processing location | Carachtar (256) | An suíomh ar a ndéanfar an phróiseáil bheartaithe | 16 |
| Processing start date | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta tosaigh na próiseála | 17 |
| Processing end date | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta deiridh na próiseála | 18 |
| Processing purpose | Carachtar (256) | Toradh beartaithe na próiseála | 19 |
| Previous report | Uimhir | Tuarascáil dá dtagraíonn an iontráil atá ann faoi láthair | 20 |
| Previous line | Uimhir | Líne sa tuarascáil a léirítear faoi 20 dá dtagraíonn an iontráil atá ann faoi láthair | 21 |

*Nótaí míniúcháin:*

1. MBA (TMC): Cód TMC an limistéir maischothromaíochta is tuairisceoir. Is é an Coimisiún a chuirfidh an cód sin in iúl don tsuiteáil lena mbaineann.

2. Report type (an cineál tuarascála): ANFWP a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo.

3. Installation (an tsuiteáil): Ainm na suiteála.

4. Report date (dáta na tuarascála): An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích.

5. Reporting person (tuairisceoir): Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil.

6. Report number (uimhir na tuarascála): Uimhir sheicheamhach (gan bhearnaí) don réamhfhógra maidir le gníomhaíochtaí breise próiseála dramhaíola.

7. Line number (uimhir na líne): Uimhir sheicheamhach ag tosú le 1, gan aon bhearna.

8. Item ID (uimhir aitheantais an earra): Aitheantóir uathúil maidir le hearra d'ábhar núicléach.

9. Waste type (an cineál dramhaíola): An cineál dramhaíola a bhí ann sula ndearnadh aon chóiriú. Úsáid na cóid d'fhoirm an ábhair (na cóid sin a bhaineann le fuíoll, dramhaíl sholadach nó dramhaíl leachtach) mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (14) den Rialachán seo.

10. Conditioned form (an fhoirm chóirithe): Foirm chóirithe reatha na dramhaíola. Úsáid na cóid d'fhoirm an ábhair (na cóid sin a bhaineann le dramhaíl chóirithe) mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (14) den Rialachán seo.

11. Number of items (líon na n-earraí): Líon na n-earraí a bheidh baint acu le feachtas próiseála amháin, e.g. ceanastair ghloine nó bloic stroighne.

12. Plutonium weight (meáchan plútóiniam): Meáchan iomlán plútóiniam, i ngraim, sna hearraí uile. Féadfar go mbeidh an meáchan bunaithe ar na sonraí meáchain a úsáideadh sna tuarascálacha ar athruithe ar fhardail, agus ní cheanglaítear gach earraí ar leith a thomhas.

13. HEU weight (meáchan HEU): Meáchan iomlán úráiniam ardshaibhrithe, i ngraim, sna hearraí uile. Féadfar go mbeidh an meáchan bunaithe ar na sonraí meáchain a úsáideadh sna tuarascálacha ar athruithe ar fhardail, agus ní cheanglaítear gach earra ar leith a thomhas.

14. U233 weight (meáchan U233): Meáchan iomlán úráiniam-233, i ngraim, sna hearraí uile. Féadfar go mbeidh an meáchan bunaithe ar na sonraí meáchain a úsáideadh sna tuarascálacha ar athruithe ar fhardail, agus ní cheanglaítear gach earra ar leith a thomhas.

15. Storage location (an suíomh stórála): Beidh ainm agus seoladh na suiteála sa cholún ‘Suíomh’ agus déanfar suíomh na dramhaíola tráth an dearbhaithe a léiriú freisin. Beidh an seoladh mionsonraithe a dhóthain chun ionad geografach an tsuímh a léiriú i ndáil le suíomhanna eile a shonraítear sa dearbhú seo nó i ndearbhuithe eile, agus chun a léiriú conas an suíomh a rochtain dá mba ghá dul isteach ann. Más ar láthair suiteála núicléiche atá an suíomh, déanfar cód na suiteála a áireamh sa cholún ‘Suíomh’.

16. Processing location (suíomh na próiseála): An suíomh ar a ndéanfar an phróiseáil bheartaithe.

17. Processing start date (dáta tosaigh na próiseála): An dáta a meastar go dtosóidh an feachtas tuillidh próiseála.

18. Processing end date (dáta deiridh na próiseála): An dáta a meastar a mbeidh deireadh leis an bhfeachtas tuillidh próiseála.

19. Processing purpose (cuspóir na próiseála): Toradh beartaithe na próiseála a léiriú, e.g. aisghabháil plútóiniam nó deighilt táirgí ineamhnaithe sonraithe.

20. Previous report (an tuarascáil roimhe seo): Léirítear sa 'tuarascáil roimhe seo' go gcuireann an iontráil atá ann faoi láthair leis an bhfaisnéis a tuairiscíodh níos luaithe sa tuarascáil sin dá dtagraítear, nó go ndéantar í a thabhairt cothrom le dáta léi.

21. Previous line (an líne roimhe seo): Léirítear in 'an líne roimhe seo' go gcuireann an iontráil atá ann faoi láthair leis an bhfaisnéis a tuairiscíodh níos luaithe sa líne sin dá dtagraítear, a léirítear faoi phointe 20, nó go ndéantar í a thabhairt cothrom le dáta léi.

POINTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA A THABHAIRT I gCRÍCH

1. Déanfar an fhoirm seo a úsáid le haghaidh réamhfhógra i gcás ina bhfuil sé beartaithe próiseáil bhreise a dhéanamh ar dhramhaíl i gcomhréir le hAirteagal 34. Cuirfear aon athrú dá éis sin ar na dátaí próiseála nó ar an suíomh phróiseála in iúl freisin. Déanfariontráil ar leith maidir le gach feachtas próiseála breise a dhéantar chun críche stórála nó diúscartha, seachas athphacáistiú na dramhaíola, nó cóiriú breise a dhéantar uirthi nach mbaineann le deighilt na ndúl.

2. Cuirfear an fhaisnéis uile arna hiarraidh ar fáil, nuair is infheidhme.

3. Má tá codáin d'aonaid sna sonraí uimhriúla, déanfar pointe a chur roimh na digití deachúla.

4. Féadfaidh na 55 charachtar seo a leanas a úsáid: na 26 cheannlitir A go Z, na figiúirí 0 go 9 agus na carachtair 'móide', 'lúide', 'slais', 'réiltín', 'spás', 'cothrom le', 'níos mó ná', 'níos lú ná', 'pointe', 'camóg', 'lúibín oscailte', 'lúibín dúnta', 'idirstad', 'dollar', 'faoin gcéad', 'comhartha athfhriotail', 'leathstad', 'comhartha ceiste' agus 'amparsan'.

5. Faoi Airteagal 79 den Chonradh, cuirfidh siad siúd a bheidh faoi réir ceanglais coimircí in iúl d'údaráis an Bhallstáit lena mbaineann aon chumarsáid a bhí acu leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 78 agus na chéad mhíre d'Airteagal 79 den Chonradh.

6. Ullmhófar tuarascálacha i bhformáid xml agus úsáid á baint as an teimpléad arna sholáthar ag an gCoimisiún trí ardán tiomnaithe.

7. Déanfar na tuarascálacha, arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí (go digiteach más féidir), a chur ar aghaidh chuig an Coimisiún Eorpach, Coimircí Euratom.

## IARSCRÍBHINN XIII

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR ONNMHAIRÍ/LOINGSITHE DRAMHAÍOLA CÓIRITHE

Ceanntásc

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Shipping installation | Carachtar (256) | Sonraí teagmhála na suiteála is seoltóir | 1 |
| Shipper MBA | Carachtar (4) | Cód TMC na suiteála is seoltóir | 2 |
| Report type | Carachtar (4) | CWXS a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo | 3 |
| Start report | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta chéad lá na tréimhse tuairiscithe | 4 |
| End report | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta lá deireanach na tréimhse tuairiscithe | 5 |
| Report date | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích | 6 |
| Reporting person | Carachtar (64) | Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil | 7 |
| Report number | Uimhir | Uimhir thagartha uathúil | 8 |

Iontrálacha

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Line number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 9 |
| Date of dispatch | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta na n-onnmhairí/loingsithe aonair | 10 |
| Receiving installation | Carachtar (256) | Sonraí teagmhála na suiteála is faighteoir | 11 |
| Receiver MBA | Carachtar (4) | Cód TMC na suiteála is faighteoir | 12 |
| Conditioned form | Carachtar (2) | Foirm chóirithe na dramhaíola | 13 |
| Plutonium weight | Uimhir (24,3) | Meáchan plútóiniam | 14 |
| U235 weight | Uimhir (24,3) | Meáchan U235 | 15 |
| Uranium weight | Uimhir (24,3) | Meáchan úráiniam | 16 |
| Thorium weight | Uimhir (24,3) | Meáchan tóiriam | 17 |
| Comment | Carachtar (256) | Barúil bhreise | 18 |

*Nótaí míniúcháin:*

1. Shipping installation (an tsuiteáil is seoltóir): Ainm agus seoladh na suiteála is seoltóir.

2. Shipper MBA (TMC an tseoltóra): Cód TMC an limistéir maischothromaíochta is tuairisceoir. Is é an Coimisiún a chuirfidh an cód sin in iúl don tsuiteáil lena mbaineann.

3. Report type (an cineál tuarascála): CWXS a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo.

4. Start report (tús na tuarascála): Dáta an chéad lá sa tréimhse tuairiscithe.

5. End report (deireadh na tuarascála): Dáta lá deireanach na tréimhse tuairiscithe.

6. Report date (dáta na tuarascála): An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích.

7. Reporting person (tuairisceoir): Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil.

8. Report number (uimhir na tuarascála): Uimhir sheicheamhach (gan bhearnaí) don tuarascáil bhliantúil maidir le honnmhairí/loingsithe dramhaíola cóirithe.

9. Line number (uimhir na líne): Uimhir sheicheamhach ag tosú le 1, gan aon bhearna.

10. Date of dispatch (dáta seolta): Dáta na n-onnmhairí/loingsithe aonair.

11. Receiving installation (an tsuiteáil is faighteoir): Ainm agus seoladh na suiteála is faighteoir.

12. Receiver MBA (TMC an fhaighteora): Cód TMC na suiteála is faighteoir, atá le líonadh isteach i gcás loingsithe chuig suiteálacha laistigh de chríocha na mBallstát.

13. Conditioned form (an fhoirm chóirithe): Foirm chóirithe na dramhaíola. Úsáid na cóid d'fhoirm an ábhair (na cóid sin a bhaineann le dramhaíl chóirithe) mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (14) den Rialachán seo.

14. Plutonium weight (meáchan plútóiniam): Féadfaidh meáchan an phlútóiniam a bheith bunaithe ar na sonraí meáchain arna dtaifeadadh ag an tsuiteáil agus ní cheanglaítear na hearraí a onnmhairíodh/a seoladh a thomhas.

15. U235 weight (meáchan U235): Féadfaidh meáchan úráiniam-235 a bheith bunaithe ar na sonraí meáchain arna dtaifeadadh ag an tsuiteáil agus ní cheanglaítear na hearraí a onnmhairíodh/a seoladh a thomhas.

16. Uranium weight (meáchan úráiniam): Féadfar meáchan iomlán úráiniam a bheith bunaithe ar na sonraí meáchain arna dtaifeadadh ag an tsuiteáil agus ní cheanglaítear na hearraí a onnmhairíodh/a seoladh a thomhas.

17. Thorium weight (meáchan tóiriam): Féadfaidh meáchan an tóiriam a bheith bunaithe ar na sonraí meáchain arna dtaifeadadh ag an tsuiteáil agus ní cheanglaítear na hearraí a onnmhairíodh/a seoladh a thomhas.

18. Comment (barúil): D'fhéadfaí barúil roghnach a chur leis.

POINTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA A THABHAIRT I gCRÍCH

1. Cuimseofar sa tuarascáil seo na honnmhairí uile nó na loingsithe uile de dhramhaíl chóirithe chuig suiteálacha laistigh de chríocha na mBallstát nó lasmuigh díobh a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe.

2. Cuirfear an fhaisnéis uile arna hiarraidh ar fáil, nuair is infheidhme.

3. I gcás aistrithe laistigh den Aontas, cuirfidh an seoltóir an fhaisnéis uile is gá ar fáil don fhaighteoir.

4. Má tá codáin d'aonaid sna sonraí uimhriúla, déanfar pointe a chur roimh na digití deachúla.

5. Féadfaidh na 55 charachtar seo a leanas a úsáid: na 26 cheannlitir A go Z, na figiúirí 0 go 9 agus na carachtair 'móide', 'lúide', 'slais', 'réiltín', 'spás', 'cothrom le', 'níos mó ná', 'níos lú ná', 'pointe', 'camóg', 'lúibín oscailte', 'lúibín dúnta', 'idirstad', 'dollar', 'faoin gcéad', 'comhartha athfhriotail', 'leathstad', 'comhartha ceiste' agus 'amparsan'.

6. Faoi Airteagal 79 den Chonradh, cuirfidh siad siúd a bheidh faoi réir ceanglais coimircí in iúl d'údaráis an Bhallstáit lena mbaineann aon chumarsáid a bhí acu leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 78 agus na chéad mhíre d'Airteagal 79 den Chonradh.

7. Ullmhófar tuarascálacha i bhformáid xml agus úsáid á baint as an teimpléad arna sholáthar ag an gCoimisiún trí ardán tiomnaithe.

8. Déanfarna tuarascálacha, arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí (go digiteach más féidir), a chur ar aghaidh chuig an Coimisiún Eorpach, Coimircí Euratom.

## IARSCRÍBHINN XIV

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR DHRAMHAÍL CHÓIRITHE ARNA hALLMHAIRIÚ/ARNA FÁIL

Ceanntásc

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Receiving installation | Carachtar (256) | Sonraí teagmhála na suiteála is faighteoir | 1 |
| Receiver MBA | Carachtar (4) | Cód TMC na suiteála is faighteoir | 2 |
| Report type | Carachtar (4) | CWIR a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo | 3 |
| Start report | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta chéad lá na tréimhse tuairiscithe | 4 |
| End report | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta lá deireanach na tréimhse tuairiscithe | 5 |
| Report date | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích | 6 |
| Reporting person | Carachtar (64) | Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil | 7 |
| Report number | Uimhir | Uimhir thagartha uathúil | 8 |

Iontrálacha

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Line number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 9 |
| Date of arrival | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta teachta na dramhaíola cóirithe | 10 |
| Shipping installation | Carachtar (256) | Sonraí teagmhála na suiteála is seoltóir | 11 |
| Shipper MBA | Carachtar (4) | Cód TMC na suiteála is seoltóir | 12 |
| Conditioned form | Carachtar (2) | Foirm chóirithe na dramhaíola | 13 |
| Plutonium weight | Uimhir (24,3) | Meáchan plútóiniam | 14 |
| U235 weight | Uimhir (24,3) | Meáchan U235 | 15 |
| Uranium weight | Uimhir (24,3) | Meáchan úráiniam | 16 |
| Thorium weight | Uimhir (24,3) | Meáchan tóiriam | 17 |
| Comment | Carachtar (256) | Barúil bhreise | 18 |

*Nótaí míniúcháin:*

1. Receiving installation (an tsuiteáil is faighteoir): Ainm agus seoladh na suiteála is faighteoir.

2. Receiver MBA (TMC an fhaighteora): Cód TMC na suiteála is faighteoir. Is é an Coimisiún a chuirfidh an cód sin in iúl don tsuiteáil lena mbaineann.

3. Report type (an cineál tuarascála): CWIR a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo.

4. Start report (tús na tuarascála): Dáta an chéad lá sa tréimhse tuairiscithe.

5. End report (deireadh na tuarascála): Dáta lá deireanach na tréimhse tuairiscithe.

6. Report date (dáta na tuarascála): An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích.

7. Reporting person (tuairisceoir): Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil.

8. Report number (uimhir na tuarascála): Uimhir sheicheamhach (gan bhearnaí) don tuarascáil bhliantúil maidir le dramhaíl chóirithe arna hallmhairiú/arna fáil.

9. Line number (uimhir na líne): Uimhir sheicheamhach ag tosú le 1, gan aon bhearna.

10. Date of arrival (dáta teachta): Dáta teachta na dramhaíola cóirithe.

11. Shipping installation (an tsuiteáil is seoltóir): Ainm agus seoladh na suiteála is seoltóir.

12. Shipper MBA (TMC an tseoltóra): Cód TMC na suiteála is seoltóir, atá le líonadh isteach maidir le loingsithe a fháil ó shuiteálacha laistigh de chríocha na mBallstát.

13. Conditioned form (an fhoirm chóirithe): Foirm chóirithe na dramhaíola. Úsáid na cóid d'fhoirm an ábhair (na cóid sin a bhaineann le dramhaíl chóirithe) mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (14) den Rialachán seo.

14. Plutonium weight (meáchan plútóiniam): Féadfaidh meáchan an phlútóiniam a bheith bunaithe ar na sonraí meáchain arna dtaifeadadh ag an tsuiteáil agus ní cheanglaítear na hearraí a allmhairíodh/a fuarthasa thomhas.

15. U235 weight (meáchan U235): Féadfaidh meáchan úráiniam-235 a bheith bunaithe ar na sonraí meáchain arna dtaifeadadh ag an tsuiteáil agus ní cheanglaítear na hearraí a allmhairíodh/a fuarthasa thomhas.

16. Uranium weight (meáchan úráiniam): Féadfar meáchan iomlán úráiniam a bheith bunaithe ar na sonraí meáchain arna dtaifeadadh ag an tsuiteáil agus ní cheanglaítear na hearraí a allmhairíodh/a fuarthasa thomhas.

17. Thorium weight (meáchan tóiriam): Féadfaidh meáchan an tóiriam a bheith bunaithe ar na sonraí meáchain arna dtaifeadadh ag an tsuiteáil agus ní cheanglaítear na hearraí a allmhairíodh/a fuarthasa thomhas.

18. Comment (barúil): D’fhéadfaí barúil roghnach a chur leis.

POINTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA A THABHAIRT I gCRÍCH

1. Cuimseofar sa tuarascáil seo na hallmhairí uile nó na fáltais uile de dhramhaíl chóirithe ó shuiteálacha laistigh de chríocha na mBallstát nó lasmuigh díobh a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe.

2. Cuirfear an fhaisnéis uile arna hiarraidh ar fáil, nuair is infheidhme.

3. Má tá codáin d’aonaid sna sonraí uimhriúla, déanfar pointe a chur roimh na digití deachúla.

4. Féadfaidh na 55 charachtar seo a leanas a úsáid: na 26 cheannlitir A go Z, na figiúirí 0 go 9 agus na carachtair ‘móide’, ‘lúide’, ‘slais’, ‘réiltín’, ‘spás’, ‘cothrom le’, ‘níos mó ná’, ‘níos lú ná’, ‘pointe’, ‘camóg’, ‘lúibín oscailte’, ‘lúibín dúnta’, ‘idirstad’, ‘dollar’, ‘faoin gcéad’, ‘comhartha athfhriotail’, ‘leathstad’, ‘comhartha ceiste’ agus ‘amparsan’.

5. Faoi Airteagal 79 den Chonradh, cuirfidh siad siúd a bheidh faoi réir ceanglais coimircí in iúl d’údaráis an Bhallstáit lena mbaineann aon chumarsáid a bhí acu leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 78 agus na chéad mhíre d’Airteagal 79 den Chonradh.

6. Ullmhófar tuarascálacha i bhformáid xml agus úsáid á baint as an teimpléad arna sholáthar ag an gCoimisiún trí ardán tiomnaithe.

7. Déanfar na tuarascálacha, arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí (go digiteach más féidir), a chur ar aghaidh chuig an Coimisiún Eorpach, Coimircí Euratom.

## IARSCRÍBHINN XV

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR ATHRUITHE AR SHUÍOMH NA DRAMHAÍOLA CÓIRITHE

Ceanntásc

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| MBA | Carachtar (4) | Cód TMC na suiteála is tuairisceoir | 1 |
| Report type | Carachtar (5) | CWLOC a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo | 2 |
| Installation | Carachtar (256) | Ainm na suiteála is tuairisceoir | 3 |
| Report number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 4 |
| Start report | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta chéad lá na tréimhse tuairiscithe | 5 |
| End report | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta lá deireanach na tréimhse tuairiscithe | 6 |
| Report date | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích | 7 |
| Reporting person | Carachtar (64) | Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil | 8 |

Iontrálacha

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Line number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 9 |
| Waste type | Carachtar (2) | An cineál dramhaíola roimh an gcóiriú | 10 |
| Conditioned form | Carachtar (2) | Foirm chóirithe na dramhaíola | 11 |
| Number of items | Uimhir | Líon na n-earraí | 12 |
| Plutonium weight | Uimhir (24,3) | Meáchan plútóiniam | 13 |
| HEU weight | Uimhir (24,3) | Meáchan HEU | 14 |
| U233 weight | Uimhir (24,3) | Meáchan U233 | 15 |
| Previous location | Carachtar (256) | Suíomh na dramhaíola sular athraíodh an suíomh | 16 |
| New location | Carachtar (256) | Suíomh na dramhaíola tar éis an suíomh a athrú | 17 |
| Previous report | Uimhir | Tuarascáil dá dtagraíonn an iontráil atá ann faoi láthair | 18 |
| Previous line | Uimhir | Líne sa tuarascáil a léirítear faoi 18 dá dtagraíonn an iontráil atá ann faoi láthair | 19 |

*Nótaí míniúcháin:*

1. MBA (TMC): Cód TMC na suiteála is tuairisceoir. Is é an Coimisiún a chuirfidh an cód sin in iúl don tsuiteáil lena mbaineann.

2. Report type (an cineál tuarascála): CWIR a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo.

3. Installation (an tsuiteáil): Ainm na suiteála is tuairisceoir.

4. Report number (uimhir na tuarascála): Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí.

5. Start report (tús na tuarascála): Dáta chéad lá na tréimhse tuairiscithe.

6. End report (deireadh na tuarascála): Dáta lá deireanach na tréimhse tuairiscithe.

7. Report date (dáta na tuarascála): An dáta a cuireadh an tuarascáil i gcrích.

8. Reporting person (tuairisceoir): Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil.

9. Line number (uimhir na líne): Uimhir sheicheamhach ag tosú le 1, gan aon bhearna.

10. Waste type (an cineál dramhaíola): An cineál dramhaíola a bhí ann sula ndearnadh aon chóiriú. Úsáid na cóid d'fhoirm an ábhair (na cóid sin a bhaineann le fuíoll, dramhaíl sholadach nó dramhaíl leachtach) mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (14) den Rialachán seo.

11. Conditioned form (an fhoirm chóirithe): Foirm chóirithe na dramhaíola. Úsáid na cóid d'fhoirm an ábhair (na cóid sin a bhaineann le dramhaíl chóirithe) mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (14) den Rialachán seo.

12. Number of items (líon na n-earraí): Líon na n-earraí e.g. ceanastair ghloine nó bloic stroighne, a bhainfeadh le haon fheachtas próiseála amháin nó líon na n-earraí a aistríodh le linn na bliana ón suíomh tionscnaimh céanna ('suíomh roimhe seo') go dtí an suíomh nua céanna.

13. Plutonium weight (meáchan plútóiniam): Meáchan iomlán plútóiniam, i ngraim, sna hearraí uile. Féadfaidh an meáchan a bheith bunaithe ar na sonraí meáchain a úsáideadh sna tuarascálacha ar athruithe ar fhardail, e.g. meánmheáchan an ábhair núicléach in aghaidh an earra, agus ní cheanglaítear gach earra ar leith a thomhas.

14. HEU weight (meáchan HEU): Meáchan iomlán úráiniam ardshaibhrithe, i ngraim, sna hearraí uile. Féadfaidh an meáchan a bheith bunaithe ar na sonraí meáchain a úsáideadh sna tuarascálacha ar athruithe ar fhardail, e.g. meánmheáchan an ábhair núicléach in aghaidh an earra, agus ní cheanglaítear gach earra ar leith a thomhas.

15. U233 weight (meáchan U233): Meáchan iomlán úráiniam-233, i ngraim, sna hearraí uile. Féadfaidh an meáchan a bheith bunaithe ar na sonraí meáchain a úsáideadh sna tuarascálacha ar athruithe ar fhardail, e.g. meánmheáchan an ábhair núicléach in aghaidh an earra, agus ní cheanglaítear gach earra ar leith a thomhas.

16. Previous location (an suíomh roimhe seo): Suíomh na dramhaíola sular athraíodh an suíomh.

17. New location (an suíomh nua): An suíomh tar éis an suíomh a athrú

18. Previous report (an tuarascáil roimhe seo): Léirítear sa 'tuarascáil roimhe seo' go gcuireann an líne atá ann faoi láthair leis an bhfaisnéis a tuairiscíodh níos luaithe sa tuarascáil sin dá dtagraítear, nó go ndéantar í a thabhairt cothrom le dáta léi.

19. Previous line (an líne roimhe seo): Léirítear in 'an líne roimhe seo' go gcuireann an líne atá ann faoi láthair leis an bhfaisnéis a tuairiscíodh níos luaithe sa líne sin dá dtagraítear, a léirítear faoi phointe 18, nó go ndéantar í a thabhairt cothrom le dáta léi.

POINTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA A THABHAIRT I gCRÍCH

1. Déanfaran iarscríbhinn seo a úsáid don tuarascáil bhliantúil chun aon athrú ar shuíomh dramhaíola a chumhdaítear le pointe (c) d'Airteagal 35 a dhearbhú, ar athrú é a tharla le linn na bliana féilire roimhe sin. Ceanglaítear iontráil ar leith a dhéanamh maidir le gach athrú suímh le linn na bliana.

2. Déanfar na haistrithe dramhaíola cóirithe uile a ghrúpáil de réir an chineáil dramhaíola (roimh an gcóiriú agus ina dhiaidh) agus de réir an tsuímh roimhe sin.

3. Cuirfear an fhaisnéis uile arna hiarraidh ar fáil, nuair is infheidhme.

4. Má tá codáin d'aonaid sna sonraí uimhriúla, déanfar pointe a chur roimh na digití deachúla.

5. Féadfaidh na 55 charachtar seo a leanas a úsáid: na 26 cheannlitir A go Z, na figiúirí 0 go 9 agus na carachtair 'móide', 'lúide', 'slais', 'réiltín', 'spás', 'cothrom le', 'níos mó ná', 'níos lú ná', 'pointe', 'camóg', 'lúibín oscailte', 'lúibín dúnta', 'idirstad', 'dollar', 'faoin gcéad', 'comhartha athfhriotail', 'leathstad', 'comhartha ceiste' agus 'amparsan'.

6. Faoi Airteagal 79 den Chonradh, cuirfidh siad siúd a bheidh faoi réir ceanglais coimircí in iúl d'údaráis an Bhallstáit lena mbaineann aon chumarsáid a bhí acu leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 78 agus na chéad mhíre d'Airteagal 79 den Chonradh.

7. Ullmhófar tuarascálacha i bhformáid xml agus úsáid á baint as an teimpléad arna sholáthar ag an gCoimisiún trí ardán tiomnaithe.

8. Déanfar na tuarascálacha, arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí (go digiteach más féidir), a chur ar aghaidh chuig an Coimisiún Eorpach, Coimircí Euratom.

# IARSCRÍBHINN XVI

IARRAIDH AR MHALARTÚ OIBLEAGÁIDE COIMIRCE A ÚDARÚ MAIDIR LE hÁBHAR NÚICLÉACH

Ceanntásc

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Legal entity or name of installation | Carachtar (256) | Eintiteas dlítheanach nó ainm na suiteála a iarrann údarú le haghaidh malartú oibleagáide | 1 |
| Reporting MBA | Carachtar (4) | Cód TMC na suiteála is tuairisceoir | 2 |
| Reporting installation | Carachtar (256) | Sonraí teagmhála na suiteála is tuairisceoir | 3 |
| Corresponding MBA | Carachtar (4) | Cód TMC na suiteála comhfhreagraí | 4 |
| Corresponding installation | Carachtar (256) | Sonraí teagmhála na suiteála comhfhreagraí | 5 |
| Nuclear material weight | Uimhir (24,3) | Meáchan iomlán dúile na mbaisceanna uile a bhfuil baint acu leis an malartú oibleagáide | 6 |
| Exchange date | Dáta (LLMMBBBB) | An dáta atá beartaithe don mhalartú oibleagáide | 7 |
| Request date | Dáta (LLMMBBBB) | Dáta na hiarrata ar údarú | 8 |
| Report type | Carachtar (5) | OBLRQ a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo | 9 |
| Reporting person | Carachtar (64) | Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil | 10 |
| Report number | Uimhir | Uimhir thagartha uathúil | 11 |
| Justification | Carachtar (256) | Réasúnú leis an malartú oibleagáide | 12 |

Iontrálacha

| Lipéad/Clib | Ábhar | Barúlacha | # |
|---|---|---|---|
| Line number | Uimhir | Uimhir sheicheamhach, gan bhearnaí | 13 |
| MBA | Carachtar (4) | TMC i gcás ina bhfuil an bhaisc suite (TMC is tuairisceoir nó TMC comhfhreagrach) | 14 |
| Batch | Carachtar (20) | Uimhir aitheantais le haghaidh na baisce a bhfuil baint aici leis an malartú oibleagáide | 15 |
| Container ID | Carachtar (20) | Uimhir aitheantais le haghaidh an choimeádáin | 16 |
| Element weight | Uimhir (24,3) | Meáchan dúile | 17 |
| Fissile weight | Uimhir (24,3) | Meáchan an iseatóip ineamhnaithe | 18 |
| Element category | Carachtar (1) | Catagóir na dúile | 19 |
| Chemical composition | Carachtar (64) | Comhdhéanamh ceimiceach | 20 |
| Enrichment | Uimhir (3,3) | Céim an tsaibhrithe | 21 |
| Isotopic composition | Uimhir (24,3) (le haghaidh gach iseatóip) | Meáchan iseatópach plútóiniam | 22 |
| Material state | Carachtar (1) | Cód staid an ábhair | 23 |
| Material form | Carachtar (2) | Cód d'fhoirm an ábhair | 24 |
| Number of items | Uimhir | Líon na n-earraí | 25 |
| Intended use | Carachtar (256) | An úsáid dá sanntar an t-ábhar núicléach tar éis na malairte oibleagáide | 26 |
| Comment | Carachtar (256) | Aon fhaisnéis bhreise ábhartha | 27 |

*Nótaí míniúcháin:*

1. Legal entity or name of installation (eintiteas dlítheanach nó ainm na suiteála): Ainm an eintitis dhlítheanaigh nó ainm na suiteála a iarrann an t-údarú le haghaidh na malairte oibleagáide.

2. Reporting MBA (TMC is tuairisceoir): Cód an limistéir maischothromaíochta is tuairisceoir. Is é an Coimisiún a chuirfidh an cód sin in iúl don tsuiteáil lena mbaineann.

3. Reporting installation (an tsuiteáil is tuairisceoir): Ainm agus seoladh na suiteála is tuairisceoir.

4. Corresponding MBA (TMC comhfhreagrach): Cód an limistéir maischothromaíochta chomhfhreagraigh i gcás malartú oibleagáide laistigh den Aontas agus, más eol, i gcás malartú oibleagáide le suiteáil atá lonnaithe i dtríú tír.

5. Corresponding installation (an tsuiteáil chomhfhreagrach): Ainm agus seoladh na suiteála comhfhreagraí.

6. Nuclear material weight (meáchan ábhair núicléach): Meáchan iomlán dúile na mbaisceanna uile a bhfuil baint acu leis an malartú oibleagáide.

7. Exchange date (dáta na malairte): An dáta a mholann an duine tuairiscithe chun an malartú oibleagáide a dhéanamh.

8. Request date (dáta na hiarrata): An dáta a dhéantar an iarraidh ar údarú a tharchur chuig an Coimisiún.

9. Report type (an cineál tuarascála): OBLRQ a bheidh le húsáid leis an gcineál tuarascála seo.

10. Reporting person (Tuairisceoir): Ainm an duine atá freagrach as an tuarascáil.

11. Report number (uimhir na tuarascála): Uimhir sheicheamhach (gan bhearnaí) don iarraidh ar údarú.

12. Justification (réasúnú): Réasúnú mionsonraithe leis an ngá atá leis an malartú oibleagáide.

13. Line number (uimhir na líne): Uimhir sheicheamhach ag tosú le 1, gan aon bhearna.

14. MBA (TMC): TMC ina bhfuil an bhaisc lonnaithe (TMC is tuairisceoir nó TMC comhfhreagrach), le soláthar le haghaidh gach baisce a bhfuil baint acu leis an malartú oibleagáide.

15. Batch (baisc): Uimhir aitheantais le haghaidh na baisce a bhfuil baint aici leis an malartú oibleagáide. Féadfaidh an Coimisiún glacadh leis go soláthraítear uimhir aitheantais na baisce tar éis na chéad iarrata, ach roimh dháta comhaontaithe. Ní gá gur malartú earra ar earra a bheadh sa malartú.

16. Container ID (aitheantas coimeádáin): Aitheantóir uathúil don choimeádán. Féadfar an t-aitheantas coimeádáin céanna a úsáid le haghaidh roinnt baisceanna. Féadfaidh an Coimisiún glacadh leis go soláthrófaí an t-aitheantas coimeádáin tar éis na chéad iarrata, ach roimh dháta arna chomhaontú. Ní gá gur malartú earra ar earra a bheadh sa malartú.

17. Element weight (meáchan dúile): Tabharfar meáchan na dúile i ngraim. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce.

18. Fissile weight (meáchan ineamhnaithe): Meáchan an iseatóip/na n-iseatóp ineamhnaithe (maidir le húráiniam ísealsaibhrithe agus úráiniam ardsaibhrithe: tabharfar meáchan iseatóp U-233 agus iseatóp U-235) i ngraim. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce ina bhfuil úráiniam.

19. Element category (catagóir dúile): Catagóir na n-ábhar núicléach. Úsáid na gcód catagóire mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (25) den Rialachán seo.

20. Chemical composition (comhdhéanamh ceimiceach): Comhdhéanamh ceimiceach na mbaisceanna a bhfuil baint acu leis an malartú oibleagáide. Beidh an comhdhéanamh ceimiceach mar an gcéanna le haghaidh gach baisce a bhfuil baint acu leis an malartú.

21. Enrichment (saibhriú): comhdhéanamh úráiniam-235 de réir céatadáin. Cuirfear an fhaisnéis isteach le haghaidh gach baisce ina bhfuil úráiniam.

22. Isotopic composition (comhdhéanamh iseatópach): comhdhéanamh iseatópach na mbaisceanna ina bhfuil plútóiniam (meáchan Pu-238, Pu-239, Pu-240, Pu-241 agus Pu-242).

23. Material state (staid an ábhair): Ní mór na cóid seo a leanas a úsáid:

| Stát | Cód |
|---|---|
| Ábhar núicléach úr | F |
| Ábhar núicléach ionradaithe | I |
| Ábhar núicléach athphróiseáilte (gan a bheith infheidhme ach amháin maidir le húráiniam) | P |
| Dramhaíl | W |
| Ábhar do-aisghabhála | N |

24. Material form (foirm an ábhair): Foirm ábhartha na baisce, agus cóid d'fhoirm an ábhair á n-úsáid mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (14) a ghabhann leis an Rialachán seo. Beidh an fhoirm ábhartha mar an gcéanna le haghaidh gach baisce a bhfuil baint acu leis an malartú.

25. Number of items (líon na n-earraí): Líon na n-earraí a áirítear sa bhaisc.

26. Intended use (úsáid bheartaithe): An úsáid dá sanntar an t-ábhar núicléach tar éis na malairte oibleagáide.

27. Comment (barúil): Cuir aon fhaisnéis bhreise ábhartha san áireamh anseo.

POINTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA A THABHAIRT I gCRÍCH

1. Cuirfear an fhaisnéis uile arna hiarraidh ar fáil, nuair is infheidhme.

2. Má tá codáin d'aonaid sna sonraí uimhriúla, déanfar pointe a chur roimh na digití deachúla.

3. Féadfaidh na 55 charachtar seo a leanas a úsáid: na 26 cheannlitir A go Z, na figiúirí 0 go 9 agus na carachtair 'móide', 'lúide', 'slais', 'réiltín', 'spás', 'cothrom le', 'níos mó ná', 'níos lú ná', 'pointe', 'camóg', 'lúibín oscailte', 'lúibín dúnta', 'idirstad', 'dollar', 'faoin gcéad', 'comhartha athfhriotail', 'leathstad', 'comhartha ceiste' agus 'amparsan'.

4. Faoi Airteagal 79 den Chonradh, cuirfidh siad siúd a bheidh faoi réir ceanglais coimircí in iúl d'údaráis an Bhallstáit lena mbaineann aon chumarsáid a bhí acu leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 78 agus na chéad mhíre d'Airteagal 79 den Chonradh.

5. Déanfar na tuarascálacha, arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí (go digiteach más féidir), a chur ar aghaidh chuig an Coimisiún Eorpach, Coimircí Euratom.